ÚBE/GL/2022/09

ESMA35-42-1470

21/07/2022

# Treoirlínte

## maidir leis na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna athbhreithnithe don phróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) faoi Threoir (AE) 2019/2034

# Teideal 1 Forálacha ginearálta

## 1.1 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

### Stádas na dtreoirlínte seo

1. Cuimsítear sa doiciméad seo treoirlínte a eisíodh de bhua Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1] agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010[2]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus do ghnólachtaí infheistíochta gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE agus ESMA maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, a bhfuil feidhm ag na treoirlínte maidir leo, comhlíonadh a áirithiú trí na Treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar ghnólachtaí infheistíochta.

### Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 19.06.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2022/09 – ESMA35-42-1470' a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás iomchuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 84–119).

## 1.2 Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

### Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte seo na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna d'fheidhmiú an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) dá dtagraítear dó in Airteagal 36 agus Airteagal 45 de Threoir (AE) 2019/2034[3] agus na próisis agus na gníomhaíochtaí atá le cur i bhfeidhm trí thagairt d'Airteagal 39, 40, 41 agus 42 den Treoir sin.

### Raon feidhme

6. Baineann na treoirlínte seo le próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) na ngnólachtaí infheistíochta mar atá sainmhínithe i Airteagal 36 - Airteagal 45 de Threoir (AE) 2019/2034.

7. Ba cheart d'údaráis inniúla na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm ag an leibhéal comhdhlúthúcháin is airde agus is féidir de réir leibhéal chur i bhfeidhm cheanglais Chuid a hAon, Teideal II de Rialachán (AE) 2019/2033. Maidir le máthairghnóthais agus máthairchuideachtaí atá san áireamh sa chomhdhlúthú, ba cheart d'údaráis inniúla doimhneacht agus leibhéal gráinneachta a gcuid measúnuithe a choigeartú ionas go mbeidh sé ag teacht lena leibhéal cur i bhfeidhm.

8. Sa chás go bhfuil fochuideachta ag gnólacht infheistíochta sa Bhallstát céanna, féadfar cur chuige comhréireach a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht chaipitil agus leachtachta trí dhíriú ar an measúnú ar leithdháileadh caipitil agus leachtachta ar fud na n-eintiteas agus baic ionchasacha ar inaistritheacht caipitil nó leachtachta laistigh den ghrúpa.

9. I gcás grúpaí gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear grúpaí a bhfuil gnóthais bunaithe i dtríú tíortha acu, ba cheart ceanglais nós imeachta a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe laistigh de chreat choláistí na maoirseoirí bunaithe de bhua Airteagal 48 de Threoir (AE) 2019/2034. Mínítear i dTeideal 11 na sonraí faoin gcaoi a mbaineann na treoirlínte seo le grúpaí trasteorann agus lena n-eintitis.

### Seolaithe

10. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2), pointe (viii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

---

[3] Treoir (EU) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch 64).

## Sainmhínithe

11. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/2033[4], Treoir (AE) 2019/2034 nó Treoir 2014/59/EU[5]. Chun críocha na dtreoirlínte, tá na sainmhínithe seo a leanas i bhfeidhm:

    Ciallaíonn 'maoirseoir AML/CFT' údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Threoir (AE) 2015/849 gnólachtaí infheistíochta.

    Ciallaíonn 'riosca iompair' an riosca reatha nó ionchasach maidir le caillteanas do ghnólacht infheistíochta a eascraíonn as cásanna de mhí-iompar toiliúil nó faillíoch, lena n-áirítear soláthar míchuí seirbhísí airgeadais.

    Ciallaíonn 'Próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil agus próiseas inmheánach measúnaithe riosca (ICARAP)' na socruithe, straitéisí agus próisis dá dtagraítear dóibh in Airteagal 24 de Threoir (AE) 2019/2034, ar féidir iad a roinnt mar seo a leanas:

        'Próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil (ICAAP)' a chiallaíonn socruithe, straitéisí agus próisis chun measúnú agus cothabháil a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar mhéideanna, cineálacha agus dáileadh an chaipitil inmheánaigh a mheasann na gnólachtaí infheistíochta atá oiriúnach do chineál agus do leibhéal an riosca a d'fhéadfaidís a chruthú do dhaoine eile agus a bhfuil gnólachtaí infheistíochta neamhchosanta orthu nó a d'fhéadfaidís a bheith neamhchosanta orthu; agus

        'Próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht leachtachta (ILAAP)' a chiallaíonn socruithe, straitéisí agus próisis chun measúnú agus cothabháil a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar mhéideanna, cineálacha agus dáileadh na sócmhainní leachtacha a mheasann na gnólachtaí infheistíochta atá oiriúnach do chineál agus do leibhéal an riosca a d'fhéadfaidís a chruthú do dhaoine eile agus a bhfuil gnólachtaí infheistíochta neamhchosanta orthu nó a d'fhéadfaidís a bheith neamhchosanta orthu.

    Ciallaíonn 'riosca an ráta úis' (IRR) an riosca reatha nó ionchasach do thuilleamh agus do chistí dílse an ghnólachta infheistíochta a eascraíonn as gluaiseachtaí díobhálacha rátaí úis.

    Ciallaíonn 'leachtacht ionlae' na cistí is féidir a rochtain i rith an lae gnó chun an gnólacht infheistíochta a chumasú chun íocaíochtaí a dhéanamh i bhfíor-am.

---

[4] Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais stuamachta gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

[5] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190)

Ciallaíonn 'riosca leachtachta ionlae' an riosca reatha nó ionchasach go dteipfidh ar an ngnólacht infheistíochta a riachtanais leachtachta ionlae a bhainistiú go héifeachtach.

Ciallaíonn 'riosca teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC)' an riosca caillteanais de bharr sárú rúndachta, teip sláine córas agus sonraí, mí-oiriúnacht nó neamh-infhaighteacht córas agus sonraí nó neamhábaltacht TF a athrú laistigh de thréimhse réasúnta ama agus costas nuair a athraíonn na riachtanais timpeallachta nó ghnó (i.e. solúbthacht).

Ciallaíonn 'ceanglas macrastuamachta' nó 'beart' ceanglas nó beart arna fhorchur ag údarás inniúil nó údarás ainmnithe chun aghaidh a thabhairt ar riosca macrastuamachta nó sistéamach.

Ciallaíonn 'maoirseoir margaidh' údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2014/65/AE a bheith á gcomhlíonadh ag gnólachtaí infheistíochta[6].

Ciallaíonn "riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF)" an riosca mar a shainmhínítear é i dTreoirlínte an ÚBE um Maoirseacht ar fhachtóirí riosca ML/TF[7].

Ciallaíonn 'measúnú foriomlán SREP' an measúnú cothrom le dáta ar inmharthanacht fhoriomlán gnólacht infheistíochta bunaithe ar mheasúnú ar ghnéithe SREP.

Ciallaíonn 'scór foriomlán SREP' táscaire uimhriúil an riosca fhoriomláin d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar mheasúnú foriomlán SREP.

Ciallaíonn 'Treoir Cholún 2 (P2G)' leibhéal agus cáilíocht na gcistí dílse a mheastar a bheidh ag an ngnólacht infheistíochta de bhreis ar a ceanglais féin maidir le cistí dílse, arna gcinneadh de réir Airteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034.

Ciallaíonn 'ceanglas Cholún 2 (P2R)' nó 'ceanglas maidir le cistí dílse breise' an ceanglas maidir le cistí dílse breise forchurtha de réir Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/2034.

Ciallaíonn 'riosca do chlú' an riosca reatha nó ionchasach do thuilleamh, cistí dílse nó leachtacht an ghnólachta infheistíochta a eascraíonn as damáiste do chlú an ghnólachta infheistíochta.

Ciallaíonn 'inghlacthacht riosca' an leibhéal comhiomlán agus na cineálacha riosca a bhfuil an ghnólacht infheistíochta toilteanach glacadh leo laistigh dá hacmhainn riosca, i gcomhréir lena samhail ghnó, chun a cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.

Ciallaíonn 'scór riosca' an slonn uimhriúil lena ndéantar achoimre ar an measúnú maoirseachta ar riosca aonair i leith caipitil, leachtachta agus maoinithe arb ionann é agus

---

[6] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch 349).

[7] Treoirlínte an ÚBE maidir le dícheall cuí don chustaiméir agus na fachtóirí ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Na Treoirlínte maidir le Fachtóirí Riosca ML/TF') faoi Airteagal 17 agus Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849 (ÚBE/GL/2021/02)

an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ag riosca ar an ngnólacht infheistíochta tar éis bainistíocht riosca agus rialuithe a bhreithniú agus roimh bhreithniú a dhéanamh ar chumas an ghnólachta infheistíochta an riosca a mhaolú trí acmhainní caipitil nó leachtachta atá ar fáil.

Ciallaíonn 'rioscaí do chaipiteal' rioscaí ar leith a mbeidh tionchar suntasach stuamachta acu ar chistí dílse an ghnólachta infheistíochta sa chéad 12 mhí eile, má thagann siad chun cinn. Cuimsítear ina measc ach níl siad teoranta do rioscaí a chlúdaítear in Airteagal 29 go dtí Airteagal 36 de Threoir 2013/2019/AE, ach níl siad teoranta dóibh sin.

Ciallaíonn 'rioscaí leachtachta agus maoinithe' rioscaí ar leith a mbeidh tionchar suntasach stuamachta acu ar leachtacht an ghnólachta infheistíochta thar thréimhsí ama éagsúla, má thagann siad chun cinn.

Ciallaíonn 'gné SREP' ceann amháin acu seo a leanas: anailís ar shamhail ghnó, measúnú ar rialachas inmheánach agus rialuithe riosca ar fud an ghnólachta, measúnú ar rioscaí do chaipiteal, measúnú caipitil SREP, measúnú ar rioscaí do leachtacht agus maoiniú nó measúnú leachtachta SREP.

Ciallaíonn 'tagarmharcanna maoirseachta' uirlisí cainníochtúla a bhaineann go sonrach le riosca arna bhforbairt ag an údarás inniúil chun meastachán a sholáthar maidir leis na cistí dílse a theastaíonn chun rioscaí nó gnéithe de rioscaí nach gclúdaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.

Ciallaíonn 'scór inmharthanachta' an slonn uimhriúil a dhéanann achoimre ar an measúnú maoirseachta ar ghné SREP agus a léiríonn an riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta a eascraíonn as an ngné SREP a ndéantar measúnú air.

## 1.3 Cur chun feidhme

### Dáta an chuir i bhfeidhm

12. Beidh feidhm leis an treoirlínte seo ar an 19.06.2023.

13. Tá feidhm leis na treoirlínte seo láithreach i ndáil leis na cleachtaí SREP a tionscnaíodh in 2023.

# Teideal 2 An SREP comhchoiteann

## 2.1 Forbhreathnú ar chreat comhchoiteann SREP

14. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gclúdaíonn n SREP gnólacht infheistíochta na comhpháirteanna seo a leanas:

   a. catagóiriú an ghnólachta infheistíochta agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an gcatagóir seo;
   b. monatóireacht ar phríomhtháscairí;
   c. anailís ar shamhail ghnó (BMA);
   d. measúnú ar rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud an ghnólachta;
   e. measúnú ar rioscaí do chaipiteal;
   f. measúnú ar rioscaí do leachtacht;
   g. measúnú ar leordhóthanacht chistí dílse an ghnólachta infheistíochta;
   h. measúnú ar leordhóthanacht acmhainní leachtachta an ghnólachta infheistíochta;
   i. measúnú foriomlán SREP; agus
   j. bearta maoirseachta (agus bearta luath-idirghabhála, nuair is gá).

### 2.1.1 Catagóiriú gnólachtaí infheistíochta

15. Ba cheart d'údaráis inniúla gach gnólacht infheistíochta a bhfuil an t-athbhreithniú agus meastóireacht maoirseachta dá dtagraítear dóibh in Airteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034 le cur i gcrích a chatagóiriú i gceann amháin de na catagóirí seo leanas:

   - Catagóir 1 – gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh acu:
      i. tá luach na sócmhainní iomlána agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe cothrom le nó níos mó ná EUR 1 bhilliún; nó
      ii. tá luach na sócmhainní iomlána agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe cothrom le nó níos mó ná EUR 250 milliún agus cuireann siad gníomhaíochtaí dá dtagraítear dóibh i bpointe (3) nó pointe (6) de Rannóg A d'Iarscríbhinn I le Treoir 2014/65/AE i gcrích[8]; nó

[8] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch 349).

iii. glactar leis go bhfuil siad suntasach bunaithe ar bhreithiúnas maoirseachta an údaráis inniúil.

- Catagóir 2 – tá luach na sócmhainní iomlána agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe cothrom le nó níos lú ná EUR 1 bhilliún agus cothrom le nó níos mó ná EUR 250 milliún, agus ní chuireann siad gníomhaíochtaí dá dtagraítear dóibh i bpointe (3) nó pointe (6) de Rannóg A d'Iarscríbhinn I le Treoir 2014/65/AE i gcrích.
- Catagóir 3 – gnólachtaí infheistíochta a bhfuil luach a sócmhainní iomlána agus neamhchosaint lasmuigh den chlár comhardaithe cothrom le níos lú ná EUR 250 milliún agus nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh gnólacht infheistíochta beag agus neamh-idirnasctha atá sonraithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
- Tá eolas maidir le gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha le fáil in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

16. Ba cheart do na húdaráis inniúla an catagóiriú seo a úsáid mar bhonn chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm, mar atá sonraithe i Rannóg 2.4, agus ní mar mhodh chun cáilíocht gnólacht infheistíochta a léiriú.

17. I measc catagóirí 1 go 3, féadfaidh údaráis inniúla gnólacht infheistíochta a chatagóiriú cás ar chás i gcatagóir atá céim amháin níos airde nó níos ísle ar an liosta i gcomparáid leis na critéir atá liostaithe i mír 15. Chun na críche seo, breithneoidh údaráis inniúla gnéithe cosúil le scála agus castacht oibríochtaí, scála na ngníomhaíochtaí trádála, an méid airgid de chuid cliant atá ina seilbh, próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus aon ghnéithe ábhartha eile. Sa chás go ndéantar a leithéid d'athaicmiú, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag údaráis inniúla dóthain aonchineálachta agus inchomparáideachta idir gnólachtaí infheistíochta sa chatagóir chéanna a áirithiú.

18. Ba cheart d'údaráis inniúla an catagóiriú a bhunú ar shonraí tuairiscithe maoirseachta agus ar fhaisnéis a fhaightear ón réamhanailís ar an tsamhail ghnó (féach Rannóg 4.2). Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcatagóiriú seo gach bliain nó sa chás go dtugtar athrú suntasach ar ghníomhaíochtaí faoi deara. Sa chás go mbíonn athrú catagóire le haghaidh gnólacht infheistíochta i gceist ba cheart an bhliain deiridh ar cuireadh timthriall SREP i gcrích ina hiomláine a chur san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis an amlíne don chéad mheasúnú eile a dhéanfar ar ghnéithe SREP.

### 2.1.2 Measúnú leanúnach ar rioscaí

19. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh an ghnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

    a. faireachán ar phríomhtháscairí mar atá sonraithe i dTeideal 3;

    b. anailís ar shamhail ghnó mar atá sonraithe i dTeideal 4;

c. measúnú ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe ar fud an ghnólachta mar atá sonraithe i dTeideal 5;

d. measúnú ar rioscaí do chaipiteal mar atá sonraithe i dTeideal 6; agus

e. measúnú ar rioscaí do leachtacht mar atá sonraithe i dTeideal 8.

20. Ba cheart na measúnuithe a dhéanamh de réir na gcritéar comhréireachta atá sonraithe i Rannóg 2.4. Ba cheart na measúnuithe a athbhreithniú i bhfianaise aon fhaisnéis nua atá ar fáil.

21. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil torthaí na measúnuithe a leagtar amach thuas:

a. doiciméadaithe go soiléir in achoimre ar thorthaí;

b. léirithe i scór a shanntar de réir na treorach sonraí a sholáthraítear i dteideal gné-shonrach na dtreoirlínte seo;

c. ag tacú le measúnuithe ar ghnéithe eile nó mar bhonn le himscrúdú domhain a spreagadh ar neamhréireachtaí idir na measúnuithe ar na gnéithe sin;

d. cabhrú le measúnú agus scór foriomlán SREP; agus

e. bearta maoirseachta a bheith mar thoradh orthu, i gcás inarb iomchuí, agus a bheith mar bhonn leis na cinntí a rinneadh i ndáil leis na bearta sin.

### 2.1.3 Measúnú tréimhsiúil ar leordhóthanacht chaipitil agus leachtachta

22. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht chistí dílse agus leachtacht an ghnólachta infheistíochta chun clúdach fónta a sholáthar ar na rioscaí a bhfuil an ghnólacht infheistíochta neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an ghnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu trí na measúnuithe seo a leanas:

a. measúnú caipitil SREP mar atá sonraithe i dTeideal 7; agus

b. measúnú leachtachta SREP mar atá sonraithe i dTeideal 9.

23. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnuithe tréimhsiúla a dheanamh agus na critéir íosta rannpháirtíochta agus comhréireachta atá sonraithe i Rannóg 2.4 a chur san áireamh. Féadfaidh údaráis inniúla measúnuithe a dhéanamh níos minice ná sin. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú i bhfianaise torthaí ábhartha nua a bheith ar fáil ón measúnú riosca i gcás ina gcinnfidh na húdaráis inniúla go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag na torthaí ar chistí dílse agus/nó acmhainní leachtachta an ghnólachta infheistíochta.

24. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéanfaidh torthaí na measúnuithe an méid seo a leanas:

a. beidh siad doiciméadaithe go soiléir in achoimre;

b. beidh siad léirithe sa scór a shanntar do leordhóthanacht chaipitil agus do leordhóthanacht leachtachta an ghnólachta infheistíochta, de réir na treorach a cuireadh ar fáil sa teideal gné-shonrach;

c. cabhrú le measúnú agus scór foriomlán SREP; agus

d. a chur san áireamh agus bonn eolais a sholáthar don cheanglas maoirseachta atá ar an ngnólacht infheistíochta cistí dílse agus/nó acmhainní leachtachta sa bhreis ar na híoscheanglais a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 2019/2013 a shealbhú, de réir mar is iomchuí.

### 2.1.4 Measúnú foriomlán SREP

25. Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú leanúnach a dhéanamh ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus ar a hinmharthanacht tríd an measúnú foriomlán SREP mar shonraítear i dTeideal 10. Trí mheasúnú foriomlán SREP, ba cheart d’údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhféadfadh rioscaí a bheith ina gcúis le teip an ghnólachta infheistíochta i bhfianaise leordhóthanacht a cistí dílse agus a hacmhainní leachtachta, rialachas inmheánach, rialuithe agus/nó samhail nó straitéis ghnó, agus bunaithe air sin, an gá atá le bearta luath-idirghabhála a ghlacadh, agus/nó cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir a mheas an bhfuil ag teip ar an ngnólacht infheistíochta nó an dócha go dteipfidh ar an ngnólacht infheistíochta.

26. Ba cheart an measúnú a athbhreithniú go leanúnach i bhfianaise thorthaí na measúnuithe riosca nó i bhfianaise thoradh na measúnuithe ar chaipiteal SREP agus ar leachtacht SREP.

27. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéanfaidh torthaí an mheasúnuithe an méid seo a leanas:

   a. léireofar iad sa scór a shanntar d’inmharthanacht fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta, de réir na dtreoracha a sholáthraítear i dTeideal 10;

   b. tá siad doiciméadaithe go soiléir in achoimre ar mheasúnú foriomlán SREP a áirítear ann na scóir SREP a sannadh (scóir iomlána agus do ghnéithe aonair) agus aon torthaí maoirseachta a rinneadh ó cuireadh an measúnú deiridh i gcrích; agus

   c. a bheith mar bhonn don chinneadh maoirseachta maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir a chinneadh go bhfuil gnólacht infheistíochta ‘ag teip nó an dócha go dteipfidh uirthi’; maidir le gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir Threoir 2014/59/AE ba cheart an cinneadh seo a dhéanamh de réir Airteagal 32 den Treoir sin, ag féachaint freisin do Threoirlínte ÚBE maidir le ‘ag teip nó i dócha go dteipfidh uirthi’[9].

### 2.1.5 Idirphlé le gnólachtaí infheistíochta, cur i bhfeidhm beart maoirseachta agus torthaí a roinnt

28. Bunaithe ar an tsamhail rannpháirtíochta íosta, mar atá sonraithe i Rannóg 2.4, ba cheart d’údaráis inniúla páirt a ghlacadh in idirphlé le gnólachtaí infheistíochta chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe aonair SREP, dá bhforáiltear dóibh sna teidil ghné-shonracha.

---

[9] Treoirlínte an ÚBE maidir le léirmhíniú na n-imthosca éagsúla ina mbreithneofar go bhfuil ag teip ar nó gur dócha go dteipfidh ar institiúid faoi Airteagal 32(6) de Threoir 2014/59/AE (ÚBE/GL/2015/07)

29. Bunaithe ar an measúnú foriomlán SREP agus ag cur leis na measúnuithe a rinneadh ar na gnéithe aonair SREP, ba cheart do na húdaráis inniúla bearta maoirseachta a ghlacadh mar atá sonraithe i dTeideal 10.

30. Sa chás gur léir ó thorthaí an fhaireacháin ar na príomhtháscairí, an measúnú ar ghnéithe SREP nó aon ghníomhaíocht mhaoirseachta eile gur cheart go mbeadh bearta maoirseachta á gcur i bhfeidhm chun déileáil le hábhair imní láithreacha, níor cheart d'údaráis inniúla fanacht go dtí go mbeidh an measúnú ar gach gné SREP curtha i gcrích agus níor cheart an measúnú foriomlán SREP a nuashonrú, ach ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta a theastaíonn chun an cás a bhfuil measúnú déanta air a chur ina cheart agus ansin leanúint ar aghaidh leis an measúnú foriomlán SREP a nuashonrú.

31. Mar atá sonraithe i Rannóg 2.4, ba cheart d'údaráis inniúla páirt a ghlacadh in idirphlé maidir le torthaí an mheasúnaithe fhoriomláin SREP, mar aon leis na bearta maoirseachta gaolmhara agus ba cheart eolas a roinnt leis an ngnólacht infheistíochta ag deireadh an phróisis maidir leis na ceanglais chaipitil agus leachtachta mar aon leis na bearta maoirseachta a bhfuil sí faoi oibleagáid iad a chomhlíonadh.

## 2.2 Scóráil in SREP

32. Ba cheart d'údaráis inniúla scóir riosca agus inmharthanachta a shannadh chun achoimre a dhéanamh ar thorthaí an mheasúnaithe ar chatagóirí agus ar ghnéithe riosca éagsúla i gcreat SREP.

33. Nuair a bheidh na catagóirí riosca aonair agus gnéithe SREP á meas, ba cheart go n-úsáidfeadh údaráis inniúla raon scór – 1 (riosca íseal), 2 (riosca meánach-íseal), 3 (riosca meánach-ard) agus 4 (riosca ard) – fianaise ar an dearcadh maoirseachta bunaithe ar na táblaí scórála ábhartha i ngach teideal gné-shonrach. Ba cheart d'údaráis inniúla na 'breithniúcháin' tionlacain atá le fáil sna táblaí seo a úsáid mar threoir chun tacú leis an mbreithiúnas maoirseachta (i.e. ní gá go gcomhlíonfadh an ghnólacht infheistíochta na 'breithniúcháin' go léir atá nasctha le scór '1' chun scór '1' a bhaint amach'), agus/nó iad a fhorbairt tuilleadh nó breithniúcháin bhreise a chur leis. Ba cheart d'údaráis inniúla scór '4' a shannadh chun an measúnú is measa is féidir a léiriú (i.e. fiú má tá staid an ghnólachta infheistíochta níos measa ná mar a shamhlaítear sna 'breithniúcháin' do scór '4', ba cheart scór '4' a shannadh fós).

34. Nuair a bheidh na treoirlínte á gcur chun feidhme acu, féadfaidh údaráis inniúla scóráil níos gráinní a úsáid le haghaidh cuspóirí inmheánacha, cosúil le pleanáil acmhainní, ar an gcoinníoll go n-urramófar an creat scórála foriomlán a leagtar amach sna treoirlínte seo.

35. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar gach scór, ar a laghad de réir na minicíochta atá sainmhínithe i Rannóg 2.4 agus gan aon mhoill mhíchuí bunaithe ar thorthaí nó forbairtí ábhartha nua.

### 2.2.1 Scóir riosca

36. Ba cheart d'údaráis inniúla scóir riosca a shannadh do rioscaí aonair do chaipiteal de réir na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 6, agus scóir do rioscaí do leachtacht agus do mhaoiniú de réir

na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 8. Is ionann na scóir seo agus an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ag riosca ar an ngnólacht infheistíochta, tar éis breithniú a dhéanamh ar cháilíocht na rialuithe riosca chun an tionchar sin a mhaolú (i.e. riosca iarmharach), ach sula mbreithneofar cumas an ghnólachta infheistíochta an riosca a mhaolú trí acmhainní caipitil nó leachtachta atá ar fáil.

37. Ba cheart d'údaráis inniúla an scór riosca a chinneadh go príomha trí mheasúnú a dhéanamh ar an riosca bunúsach, ach ba cheart go mbeadh breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe riosca á léiriú freisin. Go háirithe, d'fhéadfadh leorgacht na bainistíochta agus na rialuithe an riosca a bhaineann le tionchar suntasach stuamachta a laghdú nó – i gcásanna áirithe – a mhéadú (i.e. d'fhéadfadh breithniúcháin a bhaineann le riosca bunúsach gannmheastacháin nó ró-mheastachán a dhéanamh ar an leibhéal riosca ag brath ar leordhóthanacht na bainistíochta agus na rialuithe).

38. Nuair a bheidh na treoirlínte seo á gcur chun feidhme, d'fhéadfadh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leibhéil an riosca bhunúsaigh agus caighdeán na bainistíochta agus na rialuithe riosca ina n-aonar (a bheidh mar bhonn le scóir idirmheánacha agus ghlana) nó scóir chomhiomlána (nach mbeidh ach glanscóir riosca dá mbarr). Féadfaidh údaráis inniúla modheolaíochtaí comhiomlánaithe a bhunú freisin chun rioscaí aonair a chomhiomlánú do scóir chaipitil agus leachtachta agus mhaoinithe.

### 2.2.2 Scóir inmharthanachta

39. Ba cheart d'údaráis inniúla scóir ar leith a shannadh chun achoimre a dhéanamh ar an leibhéal riosca a bhaineann le hinmharthanacht an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe ar na ceithre ghné SREP:

   a. samhail agus straitéis ghnó, de réir na gcritéar a shonraítear i dTeideal 4;

   b. rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud an ghnólachta, de réir na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 5;

   c. leordhóthanacht chaipitil, de réir na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 7; agus

   d. leordhóthanacht leachtachta, de réir na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 9.

40. Maidir le leordhóthanacht chaipitil agus leordhóthanacht leachtachta, is ionann na scóir seo agus tuairim mhaoirseachta ar chumas acmhainní caipitil agus leachtachta an ghnólachta infheistíochta rioscaí aonair do chaipiteal agus leachtacht a mhaolú/a chlúdach, mar atá sonraithe i dTeideal 6 agus i dTeideal 8.

41. Ba cheart d'údaráis inniúla scór foriomlán SREP a shannadh freisin de réir na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 10. Ba cheart an scór seo a shannadh bunaithe ar bhreithiúnas maoirseachta agus ba cheart go léireodh sé an dearcadh maoirseachta ar inmharthanacht fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta.

42. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go mbaintear na cuspóirí seo a leanas amach trí scóráil na samhla gnó, an rialachas inmheánach agus na rialuithe, leordhóthanacht chaipitil, leordhóthanacht leachtachta agus scór foriomlán SREP:

a. léirítear an dóchúlacht go bhféadfadh gá a bheith le bearta maoirseachta chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní de réir na gcritéar atá sonraithe i dTeideal 10;

b. feidhmítear mar thruicear don chinneadh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil bearta luath-idirghabhála le cur i bhfeidhm de réir Threoirlínte an ÚBE maidir le truicir chun bearta luath-idirghabhála a úsáid; agus

c. cabhrú le beartú tosaíochta agus pleanáil acmhainní maoirseachta agus tosaíochtaí a shonrú.

43. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go soláthraíonn an scór foriomlán SREP a sannadh bunaithe ar thuairim chomhiomlán na mbagairtí ó ghnéithe SREP léargas ar inmharthanacht fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an ghnólacht infheistíochta 'ag teip nó an dócha go dteipfidh uirthi';

44. Sa chás go dtugann toradh an mheasúnaithe fhoriomláin SREP le fios gur féidir glacadh leis go bhfuil gnólacht infheistíochta 'ag teip nó gur dócha go dteipfidh uirthi', ba cheart d'údaráis inniúla an scór 'F' a úsáid agus, más cuí, leanúint leis an bpróiseas a bhaineann le cúrsaí a phlé le húdaráis réitigh mar atá sonraithe in Airteagal 32 de Threoir 2014/59/AE.

## 2.3 Socruithe eagraíochtúla

45. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú, chun an SREP a reáchtáil, go gcuimseofar an méid seo a leanas ar a laghad ina socruithe eagraíochtúla:

a. tuairisc ar róil agus ar fhreagrachtaí a bhfoirne maoirseachta maidir leis an SREP a reáchtáil, mar aon leis na línte tuairiscithe ábhartha, i ngnáthchúinsí agus i gcúinsí éigeandála araon;

b. socruithe chun cúrsaí a phlé le maoirseoirí ábhartha eile chun a dtuairimí a lorg agus ionchur ábhartha maidir le ceisteanna sonracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thorthaí nó scóir SREP chun dúbailt oibre a sheachaint agus chun comhsheasmhacht an mheasúnaithe agus na mbeart maoirseachta gaolmhar a áirithiú;

c. nósanna imeachta chun torthaí agus breithiúnais mhaoirseachta a dhoiciméadú agus a thaifeadadh;

d. socruithe chun na torthaí agus na scóir a fhormheas, chomh maith le nósanna imeachta géaraithe sa chás go bhfuil tuairimí easaontacha le tabhairt faoi deara laistigh den údarás inniúil, i ngnáthchúinsí agus i gcúinsí éigeandála araon;

e. socruithe maidir le hidirphlé a eagrú leis an ngnólacht infheistíochta de na samhla rannpháirtíochta íosta mar atá sonraithe i Rannóg 2.4 chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe aonair SREP; agus

f. socruithe do chomhairliúcháin le gnólacht infheistíochta agus torthaí SREP a roinnt leis an ngnólacht infheistíochta.

46. Nuair a bhíonn socruithe le haghaidh idirphlé le gnólachtaí infheistíochta á sainiú, ba cheart d'údaráis inniúla na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le scóir a sholáthar do na gnólachtaí infheistíochta i dtéarmaí a n-oibleagáidí nochta de bhua cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 596/2014[10] agus Threoir 2014/57/AE[11] agus Threoir 2004/109/CE[12] a mheas.

## 2.4 Comhréireacht agus rannpháirtíocht mhaoirseachta

47. Ba cheart d'údaráis inniúla prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm maidir le raon feidhme, minicíocht agus déine na rannpháirtíochta maoirseachta agus an t-idirphlé le gnólacht infheistíochta agus ionchais mhaoirseachta na gcaighdeán ar cheart don ghnólacht infheistíocht é a chomhlíonadh, de réir chatagóir an ghnólachta infheistíochta a bhfuil cur síos déanta uirthi i dTábla 2 thíos.

48. Maidir le minicíocht ghné na rannpháirtíochta maoirseachta den chomhréireacht, nuair a bhíonn gníomhaíochtaí SPRE á bpleanáil, ba cheart d'údaráis inniúla cloí le samhail íosleibhéil rannpháirtíochta, mar atá sonraithe sna fo-chaibidlí seo agus leanas agus i dTábla 2.

49. Sa chás go gcinneann údaráis inniúla go bhfuil próifílí riosca comhchosúla ag gnólachtaí infheistíochta, féadfaidh siad measúnuithe téamacha SREP a dhéanamh ar roinnt gnólachtaí infheistíochta éagsúla ó mheasúnú aonair (féadfar BMA a dhéanamh ar gach gnólacht infheistíochta beag a fhaigheann agus a dhéanann orduithe a bhaineann le líon beag aicmí sócmhainní, ar an mbonn gur dócha go sainaithneofar na saincheisteanna céanna maidir le hinmharthanacht gnó le haghaidh na ngnólachtaí infheistíochta go léir). Chomh maith leis sin, féadfaidh údaráis inniúla modheolaíochtaí saincheaptha a úsáid chun SREP a chur i bhfeidhm do ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil próifílí riosca comhchosúla acu.

50. Maidir le gnólachtaí infheistíochta a bhfuil scór foriomlán SREP de 4 acu, gnólachtaí infheistíochta a bhfuil scór foriomlán SREP de 3 acu, bunaithe ar na torthaí ó mheasúnuithe a rinneadh roimhe sin ar ghnéithe SREP, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal breise rannpháirtíochta, cás inar cheart go mbeadh gá le níos mó acmhainní maoirseachta fairsinge agus minicíocht níos airde measúnaithe (ar bhonn sealadach ar a laghad), beag beann ar an gcatagóir ina bhfuil an ghnólacht infheistíochta. Ag féachaint do mhinicíocht íosta an mheasúnaithe ar gach gné SREP atá sonraithe sna fo-chaibidlí ina dhaidh seo agus i dTábla 2, d'fhéadfaí go gclúdófaí sna measúnuithe níos minice gnéithe sonracha SREP

[10] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch 1).

[11] Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an treoir maidir le drochúsáid mhargaidh) (IO L 173, 12.6.2014, lch 179).

[12] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a gceadaítear dóibh a gcuid urrús a thrádáil ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch 38).

sa chás nach mór aird ar leith a dhíriú mar gheall ar riosca níos airde nó an measúnú iomlán SREP.

51. Beag beann ar an méid ama atá caite ó rinneadh an SREP deiridh, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú nua a dhéanamh má tá ceann amháin ar a laghad de na cásanna seo i ndiaidh tarlú:

    a. nuair a bhíonn faireachán á dhéanamh ar na príomhtháscairí, tugtar athrú suntasach faoi deara i gcomparáid le dáta tagartha an mheasúnaithe deiridh a rinneadh ar gach gné SREP;

    b. tá faisnéis phoiblí dhiúltach á scaipeadh maidir leis an ngnólacht infheistíochta a thugann le fios go bhfuil riosca suntasach féideartha ann (i gcomhthéacs riosca do chlú, riosca iompair, slándáil TF);

    c. tá cúiseanna eile ag údaráis inniúla le creidiúint go bhfuil athrú suntasach tagtha ar shamhail ghnó nó próifíl riosca an ghnólacht infheistíochta ó dháta tagartha an mheasúnaithe deiridh a rinneadh ar gach gné SREP.

52. Nuair a bhíonn gníomhaíochtaí SREP á bpleanáil, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a chomhordú le páirtithe eile a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu leis an measúnú, go háirithe nuair is gá ionchur ón ngnólacht infheistíochta agus/nó ó údaráis inniúla eile a bhfuil baint acu le maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpaí trasteorann mar atá sonraithe i dTeideal 11.

53. Chomh fada is a bhaineann le raon feidhme na comhréireachta, nuair a bhíonn an SREP á reáchtáil trí na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm, ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh nach bhfuil na gnéithe difriúla, gnéithe modheolaíocha agus comhpháirteanna measúnaithe atá sonraithe i dTeideal 4, 5, 6 agus 8 chomh hábhartha céanna i gcás gach gnólacht infheistíochta. Ba cheart d'údaráis inniúla, más cuí, leibhéil ghráinneachta éagsúla a chur i bhfeidhm ar an measúnú ag brath ar an gcatagóir a bhfuil an gnólacht infheistíochta sannta di agus ar bhealach atá oiriúnach do mhéid agus do shamhail ghnó an ghnólachta infheistíochta, agus nádúr, scála agus castacht na ngníomhaíochtaí.

54. Nuair a bhíonn gach measúnú ar na gnéithe SREP ar fad curtha i gcrích, féadfaidh údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe fhoriomláin SREP a roinnt leis an ngnólacht infheistíochta agus ba cheart dóibh an méid seo a leanas a sholáthar:

    a. ceanglaítear go mbeidh níos mó ná na ceanglais atá sonraithe i gCuid a Dó, Trí agus Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033 de réir Airteagal 39(2)(a) de Threoir (AE) 2019/2034 luaite i ráiteas maidir le cainníocht agus comhdhéanamh chistí dílse an ghnólachta infheistíochta;

    b. ráiteas maidir le cainníocht agus comhdhéanamh chistí dílse an ghnólachta infheistíocht de réir Airteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034;

    c. ráiteas maidir leis an leachtacht atá sealbhaithe agus aon cheanglais leachtachta shonracha atá sonraithe ag na húdaráis inniúla de réir Airteagal 42 de Threoir (AE) 2019/2034;

d. ráiteas maidir le bearta maoirseachta eile atá beartaithe ag an údarás inniúil a dhéanamh.

### 2.4.1 Catagóir 1 gnólachtaí infheistíochta

55. D'fhonn minicíocht iomchuí na ngníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le SREP do ghnólachtaí infheistíochta chatagóir 1 a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla:

    a. faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí ar bhonn ráithiúil;

    b. na measúnuithe ar na gnéithe aonair uile de chuid SREP a nuashonrú uair amháin gach dhá bhliain ar a laghad;

    c. rannpháirtíocht agus idirphlé leanúnach a chinntiú le comhlacht bainistíocht agus foireann bhainistíochta shinsearach an ghnólachta infheistíochta.

### 2.4.2 Catagóir 2 gnólachtaí infheistíochta

56. D'fhonn minicíocht iomchuí na ngníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le SREP do ghnólachtaí infheistíochta chatagóir 2 a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla:

    a. faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí ar bhonn ráithiúil;

    b. na measúnuithe ar na gnéithe aonair uile de chuid SREP a nuashonrú gach trí bliana ar a laghad;

    c. rannpháirtíocht le comhlacht bainistíochta agus foireann bhainistíochta shinsearach an ghnólachta infheistíochta ar a laghad ag an minicíocht chéanna leis an measúnú ar gach gné SREP.

### 2.4.3 Catagóir 3 gnólachtaí infheistíochta

57. D'fhonn minicíocht iomchuí na ngníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le SREP do ghnólachtaí infheistíochta chatagóir 3 a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla:

    a. faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí ar bhonn ráithiúil;

    b. an measúnú ar gach gné SREP a dhéanamh i bhfianaise faisnéise ábhartha nua a thagann chun cinn maidir leis an riosca cuí, agus a áirithiú go bhfuil raon feidhme agus doimhneacht an athbhreithnithe curtha in oiriúint do phróifíl riosca sonrach an ghnólachta infheistíochta;

    c. rannpháirtíocht le comhlacht bainistíochta agus foireann bhainistíochta shinsearach an ghnólachta infheistíochta ar a laghad ag an minicíocht chéanna leis an measúnú ar gach gné SREP.

    Más cuí, féadfaidh údaráis inniúla minicíochtaí íosta rialta a shainiú don mheasúnú ar gach gné SREP le haghaidh na ngnólachtaí infheistíochta ar fad i gcatagóir 3 nó le haghaidh fothacair de na gnólachtaí infheistíochta.

### 2.4.4 Gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha

58. Maidir le gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha a bhfuil critéir Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 á gcomhlíonadh acu, ba cheart d'údaráis inniúla:

    a. faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí ar bhonn bliantúil;

    b. an measúnú ar gach gné SREP a dhéanamh i bhfianaise faisnéise ábhartha nua a thagann chun cinn maidir leis an riosca cuí, agus a áirithiú go bhfuil raon feidhme agus doimhneacht an athbhreithnithe curtha in oiriúint do phróifíl riosca sonrach an ghnólachta infheistíochta;

    c. rannpháirtíocht agus idirphlé le comhlacht bainistíochta an ghnólachta infheistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach nuair a mheastar gur cuí agus go háirithe i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar ghnéithe SREP nuair a dhéantar a leithéid.

Tábla 2. SREP a chur i bhfeidhm i gcatagóirí difriúla de ghnólachtaí infheistíochta

| Catagóir | Faireachán ar phríomhtháscairí | Measúnú ar gach gné SREP | Íosleibhéal rannpháirtíochta / idirphlé |
|---|---|---|---|
| 1 | Ráithiúil | 2 bhliain | Idirphlé leanúnach leis an gcomhlacht bainistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach. |
| 2 | Ráithiúil | 3 bliana | Rannpháirtíocht bunaithe ar theagmhais leis an gcomhlacht bainistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, ag an minicíocht chéanna le measúnú SREP ar a laghad. |
| 3 | Ráithiúil | Bunaithe ar theagmhas (le raon feidhme agus doimhneacht an athbhreithnithe curtha in oiriúint do phróifíl riosca sonrach an ghnólachta infheistíochta) | Rannpháirtíocht bunaithe ar theagmhais leis an gcomhlacht bainistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, ag an minicíocht chéanna le measúnú SREP ar a laghad. |
| Tá eolas maidir le gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha le fáil in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 | Go bliantúil | Bunaithe ar theagmhas (le raon feidhme agus doimhneacht an athbhreithnithe curtha in oiriúint do phróifíl riosca sonrach an ghnólachta infheistíochta) | Rannpháirtíocht bunaithe ar theagmhais leis an gcomhlacht bainistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, ag an minicíocht chéanna le measúnú SREP ar a laghad. |

# Teideal 3 Faireachán ar phríomhtháscairí

59. Ba cheart d’údaráis inniúla faireachán rialta a dhéanamh ar phríomhtháscairí airgeadais agus neamhairgeadais chun faireachán a dhéanamh ar athruithe ar dhálaí airgeadais agus ar phróifílí riosca gnólachtaí infheistíochta. Ba cheart d’údaráis inniúla an faireachán seo a úsáid freisin chun an gá atá le nuashonruithe ar an measúnú ar ghnéithe SREP a shainaithint i bhfianaise faisnéise ábhartha nua lasmuigh de na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe. Sa chás go nochtar mar thoradh ar fhaireachán athrú ábhartha ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta, nó aon aimhrialtachtaí sna táscairí, ba cheart d’údaráis inniúla imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna, agus i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú ar an ngné ábhartha SREP i bhfianaise na faisnéise nua.

60. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí airgeadais de réir na minicíochta tuairiscithe don ghnólacht infheistíochta. Ba cheart an faireachán ar tháscairí neamhairgeadais a chur in oiriúint do nádúr agus do luaineacht an táscaire neamhairgeadais shonraigh, ach ba cheart é a dhéanamh go bliantúil ar a laghad.

61. Ba cheart d'údaráis inniúla córais agus patrúin faireacháin a bhunú lena bhféadfar athruithe ábhartha agus aimhrialtachtaí in iompar táscairí a shainaithint, agus ba cheart dóibh tairseacha a leagan síos, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú freisin, le haghaidh gach táscaire ábhartha (nó meascán táscairí) a chlúdaítear san fhaireachán, go ndéantar aon aimhrialtachtaí agus athruithe ábhartha a imscrúdú. Ar an tslí sin, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcúis agus measúnú a dhéanamh ar ábharthacht an tionchair stuamachta poitéinsiúil ar an ngnólacht infheistíochta agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar chatagóiriú an ghnólachta.

62. Ba cheart d’údaráis inniúla an tacar táscairí agus a dtairseacha a chur in oiriúint do ghnéithe sonracha gnólachtaí infheistíochta aonair nó grúpaí gnólachtaí infheistíochta a bhfuil tréithe comhchosúla acu (piarghrúpaí). Ba cheart go léireodh an creat táscairí, patrúin faireacháin agus tairseacha méid, castacht, samhail ghnó agus próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus ba cheart go gcumhdódh sé ceantair gheografacha, earnálacha agus margaí ina n-oibríonn an gnólacht infheistíochta.

63. Ba cheart d'údaráis inniúla na táscairí atá le rianú a shainaithint trí fhaireachán rialta a dhéanamh go príomha ó thuairisciú rialta maoirseachta agus trí úsáid a bhaint as sainmhínithe ó chaighdeáin tuairiscithe chomhchoiteanna.

64. Ba cheart an creat táscairí a bhunaítear agus torthaí an fhaireacháin ar na príomhtháscairí a úsáid freisin mar ionchur chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí do chaipiteal agus ar rioscaí do leachtacht agus do mhaoiniú faoi na gnéithe SREP faoi seach.

65. Ba cheart go n-áireofaí sna táscairí a úsáidtear chun críche faireacháin na dtáscairí seo a leanas ar a laghad a bhaineann go sonrach le gnólacht:

a. táscairí airgeadais agus neamhairgeadais a dhéileálann leis na catagóirí riosca a chlúdaítear sna treoirlínte seo atá ábhartha don chatagóir shonrach den ghnólacht infheistíochta (féach Teideal 6 agus Teideal 8);

b. na cóimheasa ar fad bainte ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 agus ón dlí náisiúnta a bhfuil Treoir (AE) Uimh. 2019/2034 á chur i bhfeidhm aige;

c. más cuí, na híoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) mar atá sonraithe i dTreoir 2014/59/AE;

d. sa chás go bhfuil siad ar fáil, táscairí téarnaimh a úsáidtear i bpleananna téarnaimh an ghnólachta féin.

66. Ba cheart d'údaráis inniúla táscairí neamhairgeadais a chur san áireamh, raon feidhme an údaraithe, an líon fostaithe, an líon gearán nó táscairí ábhartha neamhairgeadais eile mar shampla, agus féadfaidh siad táscairí breise a shainiú mar a mheasann siad atá cuí.

67. Ba cheart d'údaráis inniúla táscairí maicreacnamaíocha ábhartha, sa chás go bhfuil siad ar fáil, sna ceantair gheografacha, earnálacha agus margaí ina n-oibríonn an gnólacht infheistíochta, a chur ar fáil le táscairí a bhaineann go sonrach le gnólacht.

68. Ba cheart d’údaráis inniúla smaoineamh freisin ar an bhfaireachán rialta ar phríomhtháscairí airgeadais agus neamhairgeadais a fhorlíonadh le hathbhreithniú ar thaighde margaidh neamhspleách agus anailís, sa chás go bhfuil sé sin ar fáil.

# Teideal 4 Anailís ar shamhail ghnó

## 4.1 Breithniúcháin ghinearálta

69. Sonraítear sa teideal seo na critéir a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar shamhail agus straitéis ghnó an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart d'údaráis inniúla an measúnú seo a chur i bhfeidhm ar ghnólacht infheistíochta ag an leibhéal céanna leis an measúnú foriomlán SREP, ach is féidir é a chur i bhfeidhm freisin do ghníomhaíocht shonrach, ag leibhéal líne ghnó nó ar bhonn téamach.

70. Gan an bonn a bhaint de fhreagracht chomhlacht bainistíochta an ghnólachta infheistíochta as an ngnó a reáchtáil agus a eagrú ná fabhair a léiriú maidir le samhlacha gnó sonracha, ba cheart d'údaráis inniúla anailís rialta ar shamhlacha gnó (BMA) a dhéanamh chun rioscaí gnó agus straitéiseacha a mheasúnú agus chun an méid seo a leanas seo a leanas a chinneadh:

    a. inmharthanacht shamhail ghnó reatha an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar a chumas torthaí inghlactha a chruthú i rith an 12 mhí ina dhiaidh sin; agus

    b. inbhuanaitheacht straitéis an ghnólachta infheistíochta thar thréimhse réamhbhreathnaitheach 3 bliana ar a laghad.

71. Ba cheart d'údaráis inniúla leas a bhaint as toradh an BMA chun tacú leis an measúnú ar gach gné eile de SREP. Féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha de BMA, go háirithe an measúnú cainníochtúil ar an tsamhail ghnó, mar chuid den mheasúnú ar ghnéithe SREP eile.

72. Chomh maith leis sin, ba cheart d'údaráis inniúla an BMA a úsáid chun tacú le sainaithint phríomhleochaileachtaí an ghnólachta infheistíochta, ar dócha go mbeidh tionchar ábhartha acu ar an ngnólacht infheistíochta nó a bheidh mar bhonn le teip an ghnólachta infheistíochta amach anseo.

73. Lena chois sin, ba cheart d'údaráis inniúla an BMA a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí stuamachta na rioscaí ML/TF atá ar eolas acu, atá nasctha le samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta. Sa chomhthéacs seo, ba cheart go n-úsáidfeadh údaráis inniúla an t-ionchur a fhaightear ó mhaoirseoirí AML/CFT, go háirithe a measúnuithe ar rioscaí ML/TF agus aon torthaí a bhaineann le laigí ábhartha i rialuithe AML/CFT gnólacht infheistíochta, chun cur lena dtorthaí ón bhfaireachán leanúnach, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad mar bhonn le hábhair imní stuamachta a bhaineann le rioscaí ML/TF. Sa chás go léirítear sa mheasúnú gur ábhar imní stuamachta é samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta chomh fada is a bhaineann le rioscaí ML/TF, ba cheart d'údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe stuamachta ar an tsamhail ghnó a roinnt leis na maoirseoirí AML/CFT.

74. Ba cheart d'údaráis inniúla na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích mar chuid den BMA ar bhealach comhréireach, i.e. leibhéal mionsonraí na hanailíse a chur in oiriúint do chás sonrach

an ghnólachta infheistíochta, an riosca a mheastar atá ann, agus scála agus castacht na ngníomhaíochtaí:

a. réamh-mheasúnú;

b. sainaithint na réimsí fócais;

c. measúnú ar an timpeallacht ghnó;

d. anailís chainníochtúil ar an tsamhail ghnó reatha;

e. anailís cháilíochtúil ar an tsamhail ghnó reatha;

f. anailís ar an straitéis réamhbhreathnaitheach (lena n-áirítear athruithe pleanáilte ar an tsamhail ghnó);

g. measúnú ar inmharthanacht na samhla gnó sa 12 mhí ina dhiaidh sin;

h. measúnú ar inbhuanaitheacht na straitéise;

i. na príomhleochaileachtaí a shainaithint, ar leochaileachtaí iad a bhfuil samhail agus straitéis ghnó an ghnólachta infheistíochta nochta dóibh nó a bhféadfadh sé a bheith nochta dóibh; agus

j. achoimre ar na torthaí agus scóráil.

75. Maidir le gnólachtaí infheistíochta chatagóir 3, sa chás go bhfuil scála agus castacht gníomhaíochtaí gnólacht infheistíochta níos ísle, féadfaidh údaráis inniúla an BMA a chur i gcrích agus an scór ábhartha a shannadh ar bhealach simplí. Sna cásanna sin, ba cheart dóibh, ar a laghad, measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht shamhail ghnó agus ar inbhuanaitheacht straitéiseach an ghnólachta infheistíochta, agus an timpeallacht ghnó a chur san áireamh, agus ba cheart dóibh na príomhleochaileachtaí a shainaithint. Maidir le gnólachtaí infheistíochta aicme 3, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh cás ar chás maidir le cibé ar cheart agus cén cineál BMA ba cheart a dhéanamh, agus teacht ar thuairim chuimsitheach ar a laghad maidir le conas a chruthaíonn gnólachtaí infheistíochta torthaí agus leochaileachtaí a bhfuil siad nochta dóibh a shainaithint a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gcumas a leithéid sin de thorthaí a ghiniúint.

76. Chun BMA a reáchtáil, féadfaidh údaráis inniúla na foinsí faisnéise cainníochtúla agus cáilíochtúla seo a leanas a úsáid, má tá a leithéid ar fáil:

a. plean/pleananna straitéiseacha an ghnólachta infheistíochta ina bhfuil réamhaisnéisí don bhliain reatha agus don todhchaí, agus boinn tuisceana eacnamaíocha bunúsacha;

b. tuairisciú airgeadais (lena n-áirítear brabús agus caillteanas (P&L), nochtadh clár comhardaithe);

c. tuairisciú rialála;

d. tuairisciú inmheánach (faisnéis bhainistíochta, pleanáil chaipitil, tuairisciú leachtachta, tuarascálacha riosca inmheánacha);

e. más cuí, pleananna téarnaimh agus réitigh;

f. tuarascálacha tríú páirtí le n-áirítear tuarascálacha iniúchta, tuarascálacha ó anailísithe cothromais/creidmheasa; agus

g. staidéir/suirbhéanna ábhartha eile ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), údaráis agus institiúidí macrastuamachta agus institiúidí Eorpacha.

## 4.2 Réamh-mheasúnú

77. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar phríomhghníomhaíochtaí, ceantar geografach agus suíomhanna margaidh an ghnólachta infheistíochta, ag an leibhéal comhdhlúthaithe is airde sa dlínse, chun an méid seo a leanas a shainaithint:

   a. príomhcheantar geografach;

   b. fochuideachtaí/brainsí móra; agus

   c. príomhghníomhaíochtaí agus, más cuí, línte gnó nó línte táirgí.

78. Chun na críche sin, ba cheart d'údaráis inniúla raon méadrachta ábhartha a mheas ag an bpointe measúnaithe mar aon leis na hathruithe a thugtar faoi deara le himeacht ama. Ba cheart go n-áireofaí i measc na méadrachta sin:

   a. an méid a chuirtear le hioncam/costais fhoriomlána;

   b. sciar na sócmhainní;

   c. an méid a chuirtear le ceanglais cistí dílse; agus

   d. suíomh margaidh.

79. Ba cheart d'údaráis inniúla an réamh-mheasúnú seo a úsáid chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. cinneadh maidir le hábharthacht gníomhaíochtaí gnó: ba cheart d'údaráis inniúla maidir le ceantair gheografacha, fochuideachtaí/brainsí, gníomhaíochtaí agus más cuí, líne gnó nó línte táirgí is ábhartha bunaithe ar chion brabúis (go suntasach bunaithe ar P&L), riosca (lena n-áirítear K-fhachtóirí nó bearta riosca eile) agus/nó tosaíochtaí eagraíochtúla. Ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis seo a úsáid mar bhunús chun an méid seo a leanas ar cheart don BMA díriú orthu a shainaithint (tá tuilleadh eolais le fáil i Roinn 4.3);

   b. an piarghrúpa a shainaithint: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le (i) an piarghrúpa ábhartha don ghnólacht infheistíochta bunaithe ar a struchtúr agus gníomhaíochtaí; (ii) BMA a reáchtáil, an piarghrúpa bunaithe ar tháirge iomaíoch/línte gnó atá dírithe ar an bhfoinse chéanna brabús/custaiméirí;

c. tacú le cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta: féadfaidh údaráis inniúla úsáid a bhaint as torthaí an réamh-mheasúnaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le gráinneacht oiriúnach an mheasúnaithe.

## 4.3 Réimsí fócais an BMA a shainaithint

80. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le réimse fócais an BMA. Ba cheart go ndíreoidís ar na línte gnó is tábhachtaí maidir le hinmharthanacht nó inbhuanaitheacht na samhla gnó reatha amach anseo, agus/nó ar na línte gnó is dóichí a mhéadóidh neamhchosaint an ghnólachta infheistíochta ar leochaileachtaí reatha nó nua. D'fhéadfadh údaráis inniúla an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a. ábharthacht gníomhaíochtaí gnó – cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gníomhaíochtaí gnó áirithe níos tábhachtaí chomh fada is a bhaineann le brabúis (nó caillteanais) a ghiniúint nó sreafaí airgid;

b. torthaí maoirseachta roimhe seo – cibé acu an féidir nó nach féidir le gnéithe eile SREP táscairí maidir le línte gnó nach mór tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh orthu a sholáthar, lena n-áirítear torthaí ó mhaoirseoirí AML/CFT;

c. torthaí agus barúlacha ó thuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha – cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil saincheisteanna sonracha sainaitheanta ag an bhfeidhm iniúchta maidir le hinbhuanaitheacht nó le hinmharthanacht línte gnó áirithe;

d. an tábhacht i ndáil le pleananna straitéiseacha – cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil línte gnó áirithe ar mian leis an ngnólacht infheistíochta a mhéadú nó a laghdú go suntasach;

e. athruithe a tugadh faoi deara sa tsamhail ghnó – cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil athruithe de facto tugtha faoi deara sa tsamhail ghnó a tharla de bhrí nár fhógair an gnólacht infheistíochta aon athruithe beartaithe nó nár fhorbair sé pleananna straitéiseacha nua agus cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh na hathruithe ar an tsamhail ghnó an gnólacht infheistíochta a nochtadh do rioscaí méadaithe ML/TF; agus

f. comparáidí piaraí – cibé acu ar fheidhmigh nó nár fheidhmigh líne ghnó go neamhchaighdeánach (toisc go bhfuil sé asluiteach) i gcomparáid le piaraí.

## 4.4 An timpeallacht ghnó a mheas

81. D'fhonn teacht ar thuairim maidir le hinchreidteacht thoimhdí straitéiseacha gnólacht infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar an timpeallacht ghnó. Cuirtear san áireamh anseo na dálaí gnó reatha agus todhchaíocha ina n-oibríonn gnólacht infheistíochta nó inar dócha go n-oibreoidh sé bunaithe ar a phríomh-neamhchosaintí geografacha agus gnó ábhartha. Ba cheart go mbeadh a leithéid d'anailís bunaithe ar na

príomhathróga maicreacnamaíocha, treochtaí rialála agus margaidh agus an timpeallacht iomaíoch.

## 4.5 Anailís ar an tsamhail ghnó reatha

82. Chun na bealaí agus na modhanna a úsáideann gnólacht infheistíochta chun brabúis a oibriú agus a ghiniúint a thuiscint, ba cheart d'údaráis inniúla anailísí cainníochtúla agus cáilíochtúla a dhéanamh.

### 4.5.1 Anailís chainníochtúil

83. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís statach agus treochtaí a dhéanamh ar phríomhghnéithe cainníochtúla shamhail ghnó reatha an ghnólachta infheistíochta chun teacht ar thuiscint ar a fheidhmíocht airgeadais agus ar an tionchar atá ag a inghlacthacht riosca a bheith níos airde nó níos ísle ná a phiaraí air.

84. D'fhéadfaí go n-áireofaí na réimsí seo a leanas i measc na réimsí a bhféadfadh údaráis inniúla anailís a dhéanamh orthu:

    a. brabús agus caillteanas: féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar bhrabúsacht fholuiteach an ghnólachta infheistíochta (tar éis míreanna eisceachta agus aonuaire), miondealú ioncaim, miondealú costas, forálacha bearnúcháin agus príomhchóimheasa (lena n-áirítear glanchorrlach costais/ioncaim, glansreabhadh airgid).

    b. an clár comhardaithe: féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an meascán sócmhainní agus dliteanas, ar an struchtúr maoinithe, ar an athrú ar chistí dílse agus ar cheanglais maidir le cistí dílse agus ar phríomhchóimheasa (lena n-áirítear an toradh ar chothromas, Gnáthchothromas Leibhéal 1, bearna maoinithe);

    c. comhchruinnithe: féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhchruinnithe sa P&L agus sa chlár comhardaithe a bhaineann le custaiméirí, earnálacha agus ceantar geografach; agus

    d. inghlacthacht riosca: féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na teorainneacha foirmiúla arna gcur i bhfeidhm ag an ngnólacht infheistíochta (teorainneacha trádála go príomha) agus conas a chloítear leo chun teacht ar thuiscint ar na rioscaí a bhfuil an gnólacht infheistíochta toilteanach a chur san áireamh chun dlús a chur lena fheidhmíocht airgeadais.

### 4.5.2 Anailís cháilíochtúil

85. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla shamhail ghnó reatha an ghnólachta infheistíochta chun teacht ar thuiscint ar a thionscnóirí ratha agus príomhspleáchais.

86. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na réimsí a bhféadfadh údaráis inniúla anailís a dhéanamh orthu:

a. príomhspleáchais sheachtracha: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na príomhfhachtóirí eisigineacha a mbíonn tionchar acu ar rath na samhla gnó; féadfar soláthraithe tríú páirtí, idirghabhálaithe agus tionscnóirí rialála sonracha a áireamh ina measc;

b. príomhspleáchais inmheánacha: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na príomhfhachtóirí inginiúla a mbíonn tionchar acu ar rath na samhla gnó; d'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc seo caighdeán na n-ardán TF agus an acmhainn oibríochtúil agus acmhainní; agus fiú amháin daoine a bhfuil róil shuntasacha acu;

c. saincheadúnas: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le láidreacht na gcaidreamh le custaiméirí, soláthraithe agus comhpháirtithe; d'fhéadfadh go n-áireofaí ansin spleáchas an ghnólachta infheistíochta ar a cháil, éifeachtacht na mbrainsí, dílseacht na gcustaiméirí agus éifeachtacht na gcomhpháirtíochtaí; agus

d. réimsí an bhuntáiste iomaíoch: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh freisin maidir leis na réimsí ina bhfuil buntáiste iomaíoch ag an ngnólacht infheistíochta i gcomparáid lena phiaraí; d'fhéadfaí aon cheann de na nithe thuasluaite a chur san áireamh nó fachtóirí eile cosúil le líonra domhanda an ghnólachta infheistíochta, scála a ghnó nó a thairiscint táirgí.

e. Rioscaí ML/TF: san anailís, ba cheart d'údaráis inniúla aon chomharthaí go bhfuil an tsamhail ghnó agus a gníomhaíochtaí mar bhonn le rioscaí méadaithe ML/TF a bhreithniú, lena n-áirítear idirbhearta airgid nó bunú nó úsáid a bhaint as eintitis dhlíthiúla i dtríú tíortha ardriosca, mar a shainaithnítear de réir Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849. Más cuí, ba cheart cur leis na tásca sin trí úsáid a bhaint as anailís chainníochtúil, de réir mar is iomchuí, agus díriú go háirithe ar ábharthacht an ioncaim agus ar an ioncam ó oibríochtaí a reáchtáiltear i dtríú tíortha ardriosca den sórt sin, comhchruinnithe na neamhchosaintí ar chustaiméirí a gcuireann an gnólacht infheistíochta dícheall cuí feabhsaithe do chustaiméirí i bhfeidhm i ndáil leo mar atá leagtha amach i gCaibidil II, Rannóg 3 de Threoir 2015/849.

## 4.6 Anailís ar an straitéis

87. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil réamhbhreathnaitheach a dhéanamh ar réamh-mheastacháin airgeadais agus ar phlean straitéiseach an ghnólachta infheistíochta chun toimhdí, inchreidteacht agus riosca a straitéise gnó a thuiscint.

88. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na réimsí a bhféadfadh údaráis inniúla anailís a dhéanamh orthu:

a. straitéis fhoriomlán: féadfaidh údaráis inniúla na príomhchuspóirí bainistíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhreithniú;

b. feidhmíocht airgeadais réamh-mheasta: féadfaidh údaráis inniúla an fheidhmíocht airgeadais réamh-mheasta a bhreithniú, a chlúdaíonn an mhéadracht chéanna nó

an mhéadracht chosúil a clúdaíodh san anailís chainníochtúil a rinneadh ar an tsamhail ghnó reatha;

c. tionscnóirí ratha na straitéise: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na príomhathruithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm ar an tsamhail ghnó reatha chun na cuspóirí a chomhlíonadh;

d. boinn tuisceana: féadfaidh údaráis inniúla inchreidteacht agus comhsheasmhacht na mbonn tuisceana arna ndéanamh ag an ngnólacht infheistíochta atá mar bhonn lena straitéis agus réamhaisnéisí; d'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc boinn tuisceana a bhaineann le méadracht mhaicreacnamaíoch, dinimic an mhargaidh, méadú ar thoirt agus ar chorrlach i bpríomhtháirgí, deighleoga agus ceantair gheografacha; agus

e. cumas forghníomhaithe: féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cumas forghníomhaithe gnólacht infheistíochta bunaithe ar chuntas teiste na foirne bainistíochta maidir le cloí le straitéisí agus réamhaisnéisí a rinneadh roimhe seo, agus castacht agus uaillmhian na straitéise a sonraíodh i gcomparáid leis an tsamhail ghnó reatha.

## 4.7 Inmharthanacht na samhla gnó a mheas

89. I ndiaidh na n-anailísí a clúdaíodh i Roinn 4.4 agus i Roinn 4.5 a dhéanamh, ba cheart d’údaráis inniúla a dtuairim maidir le hinmharthanacht shamhail ghnó reatha an ghnólachta infheistíochta a bhunú, nó a thabhairt cothrom le dáta, bunaithe ar a chumas torthaí inghlactha a ghiniúint sa 12 mhí ina dhiaidh sin, bunaithe ar a fheidhmíocht chainníochtúil, príomhthionscnóirí ratha agus spleáchais agus timpeallacht ghnó.

90. Féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an leibhéal torthaí i gcomparáid leis na critéir seo a leanas:

a. toradh ar chothromas (ROE) i gcomparáid le costas cothromais (COE) nó beart coibhéiseach: féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar cibé acu an ngineann nó nach ngineann samhail ghnó toradh os cionn costais (gan míreanna aonuaire a chur san áireamh) bunaithe ar ROE i gcomparáid le COE; féadfaidh méadracht eile, cosúil le toradh ar shócmhainní nó toradh riosca-choigeartaithe ar chaipiteal, mar aon le hathruithe ar na bearta seo i rith na samhla, tacú leis an measúnú seo freisin;

b. struchtúr sreabhaidh airgid: féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an meascán sreabhaidh airgid oiriúnach don tsamhail ghnó agus don straitéis; b'fhéidir go gciallódh luaineacht nó neamhréireanna sa ghiniúint maoinithe go ngineann samhail nó straitéis ghnó, fiú amháin samhail nó straitéis a ghineann torthaí os cionn costais, go mb'fhéidir nach bhfuil a leithéid inbhuanaithe mar gheall ar an timpeallacht ghnó reatha nó thodhchaíoch; agus

c. inghlacthacht riosca: féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil samhail nó straitéis ghnó an ghnólachta infheistíochta ag

brath ar inghlacthacht riosca, le haghaidh rioscaí aonair nó rioscaí níos ginearálta, a mheastar atá ard nó ina asluiteach i measc an phiarghrúpa, más cuí.

## 4.8 Inbhuanaitheacht straitéis an ghnólachta infheistíochta a mheas

91. I ndiaidh na n-anailísí a chlúdaítear i Rannóg 4.4 go Rannóg 4.6 a reáchtáil, ba cheart d'údaráis inniúla a dtuairim maidir le hinbhuanaitheacht straitéis an ghnólachta infheistíochta thar thréimhse réamhbhreathnaitheach a bhunú nó a nuashonrú, agus cuntas a dhéanamh dá phleananna straitéiseacha agus réamhaisnéisí airgeadais agus an measúnú maoirseachta ar an timpeallacht ghnó. Ba cheart go gcumhdófaí i dtréimhse réamhbhreathnaitheach dá leithéid tréimhsí trí bliana ach d'fhéadfaí tréimhse níos faide a chur san áireamh ionas go mbeidh sé ag teacht leis an gcéad mheasúnú iomlán SREP a bhfuil súil leis, de réir na samhla rannpháirtíochta íosta atá sonraithe i dTeideal 2.

92. Go háirithe, féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht straitéis an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar:

    a. inchreidteacht bhoinn tuisceana an ghnólachta infheistíochta agus na feidhmíochta airgeadais réamh-mheasta i gcomparáid leis an tuairim mhaoirseachta ar an timpeallacht ghnó reatha agus thodhchaíoch;

    b. an tionchar ar fheidhmíocht airgeadais réamh-mheasta na tuairime maoirseachta maidir leis an timpeallacht ghnó (sa chás nach ionann é seo agus boinn tuisceana an ghnólachta infheistíochta); agus

    c. leibhéal riosca na straitéise (i.e. castacht agus uaillmhian na straitéise i gcomparáid leis an tsamhail ghnó reatha) agus an dóchúlacht iarmhartach go n-éireoidh leis bunaithe ar inniúlachtaí forghníomhaithe dóchúla an ghnólachta infheistíochta (arna thomhas bunaithe ar rath an ghnólachta infheistíochta i ndáil le straitéisí ag scála comhchosúil a fhorfheidhmiú nó ar an bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an bplean straitéiseach go dtí seo).

93. Maidir le gnólachtaí infheistíochta neamhchasta agus sa chás nach bhfuil réamh-mheastacháin airgeadais ar fáil nó iontaofa, féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht straitéis an ghnólachta infheistíochta ar bhealach cáilíochtúil trí dhíriú ar an méid seo a leanas:

    a. an fás beartaithe ag leibhéal foriomlán bunaithe ar ghníomhaíochtaí gnó suntasacha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an timpeallacht ghnó ar an gcumas an straitéis a chomhlíonadh;

    b. an mí-ailíniú a d'fhéadfadh a bheith idir dreasacht bhrabúis fhadtéarmach an ghnólachta infheistíochta agus leasa tomhaltóirí agus margaí airgeadais;

    c. comhsheasmhacht straitéis an ghnólachta infheistíochta lena inghlacthacht riosca.

## 4.9 Príomh-leochaileachtaí a shainaithint

94. I ndiaidh an BMA a reáchtáil, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na príomhleochaileachtaí a bhfuil samhail agus straitéis ghnó an ghnólachta infheistíochta neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu:

    a. drochfheidhmíocht airgeadais ionchasach;

    b. spleáchas ar straitéis neamhréadúil;

    c. comhchruinnithe nó luaineacht iomarcach (lena n-áirítear tuilleamh, ioncam agus custaiméirí faoi réir dícheall cuí feabhsaithe do chustaiméirí atá sonraithe i gCaibidil II, Rannóg 3 de Threoir (AE) 2015/849, tríú tíortha ardriosca de réir Airteagal 9 den Treoir sin);

    d. inghlacthacht riosca iomarcach;

    e. imní maidir le sreabhadh airgid agus struchtúr maoinithe;

    f. saincheisteanna seachtracha suntasacha (lena n-áirítear bagairtí rialála, cosúil le sainordú go ndéanfaí aonaid ghnó a 'imfhálú'); agus

    g. rioscaí ESG agus a dtionchar ar inmharthanacht agus ar inbhuanaitheacht na samhla gnó agus athléimneacht fhadtéarmach an ghnólachta infheistíochta.

95. I ndiaidh an mheasúnaithe thuasluaite a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le hinmharthanacht shamhail gnó an ghnólachta infheistíochta agus inbhuanaitheacht a straitéise, agus maidir le haon bheart is gá chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus ábhair imní.

## 4.10 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

96. Bunaithe ar an measúnú ar inmharthanacht agus inbhuanaitheacht na samhla gnó, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim fhoriomlán maidir le hinmharthanacht na samhla gnó agus inbhuanaitheacht na straitéise, agus maidir le haon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta ag eascairt as an measúnú seo. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór inmharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe sa tábla thíos.

Tábla 3. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór a shannadh d'anailís samhla gnó

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| 1 | Cruthaíonn an tsamhail agus straitéis ghnó leibhéal íseal riosca d'inmharthanacht | • Gineann an gnólacht infheistíochta torthaí láidre agus cobhsaí atá inghlactha i bhfianaise a inghlacthacht riosca agus struchtúr maoinithe.<br>• Níl aon chomhchruinnithe sócmhainní ábhartha ná foinsí neamh-inbhuanaithe comhchruinnithe ioncaim. |

| | | |
|---|---|---|
| | an ghnólachta infheistíochta. | • Tá staid iomaíochta an ghnólachta infheistíochta láidir ina margaí roghnaithe agus straitéis a thacóidh leis seo.<br>• Tá réamhaisnéisí airgeadais bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta, réamhaisnéisí atá bunaithe ar bhoinn tuisceana inchreidte maidir leis an timpeallacht ghnó a bheidh ann amach anseo.<br>• Tá na pleananna straitéiseacha oiriúnach nuair a chuirtear an tsamhail ghnó reatha agus na hacmhainní foghníomhaithe bainistíochta san áireamh. |
| 2 | Cruthaíonn an tsamhail agus straitéis ghnó leibhéal meánach-íseal riosca d’inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Gineann an gnólacht infheistíochta torthaí meánacha i gcomparáid le piaraí agus/nó feidhmíocht stairiúil atá inghlactha go ginearálta i bhfianaise a inghlacthacht riosca agus struchtúr maoinithe.<br>• Tá roinnt comhchruinnithe sócmhainní nó foinsí comhchruinnithe ioncaim le cur san áireamh.<br>• Tá brú iomaíoch ar tháirgí/ar sheirbhísí an ghnólachta infheistíochta i gceann amháin nó níos mó de na príomh-mhargaí. Tá amhras áirithe ann maidir leis an straitéis atá bunaithe chun déileáil leis seo.<br>• Tá réamhaisnéisí airgeadais bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta, réamhaisnéisí atá bunaithe ar bhoinn tuisceana dhearfacha maidir le timpeallacht ghnó na todhchaí.<br>• Tá na pleananna straitéiseacha réasúnta i bhfianaise na samhla gnó reatha agus na gcumas forghníomhaithe bainistíochta, ach tá riosca i gceist. |
| 3 | Cruthaíonn an tsamhail agus straitéis ghnó leibhéal riosca meánach-ard d’inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Gineann an gnólacht infheistíochta torthaí a bhíonn lag nó nach bhfuil cobhsaí go minic nó braitheann sé ar inghlacthacht riosca nó ar struchtúr maoinithe chun torthaí iomchuí a ghiniúint a mbaineann ábhair imní maoirseachta leo.<br>• Tá comhchruinnithe sócmhainní suntasacha nó foinsí comhchruinnithe ioncaim ann.<br>• Tá staid iomaíochta an ghnólachta infheistíochta lag chomh fada is a bhaineann lena tháirgí/seirbhísí dá margaí roghnaithe, agus b'fhéidir nach bhfuil ionchais mhaithe luaite ach le roinnt beag línte gnó. D’fhéadfadh sciar margaidh an ghnólachta infheistíochta a bheith ag laghdú go suntasach. Tá amhras ann faoin straitéis atá bunaithe chun déileáil leis seo.<br>• Tá réamhaisnéisí airgeadais bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá bunaithe ar bhoinn tuisceana atá ródhóchasach faoi thimpeallacht ghnó na todhchaí. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • B'fhéidir nach mbeadh pleananna straitéiseacha inchreidte bunaithe ar an tsamhail ghnó reatha agus cumas forghníomhaithe na foirne bainistíochta. |
| 4 | Cruthaíonn an tsamhail agus straitéis ghnó riosca ardleibhéil d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Gineann an gnólacht infheistíochta torthaí atá an-lag agus an-éagobhsaí nó braitheann sé ar inghlacthacht riosca nó le struchtúr maoinithe nach bhfuil inghlactha chun torthaí oiriúnacha a ghiniúint.<br>• Tá comhchruinnithe sócmhainní foircneacha nó foinsí comhchruinnithe neamh-inbhuanaithe ioncaim ag an ngnólacht infheistíochta.<br>• Tá staid iomaíochta an ghnólachta infheistíochta an-lag maidir lena chuid táirgí/seirbhísí ina mhargaí roghnaithe agus glacann sé páirt i línte gnó a bhfuil ionchais an-lag luaite. Ní dócha go mbeidh na pleananna straitéiseacha in ann déileáil leis an gceist seo.<br>• Tá réamhaisnéisí airgeadais bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá bunaithe ar bhoinn tuisceana neamhréadúla maidir le timpeallacht ghnó na todhchaí.<br>• Níl na pleananna straitéiseacha inchreidte i bhfianaise na samhla gnó reatha agus na gcumas forghníomhaithe bainistíochta. |

# Teideal 5 Rialachas inmheánach agus rialuithe infheistíochta ar fud an ghnólachta a mheas

## 5.1 Breithniúcháin ghinearálta

97. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil socruithe rialachais inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta leordhóthanach agus ar comhréir le próifíl riosca, samhail ghnó, cineál, méid agus castacht an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart dóibh a mhéid a chomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais is infheidhme de chuid an AE agus na ceanglais náisiúnta maidir le socruithe rialachais inmheánaigh fónta a shainaithint agus aon easnaimh a shainaithint. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas, go háirithe, cibé acu an áirithíonn nó nach n-áirithíonn na socruithe rialachais inmheánaigh bainistíocht fhónta rioscaí agus go gcuimsítear iontu rialuithe agus formhaoirseacht inmheánach iomchuí. Ba cheart d'údaráis inniúla a bhunú an bhfuil rioscaí ábhartha ag baint le droch-shocruithe rialachais inmheánaigh agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar phróifíl riosca agus ar inbhuanaitheacht an ghnólachta infheistíochta.

98. Chomh fada is a bhaineann le SREP, ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú ar rialachas agus ar rialuithe inmheánacha an ghnólachta infheistíochta, ag féachaint do chur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta, measúnú ar na réimsí seo a leanas:

    a. an creat rialachais inmheánaigh foriomlán, ar cheart go n-áireofaí ann struchtúr eagraíochtúil soiléir agus cultúr riosca chorparáidigh oiriúnach;

    b. comhdhéanamh, eagrú agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta agus a choistí, sa chás go bhfuil a leithéid bunaithe;

    c. beartais agus cleachtais luacha saothair;

    d. an creat rialaithe inmheánaigh, ar cheart go n-áireofaí ann comhlíonadh neamhspleách agus, más cuí, feidhmeanna bainistíochta riosca inmheánacha agus feidhmeanna iniúchta inmheánacha;

    e. creat bainistíochta riosca, lena n-áirítear ICARAP;

    f. Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide; agus

    g. pleanáil leanúnachais gnó.

99. Ba cheart go mbeadh an measúnú ar rialachas inmheánach mar bhonn leis an measúnú sonrach ar bhainistíocht riosca agus rialuithe mar atá sonraithe i dTeideal 6 agus 8, chomh maith le measúnú caipitil SREP i dTeideal 7 agus measúnú leachtachta SREP i dTeideal 9. Ar an gcuma chéanna, ba cheart go mbeadh anailís riosca-ar-riosca ar leordhóthanacht chaipitil

inmheánaigh agus ar an bpróiseas measúnaithe riosca inmheánaigh a athbhreithníodh faoi Theideal 7, agus aon easnaimh a shainaithnítear ann, mar bhonn leis an measúnú ar an gcreat bainistíochta riosca fhoriomláin a ndearnadh measúnú air faoin teideal seo.

100. De réir Treoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach[13], ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú ar an gcreat rialachais inmheánaigh fíorú go bhfuil socruithe agus sásraí rialachais bunaithe chun a áirithiú go gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais AML/CFT is infheidhme agus go gcuirtear san áireamh aon fhaisnéis fhorlíontach a fhaightear ó mhaoirseoirí AML/CFT maidir leis an measúnú ar na socruithe agus na sásraí seo.

101. D'fhonn a áirithiú go bhfuil infheisteoirí á gcosaint ar bhealach comhsheasmhach i seirbhísí airgeadais, ba cheart d'údaráis inniúla comhordú a dhéanamh le húdaráis mhargaidh, agus breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha faighte óna leithéid d'údaráis chun críche measúnú a dhéanamh ar shocruithe rialachais agus ar rialuithe ar fud an ghnólachta.

## Prionsabal na comhréireachta

102. Ba cheart d’údaráis inniúla aird a thabhairt ar phrionsabal na comhréireachta d’fhonn a áirithiú go bhfuil na socruithe rialachais inmheánacha atá bunaithe ag gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear i gcomhthéacs grúpaí gnólachtaí infheistíochta, comhsheasmhach le próifíl riosca aonair an ghnólachta agus an ghrúpa, i gcomhréir lena méid agus lena n-eagrú inmheánach, ábhartha dá samhail ghnó, oiriúnach do chineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí agus leordhóthanach chun cuspóirí ábhartha na gceanglas rialála ábhartha a chomhlíonadh.

103. Chun críche na míre thuas agus ag féachaint do na samhlacha gnó éagsúla atá mar bhonn le feidhmiú gnólachtaí infheistíochta agus grúpaí gnólachtaí infheistíochta, ba cheart measúnú a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh socruithe rialachais níos casta bunaithe ag gnólachtaí infheistíochta atá eagraithe ar bhealach níos casta nó ag scála níos mó, agus d'fhéadfadh gnólachtaí infheistíochta atá eagraithe ar bhealach níos simplí nó atá ag feidhmiú ag scála níos lú nó a bhfuil gníomhaíochtaí nach bhfuil chomh casta céanna á gcur i gcrích acu socruithe rialachais níos simplí a chur chun feidhme.

104. Ba cheart na critéir a chuirtear san áireamh i ndáil le cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta, cosúil leis an méid seo a leanas, a bhreithniú chun rialachas inmheánach a mheas, de réir Threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach:

a. méid i dtéarmaí chlár comhardaithe an ghnólachta infheistíochta agus a fhochuideachtaí laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta;

b. na sócmhainní faoi bhainistíocht;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta údaraithe chun airgead nó sócmhainní cliant a shealbhú;

d. na sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar;

[13] Treoirlínte an ÚBE maidir le Rialachas Inmheánach faoi Threoir (AE) 2019/2034 (ÚBE/GL/2021/14).

e. méid na n-orduithe cliaint arna láimhseáil;

f. méid an tsreabhaidh trádála laethúil;

g. láithreacht gheografach na ngnólachtaí infheistíochta agus méid na n-oibríochtaí i ngach dlínse, lena n-áirítear i ndlínsí tríú tíortha;

h. foirm dlí an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta páirteach i ngrúpa agus, má tá, an measúnú comhréireachta le haghaidh an ghrúpa;

i. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta údaraithe chun úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha a úsáid chun ceanglais chaipitil a thomhas, dá dtagraítear dóibh in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/2033;

j. cineál na ngníomhaíochtaí údaraithe, na seirbhísí a chuireann an gnólacht infheistíochta i gcrích mar atá sainmhínithe i Roinn A agus Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) agus seirbhísí eile a chuireann an gnólacht infheistíochta i gcrích;

k. samhail agus straitéis bhunúsach ghnó; cineál agus castacht na ngníomhaíochtaí gnó, agus struchtúr eagraíochtúil an ghnólachta infheistíochta

l. straitéis riosca, inghlacthacht riosca agus próifíl riosca iarbhír an ghnólachta infheistíochta, agus toradh na measúnuithe ar chaipiteal SREP agus ar leachtacht SREP a chur san áireamh freisin;

m. struchtúr úinéireachta agus maoinithe an ghnólachta infheistíochta;

n. an cineál cliant;

o. castacht na n-ionstraimí airgeadais nó na gconarthaí airgeadais;

p. na feidhmeanna agus bealaí dáileacháin seachfhoinsithe;

q. na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) atá bunaithe, lena n-áirítear córais leanúnachais agus feidhmeanna seachfhoinsithe sa réimse seo;

105. Ar mhaithe le SREP a chur i bhfeidhm go hiomchuí i gcomhthéacs na ngnólachtaí infheistíochta atá aicmithe, de réir Theideal 2, i gcatagóir 3, soláthraítear íoscheanglais choigeartaithe sna rannóga faoi seach den teideal seo.

106. Chomh fada is a bhaineann le gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann na coinníollacha chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga agus idirnasctha atá sonraithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 (gnólachtaí Aicme 3), ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid socruithe eagraíochtúla de réir mar a mheasann siad atá oiriúnach, ag féachaint do na ceanglais rialála is infheidhme.

## 5.2 Creat rialachais inmheánaigh foriomlán

107. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an mbunaíonn nó nach mbunaíonn an gnólacht infheistíochta creat agus socruithe rialachais inmheánacha stuama, de réir fhorálacha Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/2034, Treoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach, Treoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair [14], Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2017/565[15], Treoirlínte ESMA maidir le ceanglais rialachais táirgí MiFID II[16] agus Treoirlínte Comhpháirteacha ESMA agus an ÚBE maidir le hoiriúnacht ball den bhord bainistíochta agus príomhshealbhóirí feidhme[17]. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an gnólacht infheistíochta an méid seo a leanas ar a laghad:

a. tá rialachas inmheánach agus creat rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus éifeachtach bunaithe, formheasta agus á mhaoirsiú ag an gcomhlacht bainistíochta atá oiriúnach mar aon le struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil oiriúnach agus trédhearcach agus creat rialaithe inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta riaracháin agus cuntasaíochta agus feidhm chomhlíonta bhuan agus éifeachtach agus, más cuí agus comhréireach, feidhmeanna bainistíochta riosca inmheánacha agus iniúchta inmheánaigh agus tá dóthain údaráis, seasaimh agus acmhainní acu chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích go neamhspleách. Sa chás nach ndéanann gnólachtaí infheistíochta feidhm bhainistíochta riosca agus feidhm iniúchta inmheánaigh a bhunú agus a chothabháil, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na beartais agus na nósanna imeachta arna nglacadh agus arna gcur chun feidhme le haghaidh creat rialaithe inmheánaigh an méid céanna, agus is ar an gcomhlacht bainistíochta atá an fhreagracht fhoriomlán;

b. áirithíonn an comhlacht bainistíochta agus déanann sé measúnú tréimhsiúil ar éifeachtacht shocruithe rialachais inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta agus cuirtear na céimeanna cuí i gcrích chun déileáil le haon easnaimh a shainaithnítear;

c. tá an straitéis fhoriomlán gnó agus riosca bunaithe, formheasta agus á maoirsiú ag an gcomhlacht bainistíochta, lena n-áirítear inghlacthacht riosca gnólachta infheistíochta agus a chreat bainistíochta riosca a shonrú, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha;

---

[14] Treoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair faoi Threoir (AE) 2019/2034 (ÚBE/GL/2021/13).

[15] RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2017/565 ÓN GCOIMISIÚN an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin (IO L 087, 31.3.2017, lch 1).

[16] Treoirlínte ESMA maidir le ceanglais rialachais táirgí MiFID II (ESMA35-43-620).

[17] Treoirlínte Comhpháirteacha ESMA agus an ÚBE maidir le measúnú ar oiriúnacht bhaill den chomhlacht bainistíochta agus príomhshealbhóirí feidhme (ÚBE/GL/2017/12).

d. tá an comhlacht bainistíochta ar an eolas faoi agus tuigeann sé struchtúr dlíthiúil, eagrúcháin agus oibríochtúil an ghnólachta infheistíochta (‘bíodh do struchtúr ar eolas agat’), go háirithe nuair sa chás go bhfuil struchtúir chasta bunaithe sa ghnólacht infheistíochta, agus áirithíonn sé go bhfuil sé comhsheasmhach lena straitéisí gnó agus riosca formheasta agus inghlacthacht riosca;

e. tá struchtúr corparáideach oiriúnach agus trédhearcach bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá ‘oiriúnach don fheidhm’ agus nach bhfuil mar bhonn le hábhair imní go mb'fhéidir go bhféadfaí an gnólacht infheistíochta a úsáid chun críocha a bhaineann le coireacht airgeadais agus cultúr corparáideach agus riosca fónta atá cuimsitheach agus i gcomhréir le cineál, scála agus casta na rioscaí atá fréamhaithe sa tsamhail ghnó agus i ngníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta agus comhsheasmhach le hinghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta;

f. tacaíonn agus áirithíonn an gnólacht infheistíochta cultúr riosca agus ardchaighdeáin ghairmiúla eiticiúla, trí chód iompair agus beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha inmheánacha foláirimh;

g. roinntear eolas maidir le straitéisí, luachanna corparáideacha, an cód iompair, riosca agus beartais eile le baill foirne ábhartha ar bhealach soiléir, láidir agus éifeachtach;

h. bhunaigh, d'fhormheas agus déanann an comhlacht bainistíochta maoirseacht ar chur chun feidhme agus cothabháil beartas agus próiseas éifeachtach a bhfuil sé mar aidhm leo coinbhleachtaí leasa iarbhír agus poitéinsiúla ag leibhéal an ghnólachta a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú nó a chosc agus idir an gnólacht infheistíochta agus leasanna príobháideacha ball foirne freisin, lena n-áirítear baill den chomhlacht bainistíochta, a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar fheidhmiú a chuid dualgas agus freagrachtaí;

i. tá cur chun feidhme creata maidir le páirt a ghlacadh in iasachtaí a dheonú agus idirbhearta eile a dhéanamh le baill den chomhlacht bainistíochta agus lena bpáirtithe gaolmhara leagtha amach ag an gcomhlacht bainistíochta agus áirithíonn sé a leithéid;

j. tá beartais agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí foláirimh bunaithe agus á gcothabháil ag gnólachtaí infheistíochta chun cur ar chumas ball foirne sáruithe féideartha nó iarbhír ar Rialachán (AE) 2019/2033 agus ar fhorálacha náisiúnta lena dtrasuítear Treoir (AE) 2019/2034 a thuairisciú trí chainéal sonrach, neamhspleách agus féinrialaithe;

k. tá próiseas roghnúcháin agus measúnaithe oiriúnachta curtha i bhfeidhm do bhaill den chomhlacht bainistíochta agus do shealbhóirí príomhfheidhme;

l. tá socruithe bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais a áirithiú, lena n-áirítear rialuithe airgeadais agus oibriúcháin agus comhlíonadh an dlí agus na gcaighdeán ábhartha curtha chun feidhme;

m. tá an creat rialachais inmheánaigh bunaithe, á maoirsiú agus á mheasúnú go rialta ag an gcomhlacht bainistíochta; agus

n. roinntear eolas maidir le straitéisí, beartais agus nósanna imeachta do gach ball foirne ábhartha sa ghnólacht infheistíochta agus tá struchtúir an ghnólachta infheistíochta soiléir, éifeachtach agus trédhearcach in intinn bhaill foirne, gheallsealbhóirí agus pháirtithe leasmhara eile an ghnólachta infheistíochta agus don údaráis inniúil.

108. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcuimsítear nó ngach gcuimsítear bainistiú Próiseas chun Táirgí Nua a Fhaomhadh (NPAP) agus seachfhoinsiú i gcreat rialachais fhoriomláin an ghnólachta infheistíochta. Nuair a bhíonn anailís á déanamh ar an gcreat rialachais inmheánaigh agus ar rialuithe infheistíochta ar fud an ghnólachta, ba cheart d'údaráis inniúla na measúnuithe a fuarthas ó mhaoirseoirí margaidh a chur san áireamh freisin, agus meastóireacht a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil siad mar bhonn le hábhair imní stuamachta. D'fhéadfadh go mbeadh sé seo i gceist go háirithe sa chás go léirítear sna torthaí go bhfuil laigí ábhartha i gcórais agus i rialuithe gnólachta infheistíochta chomh fada is a bhaineann le NPAP agus seachfhoinsiú. Os a choinne sin, i gcás ina léirítear i measúnú an údaráis inniúil na heasnaimh i rialuithe inmheánacha agus i gcreat rialachais an ghnólachta infheistíochta agus i rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta is cúis imní stuamachta a bhaineann le NPAP agus seachfhoinsiú, ba cheart d'údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe sin a roinnt le maoirseoirí margaidh.

### Catagóir 3 gnólachtaí infheistíochta

109. Chun críche comhréireachta agus sa chás go bhfuil gnólachtaí infheistíochta chatagóir 3 i gceist, ba cheart d'údaráis inniúla, measúnú a dhéanamh, ar a laghad, ar cibé acu atá nó nach bhfuil mír 107 á comhlíonadh.

## 5.3 Eagrú agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta

110. De réir Airteagal 26 agus Airteagal 28 de Threoir 2019/2034 (AE), Treoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach agus Treoirlínte Comhpháirteacha ESME agus an ÚBE maidir le hoiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme a mheasúnú, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar a laghad, ar cibé atá nó nach bhfuil:

a. na socruithe atá dírithe ar a chinntiú go gcuirtear oiriúnacht aonair agus chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta agus oiriúnacht aonair na sealbhóirí príomhfheidhme chun feidhme agus i gcrích go héifeachtach, tráth an cheapacháin, nuair a tharlaíonn athruithe ábhartha, agus ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla ábhartha;

b. comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta oiriúnach agus an bhfuil a fheidhmeanna á gcur i gcrích go héifeachtach ag an gcomhlacht bainistíochta;

c. idirghníomhaíocht éifeachtach idir an comhlacht bainistíochta i ndáil lena fheidhmeanna bainistíochta agus maoirseachta;

d. an comhlacht bainistíochta, ina fheidhm bhainistíochta, ag stiúradh an ghnó go cuí agus an ndéanann an fheidhm mhaoirseachta maoirsiú agus faireachán ar chinnteoireacht agus ar ghníomhaíochtaí bainistíochta;

e. cleachtais agus nósanna imeachta rialachais inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm don chomhlacht bainistíochta agus dá choistí, i gcás ina mbunófar iad; agus

f. gach comhalta den chomhlacht bainistíochta ar an eolas faoin ngníomhaíocht fhoriomlán, tá staid airgeadais agus riosca an ghnólachta infheistíochta soiléir, éifeachtach agus tá línte tuairiscithe trédhearcacha bunaithe.

### Catagóir 3 gnólachtaí infheistíochta

111. Chun críche comhréireachta agus sa chás go bhfuil gnólachtaí infheistíochta chatagóir 3 i gceist, ba cheart d'údaráis inniúla, measúnú a dhéanamh, ar a laghad, ar cibé acu atá nó nach bhfuil pointe a go b de mhír 110 á chomhlíonadh.

## 5.4 Beartais agus cleachtais luacha saothair

112. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus cleachtais luacha saothair bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá neodrach ó thaobh inscne de, mar atá sonraithe in Airteagal 25 go 26 agus in Airteagal 30 go 33 de Threoir (AE) 2019/2034 agus Treoirlínte an ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhónta, go háirithe do chatagóirí foirne lena n-áirítear comhaltaí foirne sinsearacha, glacadóirí riosca, comhaltaí foirne a bhfuil baint acu le feidhmeanna rialaithe agus aon fhostaithe a fhaigheann an luach saothair is ísle a fhaigheann an fhoireann bhainistíochta shinsearach nó glacadóirí riosca, a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca nó sócmhainní an ghnólachta infheistíochta atá á bhainistiú.

113. Ba cheart d’údaráis inniúla an méid seo a leanas ar a laghad a mheasúnú:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil an beartas luacha saothair don fhoireann ar fad comhsheasmhach le straitéisí gnó agus riosca an ghnólachta infheistíochta, leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta agus na bearta a glacadh chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, neodrach ó thaobh inscne de agus nach spreagann sé glacadh riosca iomarcach agus go bhfuil sé á chothabháil, á fhormheas agus á mhaoirsiú ag an gcomhlacht bainistíochta;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil comhaltaí foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca nó sócmhainní an ghnólachta riosca

atá á mbainistiú sainaitheanta go cuí agus de réir an chaighdeáin theicniúil rialála faoi Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2019/2034;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil tionchar ag luach saothair athraitheach ar chumas an ghnólachta infheistíochta bonn caipitil fhónta a áirithiú agus go bhfuil ceanglais Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 á gcomhlíonadh;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil luach saothair na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh, sa chás go bhfuil a leithéid bunaithe, nasctha le feidhmiú na ngníomhaíochtaí a dhéanann na feidhmeanna rialaithe a mhonatóiriú agus a rialú agus nach bhfuil tionchar aige ar shlí ar bith eile ar a n-oibiachtúlacht;

e. cibé acu atá nó nach bhfuil gnólachtaí infheistíochta bunaithe, más cuí, coiste luacha saothair chun comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta maidir lena fheidhm mhaoirseachta agus na cinntí atá le déanamh ag an gcomhlacht seo a ullmhú. Sa chás nach gá coiste luacha saothair a chur ar bun, ba cheart na forálacha a bhaineann leis na gcoiste luacha saothair a fhorléiriú mar fhorálacha a bhaineann le feidhm mhaoirseachta an chomhlachta bainistíochta; agus

f. tá an beartas luacha saothair faoi réir athbhreithniú inmheánach neamhspleách a bheidh á dhéanamh ag na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh.

114. Sa chás go mbíonn prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar na critéir atá sonraithe i dTreoirlínte an ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhónta, go háirithe cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta údaraithe chun na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear dóibh i dTreoir 2014/65/AE, pointe (2), (3), (4), (6) agus (7) de Rannóg A d'Iarscríbhinn 1. I gcás mar sin ba cheart go mbeadh an t-údarás inniúil, mar phrionsabal ginearálta, ag súil le leibhéal castachta níos airde, go háirithe má tá an gnólacht infheistíochta údaraithe chun airgead nó sócmhainní cliant a choinneáil ina sheilbh.

## 5.5 Creat agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

### 5.5.1 Creat rialaithe inmheánaigh

115. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe inmheánaigh bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá oiriúnach do chineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta, de réir na bhforálacha atá sonraithe i dTreoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú seo, ar a laghad:

a. cibé an gcuireann nó nach gcuireann gnólachtaí infheistíochta an creat rialaithe inmheánaigh a chlúdaíonn an eagraíocht ar fad chun feidhme, lena n-áirítear freagrachtaí agus cúraimí an chomhlachta bainistíochta, agus gníomhaíochtaí gach líne ghnó agus gach aonad inmheánach, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí seachfhoinsithe agus cainéil dáileacháin;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil beartais rialaithe inmheánaigh, sásraí agus nósanna imeachta leordhóthanacha i scríbhinn á mbunú, á gcothabháil agus á dtabhairt cothrom le dáta go rialta ag gnólachtaí infheistíochta, ar cheart don chomhlacht bainistíochta iad a fhormheas;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil línte gnó na ngnólachtaí infheistíochta freagrach as na rioscaí a thabhaíonn siad nuair a bhíonn a ngníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a bhainistiú agus cibé acu atá nó nach bhfuil rialuithe bunaithe acu a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go bhfuil ceanglais inmheánacha agus sheachtracha á gcomhlíonadh;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil an comhlacht bainistíochta freagrach as bunú agus monatóireacht leordhóthanacht agus éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh, na bpróiseas agus na sásraí, agus as maoirseacht a dhéanamh ar gach líne ghnó agus aonad inmheánach, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh;

e. más cuí, tá creat rialaithe inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta curtha in oiriúint ar bhonn aonair do shainiúlacht a ghnó, dá chastacht agus do na rioscaí gaolmhara agus tá comhthéacs an ghrúpa á chur san áireamh;

f. cibé acu atá nó nach bhfuil próiseas cinnteoireachta atá soiléir, trédhearcach agus doiciméadaithe mar aon le leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus údaráis laistigh dá chreat rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear a línte gnó, aonaid inmheánacha agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh;

g. cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis riachtanach á malartú, lena n-áirítear beartais, sásraí agus nósanna imeachta agus na nuashonruithe a bhaineann leo, ar bhealach tráthúil lena n-áirithítear go mbeidh an comhlacht bainistíochta, gach líne ghnó agus aonad inmheánach, lena n-áirítear gach feidhm rialaithe inmheánaigh neamhspleách, in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh;

h. cibé acu an gcuireann nó nach gcuireann feidhmeanna rialaithe inmheánaigh tuairiscí scríofa ar fáil don chomhlacht bainistíochta, tuairiscí atá tráthúil, beacht, achomair, cuimsitheach, soiléir agus úsáideach, maidir le heasnaimh shuntasacha atá sainaitheanta agus cuimsítear i dtuairiscí dá leithéid, le haghaidh gach easnamh suntasach sainaitheanta, na rioscaí ábhartha atá i gceist, measúnú tionchair, moltaí agus bearta ceartaitheacha atá le cur i gcrích;

i. cibé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag feidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus ar féidir leo tuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, chun aird a tharraingt ar ábhair imní más gá;

j. cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an comhlacht bainistíochta obair leantach i ndáil le torthaí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach agus an bhfuil gá le gníomhaíochtaí feabhais oiriúnacha agus nós imeachta foirmiúil leantach maidir le torthaí agus bearta feabhais curtha i gcrích.

### 5.5.2 Feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

116. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil feidhm comhlíonta inmheánaigh éifeachtach agus buan bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta agus, más cuí agus comhréireacht, feidhm bainistíochta riosca agus feidhm iniúchta inmheánaigh, le dóthain údaráis, seasaimh, acmhainní agus más gá, rochtain dhíreach ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus a choistí, sa chás go mbunaítear a leithéid, lena n-áirítear go háirithe an coiste riosca.

117. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil forálacha Theideal 5 de Threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach á gcomhlíonadh ag feidhm chomhlíonta an ghnólachta infheistíochta, agus sa chás go mbunaítear a leithéid, feidhm bhainistíochta riosca agus feidhm iniúchta inmheánaigh.

## 5.6 Creat bainistíochta riosca

118. Ba cheart d’údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat bainistíochta riosca agus próisis bhainistíochta riosca iomchuí bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta. Ba cheart d’údaráis inniúla an méid seo a leanas ar a laghad a athbhreithniú:

a. an straitéis riosca, an inghlacthacht riosca agus an creat bainistíochta riosca;

b. creat ICARAP;

c. íogaireacht do luaineachtaí geilleagracha thimthriallacha.

### 5.6.1 Creat bainistíochta riosca, inghlacthacht riosca agus straitéis

119. Nuair a bhíonn an creat bainistíochta riosca á mheasúnú, ba cheart d’údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar an méid atá sé leabaithe agus ar an tionchar atá aige ar straitéis fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart d’údaráis inniúla, go háirithe, measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil naisc iomchuí agus chomhsheasmhacha idir an straitéis ghnó, an straitéis riosca, an inghlacthacht riosca agus an creat bainistíochta riosca, agus na creataí bainistíochta caipitil agus leachtachta.

120. Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar an straitéis riosca, inghlacthacht riosca agus creat bainistíochta riosca gnólacht infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas ar a laghad:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil creat bainistíochta riosca iomlánaíoch don ghnólacht infheistíochta iomlán ag gnólachtaí infheistíochta atá ábhartha don eagraíocht iomlán, a thugann aitheantas iomlán do shubstaint gheilleagrach a neamhchosaintí riosca uile lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann leis an ngnólacht infheistíochta féin, a chustaiméirí agus a mhargaí agus riosca leachtachta, go háirithe na rioscaí

sin a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar leibhéal na gcistí dílse atá ar fáil nó leibhéal na gcistí dílse a ídiú.

b. cibé acu an gcuimsítear nó nach gcuimsítear sa chreat bainistíochta riosca gach riosca ábhartha agus go ndéantar breithniú mar is cuí ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil úsáid á baint ag an ngnólacht infheistíochta as modheolaíochtaí measúnaithe cainníochtúla amháin (lena n-áirítear tástáil struis) nuair a bhíonn rioscaí á sainaithint agus á dtomhas nó á meas, nó an bhfuil uirlisí measúnaithe riosca cáilíochtúla in úsáid freisin (lena n-áirítear breithiúnas saineolaithe agus anailís chriticiúil);

d. cibé acu atá nó nach bhfuil tuairisciú riosca éifeachtach á dhéanamh a gcuimsítear ann breithniú inmheánach fónta agus eolas maidir le straitéis riosca agus sonraí riosca ábhartha a roinnt, ar bhonn cothrománach ar fud na ngnólachtaí infheistíochta agus feadh an tslabhra bhainistíochta;

e. cibé acu an gcuimsítear nó nach gcuimsítear i gcreat bainistíochta riosca an ghnólachta infheistíochta beartais, nósanna imeachta, teorainneacha riosca agus rialuithe riosca a áirithíonn sainaithint, tomhas nó measúnú atá leordhóthanach, tráthúil agus leanúnach, faireachán, bainistiú, maolú agus tuairisciú ar na rioscaí ag an líne ghnó, ag leibhéal an ghnólachta infheistíochta agus, más cuí, ag an leibhéal comhdhlúite;

f. tá na rioscaí ábhartha ar fad á n-aistriú chuig teorainneacha sonracha riosca ag an straitéis riosca agus ag an inghlacthacht riosca;

g. cibé acu an mbreithníonn nó nach mbreithníonn an straitéis agus inghlacthacht riosca, inghlacthacht riosca agus acmhainní airgeadais an ghnólachta infheistíochta agus an gcuirtear san áireamh ceanglais mhaoirseachta maidir le cistí dílse agus leachtacht mar aon le bearta agus ceanglais mhaoirseachta eile;

h. cibé acu atá nó nach bhfuil próisis bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta chun cinntí diúltacha déanta ag an bhfeidhm chomhlíonta nó, más cuí, an fheidhm bainistíochta riosca, a fhormheas.

### 5.6.2 Creat don Próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil agus don phróiseas inmheánach measúnaithe riosca (ICARAP)

121. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil socruithe, straitéisí agus próisis fhónta, éifeachtacha agus chuimsitheacha bunaithe ag gnólachtaí infheistíochta, nach ionann iad agus gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha de réir Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2033, ar fheidhmigh údaráis inniúla an lánrogha a shamhlaítear sa dara fomhír d'Airteagal 24(2) de Threoir (AE) 2019/2034 lena n-aghaidh, ag leibhéal aonair, nó grúpaí gnólachtaí infheistíochta, ag leibhéal comhdhlúite, chun measúnú agus cothabháil a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar mhéideanna, cineálacha agus dáileadh an

chaipitil inmheánaigh agus na sócmhainní leachtacha a mheas ann siad a chlúdaíonn cineál agus leibhéal na rioscaí a d'fhéadfaidís a chruthú do ghrúpaí eile agus a bhfuil nó a bhféadfadh na gnólachtaí infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu. Ba cheart glacadh le socruithe, straitéisí agus próisis dá leithéid mar chuid de phróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil agus de mheasúnú riosca inmheánach ar féidir glacadh leis freisin mar phróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil (ICAAP) agus próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil (ILAAP).

122. Chomh fada is a bhaineann le gnólachtaí infheistíochta a bhfuil na coinníollacha á gcomhlíonadh acu chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha mar atá sonraithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a bhfuil a n-údaráis inniúla ag fiafraí díobh na ceanglais a chur i bhfeidhm de réir Airteagal 24(2) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do na húdaráis inniúla an measúnú a chur i gcrích ar bhealach a mheastar atá oiriúnach.

123. Ba cheart go gcabhródh na measúnuithe sin le cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse breise agus leis an measúnú ar leordhóthanacht chaipitil atá sonraithe i dTeideal 7, agus leis an meastóireacht ar leordhóthanacht leachtachta atá sonraithe i dTeideal 9.

## Fóntacht ICARAP

124. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar fhóntacht ICARAP, na cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid thíos, más cuí nuair atá idirdhealú á dhéanamh idir ICAAP agus ILAAP:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil na socruithe, straitéisí agus próisis atá luaite in ICARAP oiriúnach agus comhréireach do chineál, méid agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil athbhreithniú á dhéanamh go rialta ag an ngnólacht infheistíochta ar na socruithe, straitéisí agus próisis ar cuid de ICARAP iad;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil na modheolaíochtaí agus toimhdí atá curtha i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta oiriúnach agus bunaithe ar shonraí ionchuir fónta eimpíreacha;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil an leibhéal muiníne comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca;

e. cibé acu atá nó nach bhfuil sainmhíniú agus comhdhéanamh na n-acmhainní caipitil inmheánacha nó leachtachta atá ar fáil arna mbreithniú ag an ngnólacht infheistíochta le haghaidh ICARAP comhsheasmhach leis na rioscaí arna dtomhas ag an ngnólacht infheistíochta agus incháilithe chun cistí dílse agus maoláin leachtachta a ríomh.

## Éifeachtacht ICARAP

125. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar éifeachtacht ICARAP, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid thíos, más cuí nuair atá idirdhealú á dhéanamh idir ICAAP agus ILAAP:

a. cibé acu an mbreithníonn nó nach mbreithníonn an gnólacht infheistíochta ICARAP agus a thorthaí sna próisis chinnteoireachta agus bhainistíochta ag gach leibhéal den ghnólacht infheistíochta;

b. úsáideann an gnólacht infheistíochta ICARAP agus a thorthaí mar chuid dá bhainistíocht riosca, caipitil agus leachtachta;

c. tá beartais, nósanna imeachta agus uirlisí bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta chun an méid seo a leanas a éascú:

i. sainaithint shoiléir feidhmeanna agus/nó coistí ábhartha atá freagrach as gnéithe éagsúla de ICARAP;

ii. pleanáil chaipitil agus leachtachta: acmhainní caipitil agus leachtachta a ríomh ar bhonn réamhbhreathnaitheach i dtaca leis an straitéis fhoriomlán nó le hidirbhearta suntasacha;

iii. leithdháileadh agus faireachán ar acmhainní caipitil agus leachtachta i measc línte gnó agus cineálacha riosca, go suntasach trí theorainneacha riosca arna sainiú le haghaidh línte gnó, eintiteas nó rioscaí aonair comhsheasmhach leis an gcuspóir chun leordhóthanacht iomlán acmhainní inmheánacha caipitil agus leachtachta an ghnólachta infheistíochta a áirithiú;

iv. tuairisciú rialta agus pras leordhóthanacht chaipitil agus leachtachta don fhoireann bhainistíochta shinsearach agus don chomhlacht bainistíochta;

v. feasacht agus gníomhaíochtaí na foirne bainistíochta sinsearacha nó an chomhlachta bainistíochta sa chás go bhféadfadh an straitéis ghnó agus/nó idirbhearta aonair suntasacha a bheith ar neamhréir le ICAAP agus leis an gcaipiteal inmheánach atá ar fáil nó le ILAAP agus na hacmhainní leachtachta inmheánacha atá ar fáil;

d. cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an comhlacht bainistíochta tiomantas oiriúnach do agus eolas ar ICARAP agus a thorthaí; agus

e. cibé acu atá nó nach bhfuil ICARAP réamhbhreathnaitheach trí mheasúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht sócmhainní caipitil agus leachtachta inmheánacha le pleananna straitéiseacha.

## Cuimsitheacht ICARAP

126. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht chlúdach ICARAP de shamhail ghnó, línte gnó, gníomhaíochtaí agus eintitis dhlíthiúla an ghnólachta infheistíochta.

Bunaithe ar an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht shainaithint ICARAP agus measúnú rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu nó a chruthú do dhaoine eile, agus conas atá ag éirí le ICARAP ceanglais dlí a chomhlíonadh. Go háirithe, ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a. cibé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear ICARAP i bhfeidhm ar bhonn aonchineálach agus comhréireach le haghaidh línte gnó, gníomhaíochtaí agus eintiteas dlíthiúil ábhartha ar fad an ghnólachta infheistíochta i ndáil le sainaithint agus measúnú riosca;

b. sa chás go bhfuil socruithe nó próisis rialachais inmheánacha difriúla ag eintiteas i gcomparáid le heintitis eile sa ghrúpa, a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil bonn cuí leis na difríochtaí sin. D'fhéadfaí cead a thabhairt do chuid den ghrúpa glacadh le samhlacha ardleibhéil mar gheall ar easpa sonraí leordhóthanacha chun paraiméadair a mheas le haghaidh roinnt línte gnó, gníomhaíochtaí nó eintiteas dlíthiúil, ar an gcoinníoll nach ionann na línte gnó, gníomhaíochtaí nó eintitis dhlíthiúla sin agus foinse comhchruinnithe riosca don chuid eile den phunann.

### 5.6.3 Measúnú an ghnólachta infheistíochta ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha

127. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann na gnólachtaí infheistíochta measúnú cuimsitheach ar rioscaí atá ábhartha dá samhail ghnó agus oibriúcháin, do chomhdhéanamh a bpunainne nó dá straitéisí trádála. Ba cheart go n-áireofaí anseo measúnú ar na rioscaí seo i gcomhthéacs na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de luaineachtaí ar chumas an ghnólachta infheistíochta a cheanglais maidir lena chistí dílse féin a chomhlíonadh, a oibríochtaí gnó leanúnacha a mhaoiniú nó clabhsúr a chur le cúrsaí go hordúil.

128. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil measúnú níos doimhne trí úsáid a bhaint as tástáil/tástálacha struis nó anailís íogaireachta á dhéanamh ag gnólachtaí infheistíochta ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear dóibh i bpointe (3) nó (6) de Rannóg A d'Iarscríbhinn I le Treoir 2014/65/AE, agus ba cheart a bheith ag súil go léireofar ann raon feidhme agus leibhéal castachta atá oiriúnach do nádúr, scála agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta.

129. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe an ghnólachta infheistíochta ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha, más cuí, i bhfoirm tástála struis nó anailísí íogaireachta, agus na torthaí. Sa chás, bunaithe ar a leithéid sin d'athbhreithniú, gur féidir brath go leordhóthanach ar mheasúnuithe an ghnólachta infheistíochta ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha, ba cheart torthaí a leithéid sin d'athbhreithniú a úsáid mar bhonn leis an measúnú ar ghnéithe éagsúla SREP, go háirithe:

a. ba cheart sainaithint easnamh féideartha sna socruithe rialachais foriomlána nó rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta sainaitheanta i rith an athbhreithnithe a chur san áireamh;

b. sainaithint na leochaileachtaí gnó ábhartha ba cheart a bhreithniú nuair atá measúnú á dhéanamh ar inmharthanacht agus ar inbhuanaitheacht straitéisí shamhail ghnó an ghnólachta infheistíochta de réir Theideal 4;

c. ba cheart do na húdaráis inniúla sainaithint leochaileachtaí nó laigí féideartha i mbainistíocht riosca agus i rialuithe i limistéir riosca aonair sainaitheanta i rith an athbhreithnithe a chur san áireamh nuair atá measúnú á dhéanamh acu ar rioscaí aonair do chaipiteal dá dtagraítear dóibh i dTeideal 6 nó rioscaí do leachtacht dá dtagraítear dóibh i dTeideal 8; agus

d. cinneadh féideartha maidir le treoir maidir le cistí dílse breise (P2G), pleanáil chaipitil athbhreithnithe agus bearta eile atá sonraithe i dTeideal 7 agus 10.

130. Maidir le gnólachtaí infheistíochta a bhfuil gníomhaíochtaí dá dtagraítear dóibh i bpointe (3) nó (6) de Rannóg A d'Iarscríbhinn I le Treoir 2014/65/AE á gcur i gcrích acu, nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar thástálacha struis nó ar anailísí íogaireachta, agus a gcuid torthaí, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar:

a. oiriúnacht na gcásanna a roghnaíodh, ba cheart a bheith ábhartha do shamhail gnó an ghnólachta infheistíochta nó línte gnó nó punanna aonair agus don mhargadh ina bhfuil sé ag feidhmiú;

b. na toimhdí, modheolaíochtaí agus tionscnóirí riosca bunúsacha, lena n-áirítear déine an cháis;

c. clúdach na rioscaí agus na leochaileachtaí ábhartha sainaitheanta, agus an tionchar atá acu ar chumas an ghnólachta infheistíochta brabús a dhéanamh agus ceanglais chaipitil leordhóthanacha a chothabháil; agus

d. úsáid a bhaint as na torthaí, roimh agus i ndiaidh na ngníomhaíochtaí bainistíochta ábhartha a chur san áireamh, i mbainistíocht riosca agus straitéiseach an ghnólachta infheistíochta.

131. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar thástálacha struis agus ar anailísí íogaireachta agus ar a dtorthaí i gcás grúpaí trasteorann, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar inaistritheacht chaipitil agus leachtachta idir na heintitis dlí nó na haonaid ghnó i rith dálaí anáis, chomh maith le feidhmiú aon socruithe tacaíochta airgeadais inghrúpa atá bunaithe, agus na deacrachtaí maoinithe a d'fhéadfaí a bheith ag súil leo i rith dálaí anáis a chur san áireamh.

132. Má shainaithníonn údaráis inniúla easnaimh i ndearadh an mheasúnaithe ar na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha nó, más cuí, i ndearadh na gcásanna nó na dtoimhdí a úsáideann gnólachtaí infheistíochta chun críche tástála struis nó anailísí íogaireachta, d'fhéadfaidís a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta faoi seach a gcuid anailísí a athdhéanamh nó a athrith

nó codanna sonracha áirithe trí úsáid a bhaint as toimhdí modhnaithe curtha ar fáil ag na húdaráis inniúla nó cásanna sonracha forordaithe.

## 5.7 Rioscaí ML/TF agus imní stuamachta

133. Nuair a bhíonn anailís á déanamh ar an gcreat rialachais inmheánaigh agus ar rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta, ba cheart do na húdaráis inniúla na measúnuithe a fuarthas ó mhaoirseoirí AML/CFT a chur san áireamh freisin, agus meastóireacht a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil siad seo mar bhonn le himní stuamachta. D'fhéadfadh sé seo a bheith fíor go háirithe i gcás ina léiríonn torthaí laigí ábhartha i gcórais agus i rialuithe AML/CFT an ghnólachta infheistíochta. Os a choinne sin, i gcás ina léirítear i measúnú an údaráis inniúil na heasnaimh i rialuithe inmheánacha agus i gcreat rialachais an ghnólachta infheistíochta agus i rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta atá mar bhonn le himní stuamachta a bhaineann le riosca ML/TF, ba cheart d'údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe sin a roinnt le maoirseoirí AML/CFT.

134. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcuimsítear nó nach gcuimsítear i gcreat rialachais fhoriomláin an ghnólachta infheistíochta bainistíocht na rioscaí ML/TF freisin.

135. De réir Threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach agus Treoirlínte Comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir le measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ó thaobh stuamachta de maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta maidir le rioscaí ML/TF á gcomhlíonadh. Ba cheart d'údaráis inniúla aon fhaisnéis fhorlíontach a fhaightear ó mhaoirseoirí AML/CFT i ndiaidh an measúnú a dhéanamh a chur sna áireamh.

### Catagóir 3 gnólachtaí infheistíochta

136. Chun críche comhréireachta, sa chás go bhfuil bunús le riosca ML/TF níos ísle bunaithe ar na cineálacha cliant agus cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar a laghad ar cibé an gcuimsítear nó nach gcuimsítear bainistíocht rioscaí ML/TF i gcreat rialachais fhoriomláin an ghnólachta infheistíochta.

## 5.8 Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

137. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil córais faisnéise fónta, éifeachtacha agus iontaofa bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta agus cibé acu atá nó nach bhfuil córais agus tacaíocht oiriúnach TF ag a bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh mar aon le rochtain ar an bhfaisnéis inmheánach agus sheachtrach atá riachtanach chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

138. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta in ann slándáil a líonra agus córas faisnéise a chosaint chun rúndacht, sláine agus infhaighteacht a bpróiseas, sonraí agus sócmhainní a áirithiú.

139. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil na córais faisnéise ag tacú go héifeachtach le gnó agus bainistíocht riosca an ghnólachta infheistíochta.

## 5.9 Teagmhas gnó agus pleanáil leanúnachais

140. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil córas éifeachtach bainistíochta leanúnachais gnó bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta chun a chumas leanúint ar aghaidh go leanúnacha a áirithiú agus srian a chur le caillteanas sa chás go gcuirtear isteach ar an ngnó ar bhealach suntasach.

141. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil pleananna teagmhais agus leanúnachais gnó curtha i bhfeidhm agus tástáilte chun a áirithiú go bhfreagraíonn an gnólacht infheistíochta go cuí d'éigeandálaí agus go bhfuil ar a chumas leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna riachtanacha gnó má chuirtear isteach ar a ghnáthnósanna imeachta gnó;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil a phleananna teagmhais agus leanúnachais gnó doiciméadaithe agus curtha chun feidhme go cuí.

## 5.10 Cur i bhfeidhm ag leibhéal comhdhlúite agus impleachtaí d'eintitis ghrúpa

142. Ag an leibhéal comhdhlúite, sa bhreis ar na gnéithe a clúdaíodh sna rannóga thuas, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a. cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann comhlacht bainistíochta an ghnólachta infheistíochta comhdhlúthaithe modh eagraithe an ghrúpa agus róil na n-eintiteas éagsúil, agus na naisc agus na caidrimh eatarthu;

b. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil struchtúr eagraíochtúil agus dlíthiúil an ghrúpa soiléir agus trédhearcach, agus oiriúnach do mhéid agus do chastacht an ghnó agus na n-oibríochtaí;

c. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil córas éifeachtach bainistíochta faisnéise agus tuairiscithe sa ghrúpa trí chéile bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá infheidhme maidir le gach aonad gnó agus eintiteas dlíthiúil, agus go bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil do chomhlacht bainistíochta an mháthairghnólachta infheistíochta ar bhonn tráthúil;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil straitéisí comhsheasmhacha sa ghrúpa trí chéile bunaithe ag comhlacht bainistíochta a ghnólachta infheistíochta comhdhlúthaithe,

lena n-áirítear straitéis riosca sa ghrúpa trí chéile agus creat maidir le hinghlacthacht riosca;

e. cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn an grúpbhainistíocht riosca gach riosca ábhartha beag beann ar cibé acu an n-eascraíonn an riosca ó eintitis nach bhfuil faoi réir comhdhlúthaithe (lena n-áirítear SPVanna, SPEanna agus gnólachtaí maoine) agus bunaítear dearcadh cuimsitheach ar na rioscaí go léir;

f. cibé acu atá nó nach bhfuil, áit a mbunaítear a leithéid, feidhm iniúchta inmheánaigh neamhspleách sa ghrúpa trí chéile, foireann agus acmhainní cuí, stádas cuí agus líne thuairiscithe dhíreach chuig comhlacht bainistíochta an ghnólachta infheistíochta comhdhlúthaithe.

143. Nuair a bhíonn an measúnú á dhéanamh ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe ar fud an ghnólachta ag leibhéal foghnólachta, sa bhreis ar na gnéithe a liostaítear sa teideal seo, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta sa ghrúpa trí chéile á gcur chun feidhme go comhsheasmhach ag leibhéal an fhoghnólachta agus cibé acu atá nó nach bhfuil céimeanna curtha i gcrích ag eintitis ghrúpa d'fhonn a áirithiú go bhfuil gach dlí agus rialachán is infheidhme á gcomhlíonadh ag a gcuid oibríochtaí.

## 5.11 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

144. I ndiaidh na measúnuithe thuasluaite a dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le leordhóthanacht shocruithe rialachais inmheánaigh agus rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart an dearcadh seo a léiriú san achoimre ar thorthaí, agus scór inmharthanachta a chur ar fáil bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 4.

Tábla 4. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór a shannadh do rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| 1 | Cruthaíonn easnaimh i rialachas inmheánach agus socruithe rialaithe ar fud an ghnólachta infheistíochta leibhéal íseal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá struchtúr eagraíochtúil láidir agus trédhearcach ag an ngnólacht infheistíochta mar aon le freagrachtaí soiléire agus tá glacadh riosca á scaradh ó fheidhmeanna bainistíochta riosca agus rialaithe.<br>• Tá cultúr corparáideach slán, bainistíochta coinbhleachtaí leasa agus próiseas sceithireachta bunaithe.<br>• Tá comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta oiriúnach.<br>• Tá an beartas luacha saothair i gcomhréir le straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta agus na leasanna fadtéarmacha.<br>• Tá an creat bainistíochta riosca agus na próisis bhainistíochta riosca oiriúnach. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Tá an creat rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha oiriúnach.<br>• Tá na feidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus tá acmhainní leordhóthanacha acu tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach de réir na gcaighdeán agus na gceanglas idirnáisiúnta atá bunaithe.<br>• Tá na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide oiriúnach.<br>• Tá na socruithe leanúnachais gnó agus pleanála teagmhais oiriúnach. |
| 2 | Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus i socruithe rialaithe ar fud an ghnólachta infheistíochta leibhéal meánach-íseal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá struchtúr eagraíochtúil láidir agus trédhearcach ag an ngnólacht infheistíochta mar aon le freagrachtaí soiléire agus tá an glacadh riosca scartha ó na feidhmeanna bainistíochta riosca agus rialaithe.<br>• Tá cultúr corparáideach fónta den chuid is mó, tá coinbhleachtaí leasa á mbainistiú agus tá próisis sceithireachta bunaithe.<br>• Tá comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta oiriúnach den chuid is mó.<br>• Tá an beartas luacha saothair ag teacht a bheag nó a mhór le straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta agus le leasanna fadtéarmacha.<br>• Tá an creat bainistíochta riosca agus na próisis bhainistíochta riosca oiriúnach.<br>• Tá an creat rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha oiriúnach tríd is tríd.<br>• Tá na feidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus tá a gcuid oibríochtaí éifeachtach den chuid is mó.<br>• Tá na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide oiriúnach tríd is tríd.<br>• Tá na socruithe leanúnachais gnó agus pleanála teagmhais oiriúnach. |
| 3 | Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus i socruithe rialaithe ar fud an ghnólachta infheistíochta leibhéal meánach-ard de riosca | • Níl struchtúr eagraíochtúil agus freagrachtaí an ghnólachta infheistíochta go hiomlán trédhearcach agus níl an glacadh riosca deighilte go hiomlán ó fheidhmeanna bainistíochta agus rialaithe riosca.<br>• Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht an chultúir chorparáidigh, bainistiú coinbhleachtaí leasa agus/nó próisis sceithireachta.<br>• Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht chomhdhéanamh agus fheidhmiú an chomhlachta bainistíochta. |

| | | |
|---|---|---|
| | d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá imní ann go bhféadfadh an beartas luacha saothair a bheith ar neamhréir le straitéis riosca agus leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht an chreata bainistíochta riosca agus na bpróiseas bainistíochta riosca.<br>• Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht an chreata rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha.<br>• Tá amhras ann maidir le neamhspleáchas agus oibriú éifeachtach na bhfeidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh.<br>• Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.<br>• Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht na socruithe do phleanáil ghnó agus do phleanáil teagmhais. |
| 4 | Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus sna socruithe rialaithe ar fud an ghnólachta infheistíochta ardleibhéal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Níl struchtúr eagraíochtúil agus freagrachtaí an ghnólachta infheistíochta trédhearcach agus ní dhéantar an glacadh riosca a dheighilt ó fheidhmeanna bainistíochta agus rialaithe riosca.<br>• Níl an cultúr corparáideach, bainistiú coinbhleachtaí leasa agus/nó próisis sceithireachta oiriúnach.<br>• Níl comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta oiriúnach.<br>• Tá an beartas luacha saothair i gcoinbhleacht le straitéis riosca agus leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta.<br>• Níl an creat bainistíochta riosca agus na próisis bhainistíochta riosca oiriúnach.<br>• Níl an fheidhm bainistíochta riosca, comhlíonta agus/nó iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus/nó níl na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh ag feidhmiú de réir caighdeán agus ceanglas idirnáisiúnta atá bunaithe; níl oibríochtaí éifeachtach.<br>• Níl an creat rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha oiriúnach.<br>• Níl na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide oiriúnach.<br>• Níl na socruithe leanúnachais gnó agus pleanála teagmhais oiriúnach. |

# Teideal 6 Rioscaí do chaipiteal a mheas

## 6.1 Breithniúcháin ghinearálta

145. Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú agus scóráil a dhéanamh ar na rioscaí don chaipiteal atá sainaitheanta mar rioscaí atá ábhartha don ghnólacht infheistíochta. D'fhonn raon feidhme an mheasúnaithe a chinneadh, ar dtús ba cheart d'údaráis inniúla foinsí na riosca do chaipiteal a bhfuil nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla an t-eolas a fuarthas ó mheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe eile de SREP a úsáid, trí sheasamh an ghnólachta infheistíochta a chur i gcomparáid lena phiaraí agus aon ghníomhaíochtaí maoirseachta eile. Ba cheart na rioscaí a bhaineann le caipiteal a mheas ar bhealach comhréireach, i.e. leibhéal mionsonraí na hanailíse a choigeartú bunaithe ar chineál, méid agus castacht an ghnólachta infheistíochta.

146. Is é cuspóir an teidil seo modheolaíochtaí coiteanna a chur ar fáil atá le breithniú chun rioscaí aonair agus bainistíocht riosca agus rialuithe a mheas. Níl sé beartaithe go mbeadh sé uileghabhálach agus tugann sé deis d'údaráis inniúla critéir bhreise eile a d'fhéadfaí a mheas a bheith ábhartha bunaithe ar a dtaithí agus ar ghnéithe sonracha an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh.

147. Tugann an teideal seo treoir d'údaráis inniúla maidir le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na costais a bhaineann le clabhsúr a chur go hordúil leis an ngnólacht infheistíochta mar aon le treoirlínte maidir le measúnú agus scóráil na gcatagóirí rioscaí seo a leanas do chaipiteal i ngníomhaíochtaí leanúnacha gnólachtaí infheistíochta:

a. Riosca don Chliant;

b. Riosca don Mhargadh;

c. Riosca don Ghnólacht;

d. rioscaí eile.

148. Tá mír 147, pointe (a) go (c) infheidhme i ndáil le measúnú na ngnólachtaí infheistíochta atá rangaithe i gcatagóir 1, 2 nó 3, ag féachaint do raon feidhme ghníomhaíochtaí údaraithe na ngnólachtaí infheistíochta seo. Más cuí, féadfaidh údaráis áitiúla mír 147, pointe (a) agus (c) a chur san áireamh don mheasúnú ar ghnólachtaí infheistíochta beaga agus neamhchasta a chomhlíonann critéir Airteagal 12 de Rialachán (EU) 2019/2033, agus ábharthacht fochatagóirí éagsúla atá liostaithe faoi na rioscaí thuasluaite do chaipiteal a chur san áireamh le haghaidh na ngnólachtaí infheistíochta seo. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chlabhsúr ordúil a chur le gnólacht infheistíochta mar aon le rioscaí eile, i gcás na ngnólachtaí infheistíochta ar fad atá faoi réir SREP.

149. Sainaithnítear sa teideal freisin sraith fochatagóirí laistigh de gach catagóir riosca thuas, ar gá iad a chur san áireamh nuair a bhíonn rioscaí do chaipiteal á meas. Ag brath ar

ábharthacht aon cheann de na fochatagóirí seo do ghnólacht infheistíochta ar leith, is féidir iad a mheas agus a scóráil ina n-aonar.

150. Tá an cinneadh maidir le hábharthacht bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil agus d'fhéadfadh breithiúnas maoirseachta cur leo.

151. Chomh maith leis sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí eile atá sainaitheanta mar rioscaí atá ábhartha do ghnólacht infheistíochta sonrach ach nach bhfuil liostaithe thuas Is catagóir rioscaí ar leith iad na rioscaí eile sin, nach féidir a lua go réasúnach le ceann den trí chatagóir atá liostaithe i mír 147, pointe (a) go (c). D'fhéadfadh an méid seo a leanas cabhrú leis an bpróiseas sainaitheanta:

a. tionscnóirí cheanglais a gcistí dílse;

b. rioscaí sainaitheanta in ICARAP nó tástálacha struis gnólachta infheistíochta má tá a leithéid ar fáil;

c. rioscaí a eascraíonn as samhail gnó an ghnólachta infheistíochta (lena n-áirítear iad siúd atá sainaitheanta ag gnólachtaí infheistíochta eile a bhfuil úsáid á baint acu as samhail ghnó chosúil);

d. faisnéis a eascraíonn as faireachán ar phríomhtháscairí;

e. torthaí agus barúlacha ó thuarascálacha iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh;

f. moltaí agus treoirlínte arna n-eisiúint ag an ÚBE, mar aon le rabhaidh agus moltaí arna n-eisiúint ag údaráis macrastuamachta nó BERS atá ábhartha don ghnólacht; agus

g. tuairiscí maidir le sáruithe agus teagmhais a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil.

152. Ba cheart do na húdaráis inniúla na gnéithe thuas a chur san áireamh freisin nuair a bhíonn déine a ngníomhaíochta maoirseachta á pleanáil acu maidir le measúnú ar riosca sonrach.

153. Le haghaidh Riosca do Chliant, Riosca don Mhargadh, Riosca don Ghnólacht, mar aon leis an gceanglas a bhaineann le forchostais sheasta, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil na híoscheanglais atá sonraithe i Rialachán (AE) 2019/2033 á gcomhlíonadh ag an ngnólacht infheistíochta. Ceadaíonn na treoirlínte seo, áfach, d'údaráis inniúla síneadh a chur le raon feidhme an mheasúnaithe agus níos mó ná ceanglais sin a chur san áireamh chun teacht ar thuairim chuimsitheach maidir le rioscaí do chaipiteal. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla cásanna a shainaithint nuair nach bhfuil rioscaí áirithe nó gnéithe de rioscaí clúdaithe go hoiriúnach ag na híoscheanglais maidir le cistí dílse, ainneoin ceanglais Rialachán (AE) 2019/2033 a bheith á gcomhlíonadh. Mar shampla, d'fhéadfadh an mhoill mar gheall ar úsáid a bheith á baint as meán gluaisteach le haghaidh roinnt K-Fhachtóirí buaicphointí gníomhaíochta a chothromú agus bíonn costais á ngannmheas má úsáidtear gníomhairí faoi cheangal seachas torthaí foirne inmheánacha. Chuirfeadh an measúnú seo eolas ar fáil chun cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglas i ndáil le cistí dílse breise de réir alt 7.2.1.

154. Nuair a bhíonn na modheolaíochtaí atá sonraithe sa teideal seo á gcur chun feidhme, ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil mar thoradh ar fhaireachán a dhéanamh ar na príomhtháscairí, atá sonraithe i dTeideal 3. Ba cheart d'údaráis inniúla táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla eile a úsáid más cuí chun críche an mheasúnaithe seo.

155. Nuair a bhíonn a gcuid measúnuithe á ndéanamh acu, ba cheart do na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as gach foinse faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear tuairisciú rialála, tuairisciú ad hoc, méadracht agus tuarascálacha inmheánacha an ghnólachta infheistíochta (e.g. tuarascáil ar an iniúchóireacht inmheánach, tuarascálacha bainistíochta riosca, faisnéis ó ICARAP), tuarascálacha cigireachta ar an láthair agus tuarascálacha seachtracha (lena n-áirítear cumarsáid idir an gnólacht infheistíochta agus infheisteoirí, gníomhaireachtaí rátála). Ainneoin go sé beartaithe go mbeidh an measúnú dírithe ar ghnólacht sonrach, ba cheart comparáid le piaraí a bhreithniú chun neamhchosaint fhéideartha do rioscaí do chaipiteal a shainaithint. Chun críocha den sórt sin, ba cheart piaraí a shainiú ar bhonn an riosca agus ní gá go mbeidís ag teacht leis an méid atá sainaitheanta le haghaidh BMA nó anailísí eile.

156. Chomh fada is a bhaineann le gach catagóir riosca, ba cheart go ndéanfadh na húdaráis inniúla measúnú ar agus an méid seo a leanas a léiriú sa scór riosca:

a. riosca bunúsach (neamhchosaintí riosca); agus

b. cáilíocht agus éifeachtacht na bainistíochta agus na rialuithe riosca.

157. Ba cheart d'údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe ar gach catagóir riosca a léiriú in achoimre ar thorthaí ina mínítear na príomhchúiseanna atá le riosca, agus scór riosca, mar atá sonraithe sna ranna seo a leanas.

## 6.2 Measúnú ar chlabhsúr ordúil an ghnólachta infheistíochta

158. Ba cheart d'údaráis inniúla an próiseas chun clabhsúr ordúil a chur leis an ngnólacht infheistíochta a shainaithint agus a mheas bunaithe ar chásanna inchreidte a thugann léargas ar shamhail agus ar straitéis ghnó an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal sonraí measúnú dá leithéid lena n-áirítear an líon cásanna breithnithe a chinneadh tríd an tsamhail ghnó, scála agus castacht na ngníomhaíochtaí curtha i gcrích ag gnólacht infheistíochta a chur san áireamh. Ba cheart go mbeadh na gnéithe seo a leanas ar a laghad san áireamh sa mheasúnú:

a. sainaithint cásanna clabhsúir;

b. sainaithint amfráma réalaíoch chun clabhsúr a chur leis na gnólachtaí infheistíochta; agus

c. measúnú ar an tionchar a bheidh ag clabhsúr a chur le gnólacht infheistíochta ar a chliaint, contrapháirtithe agus margaí, agus ar an ngnólacht infheistíochta féin.

### 6.2.1 Sainaithint cásanna clabhsúir

159. Tá go leor cásanna faoina bhféadfaí clabhsúr a chur le gnólacht infheistíochta. Le linn dóibh a gcuid anailíse a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar chás amháin nó níos mó faoina gcinntear go bhfuil an gnólacht infheistíochta neamh-inmharthana agus nach bhfuil an dara rogha aige ach clabhsúr a chur leis an ngnó. Seo thíos roinnt cásanna coitianta a d'fhéadfaí údaráis inniúla glacadh leo mar bhonn le:

a. caillteanas suntasach airgeadais mar gheall ar dhianluaineachtaí margaí;

b. caillteanas bonneagair atá ríthábhachtach nach féidir a athsholáthar go tráthúil.

160. Chun cásanna oiriúnacha a bhunú de bhua mhír 159, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, más cuí, ar an bhfaisnéis seo a leanas, ag cur leis an anailís a rinneadh faoi Theideal 4 (Anailís ar Shamhail Ghnó):

a. foirm dlí an ghnólachta infheistíochta agus na ceanglais ghaolmhara infheidhme maidir le dócmhainneacht;

b. samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta agus na leochaileachtaí gaolmhara;

c. príomhthionscnóirí ioncaim agus costas an ghnólachta infheistíochta

d. príomh-insreafaí agus eis-sreafaí airgid;

e. príomhuirlisí agus próisis oibriúcháin inmheánacha nó seachfhoinsithe (córais riachtanacha TF); agus

f. príomhghníomhaíochtaí gnó, go háirithe gníomhaíochtaí a bhféadfadh deacracht a bheith ag baint le clabhsúr a chur leo nó atá faoi réir ardleibhéal idirnascachta inmheánach/seachtrach.

161. Sa chás go bhfuil plean téarnaimh ar fáil, más cuí, ba cheart d'údaráis inniúla brath ar na cásanna atá sonraithe sa phlean téarnaimh trí thuilleadh béime a leagan ar na hiarrachtaí clabhsúr a chur le cúrsaí (i.e. cásanna nuair nach mbeidh roghanna téarnaimh ar fáil).

### 6.2.2 Sainaithint tráthchláir oiriúnach chun clabhsúr a chur le cúrsaí

162. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le tráthchlár a oireann don ghnólacht infheistíochta chun clabhsúr ordúil a chur le cúrsaí. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh gá le tráthchlár níos faide ná trí mhí chun clabhsúr ordúil a chur le gnóthaí gnólachtaí infheistíochta.

163. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le tráthchlár ionchais clabhsúir ordúil, ba cheart d'údaráis inniúla cuntas a dhéanamh de na gnéithe atá sonraithe i mír 165 go 167, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tréimhse ama a bhaineann le clabhsúr a chur le cúrsaí gnó. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh údaráis inniúla brath ar an tráthchlár

meánach a bhain le clabhsúr ordúil a chur le gnólachtaí infheistíochta roimhe seo a bhfuil na tréithe céanna luaite leo laistigh dá ndlínse.

### 6.2.3 Measúnú ar an tionchar a bheidh ag clabhsúr a chur le cúrsaí gnó ar chliaint, contrapháirtithe agus margaí

164. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na páirtithe leasmhara éagsúla a bhféadfadh tionchar a bheith ag clabhsúr a chur le gnólacht infheistíochta orthu, faoi na cásanna a ndearnadh anailís orthu. Nuair a bhíonn a measúnú tionchair á ndéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar a laghad ar phríomhchliaint, contrapháirtithe agus margaí eile an ghnólachta infheistíochta.

165. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag clabhsúr a chur le cúrsaí gnó ar chliaint an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart go n-áireofaí ina leithéid sin de mheasúnú na gnéithe seo a leanas ar a laghad, a mhéid is atá an fhaisnéis ábhartha ar fáil:

a. cumas na ngnólachtaí infheistíochta idirbhearta nach bhfuil críochnaithe a chríochnú agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de chlabhsúr ar chliaint agus ar an ngnólacht infheistíochta (i.e. cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh ar an ngnólacht infheistíochta déileáil le pionóis foirceanta nó táillí dlí);

b. sa chás nach féidir conarthaí a chealú, cumas an ghnólachta infheistíochta iad a thabhairt ar láimh d'institiúidí airgeadais eile agus na costais a bhainfeadh lena leithéid; agus

c. cumas an ghnólachta infheistíochta airgead agus sócmhainní cliaint, atá á choimeád faoi chumhdach an ghnólachta infheistíochta, a thabhairt ar ais go tráthúil, de réir na rialacha a bunaíodh faoi Threoir 2014/65/AE.

166. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag clabhsúr a chur le cúrsaí gnó ar na margaí ina bhfuil an gnólachta infheistíochta ag feidhmiú. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na cásanna seo a leanas go háirithe:

a. sa chás go bhfuil céatadán ard de ghnó an ghnólachta infheistíochta á chur i gcrích i margadh sonrach amháin nó i roinnt margaí sonracha; agus

b. sa chás gur soláthraí suntasach gnó i margadh sonrach é an gnólacht infheistíochta.

### 6.2.4 Measúnú ar an tionchar a bheidh ag clabhsúr a chur le cúrsaí gnó ar an ngnólacht infheistíochta

167. Bunaithe ar an anailís a rinneadh ar struchtúr eagraíochtúil agus samhail oibriúcháin an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na príomhrioscaí a mbeidh ar an ngnólacht infheistíochta déileáil leo má chuirtear clabhsúr le cúrsaí gnó. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas, a mhéid is atá siad ábhartha don ghnólacht infheistíochta agus don fhaisnéis atá ar fáil:

a. cumas an ghnólachta infheistíochta a chostais oibriúcháin a chlúdach, lena n-áirítear na costais a bhaineann lena phríomhphróiseas inmheánach nó seachfhoinsithe agus córas TF a chothabháil, agus cead a thabhairt dó leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ag leibhéal a cheadaíonn clabhsúr ordúil a chur le cúrsaí gnó;

b. cumas an ghnólachta infheistíochta a shócmhainní seasta a dhiúscairt go tráthúil agus déileáil leis an gcaillteanas gaolmhar;

c. cumas an ghnólachta infheistíochta a fhostaithe a bhainistiú/a dhífhostú, trí bhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht fostaíochta ábhartha, go háirithe i gcásanna ina bhfuil eintitis thrasteorann ag an ngnólacht infheistíochta, agus na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist (breithniú a dhéanamh go háirithe ar scaoilíocaíochtaí);

d. cumas an ghnólachta infheistíochta príomhfhostaithe a choimeád chun clabhsúr a chur le cúrsaí gnó agus na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist; agus

e. aon chostais nó rioscaí oibríochtúla eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist i rith an phróisis chlabhsúir.

## 6.3 Measúnú ar Riosca don Chliant

### 6.3.1 Breithniúcháin ghinearálta

168. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Chliant a eascraíonn as gach cineál neamhchosaintí, lena n-áirítear neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe: sócmhainní faoi bhainistíocht, airgead cliant á choimeád, sócmhainní cosanta agus á riar agus orduithe cliaint láimhseáilte. Chomh maith leis sin, breithníonn siad na dlíthe náisiúnta a bhfuil leithscaradh infheidhme i ndáil le hairgead cliaint á rialú acu, agus infhaighteacht árachas slánaíochta gairmiúla do ghnólachtaí infheistíochta mar uirlis éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú, de réir Airteagal 29(1) de Threoir (AE) 2019/2034.

169. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an Riosca don Chliant, ba cheart do na húdaráis inniúla cuntas a dhéanamh de na cineálacha éagsúla cliant, cineál agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta maidir leis na cliaint seo.

### 6.3.2 Measúnú ar an Riosca don Chliant bunúsach

170. Tríd an measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Chliant bunúsach, ba cheart d’údaráis inniúla na príomhchúiseanna atá mar bhonn le méid K-fhachtóir Riosca don Chliant an ghnólachta infheistíochta a chinneadh agus meastóireacht a dhéanamh ar shuntas thionchar stuamachta an riosca sin don ghnólacht infheistíochta. Ba cheart an measúnú ar an Riosca don Chliant bunúsach a bhunú ar na príomhchéimeanna seo a leanas dá réir sin:

a. réamh-mheasúnú;

b. measúnú ar chineál agus ar scála na seirbhísí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní cliant a bhainistiú, airgead cliant a choimeád, sócmhainní cliant a chosaint agus orduithe cliant a láimhseáil; agus

c. measúnú a dhéanamh ar na córais agus ar na próisis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin.

171. Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Chliant i dtéarmaí reatha agus ionchasacha araon.

172. Más cuí, ba cheart go ndéanfadh údaráis inniúla measúnú níos gráinní freisin, ag leibhéal na gcliant aonair b'fhéidir.

## Réamh-mheasúnú

173. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le raon feidhme an mheasúnaithe ar an Riosca don Chliant, ar dtús ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí Riosca don Chliant atá nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint.

174. Ar a laghad, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a bhreithniú:

a. an inghlacthacht riosca i ndáil leis an Riosca don Chliant, trí bhreithniú a dhéanamh ar shamhail ghnó an ghnólachta infheistíochta;

b. ualú mhéid an K-fhachtóra don Riosca don Chliant i gcomparáid le méid iomlán an K-fhachtóra;

c. réamhaisnéisí maidir le méid an K-fhachtóra don Riosca don Chliant, má tá a leithéid ar fáil;

d. cineál, méid, comhdhéanamh mhíreanna an ghnólachta infheistíochta a bhaineann leis an gclár comhardaithe agus atá lasmuigh den chlár comhardaithe;

e. má tá a leithéid ar fáil, costas na gcaillteanas oibríochtúil ar chuntais na gcliant i gcomparáid le táillí.

175. Ba cheart d'údaráis inniúla an réamh-anailís a dhéanamh agus breithniú a dhéanamh ar an athrú a bhaineann leis an táscairí thuas le himeacht ama chun teacht ar thuairim eolasach maidir leis na príomhchúiseanna atá mar bhonn le Riosca don Chliant an ghnólachta infheistíochta.

## Sócmhainní faoi bhainistíocht (AUM)

176. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le caillteanas a thabhú do chliaint mar gheall ar mhíbhainistíocht sócmhainní cliant atá faoi bhainistíocht. Áirítear i measc sócmhainní na sócmhainní sin atá faoi bhainistíocht lánroghnach punann agus faoi shocruithe comhairleacha neamhroghnacha leanúnacha. D'fhéadfadh an riosca seo eascairt as, i measc foinsí eile, sárú ar théarmaí an tsainordaithe, úsáid iomarcach, comhchruinniú iomarcach, sócmhainní faoi réir cúngach leachtachta nó castacht mhíchuí táirge i gcoibhneas leis an sainordú.

177. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach, más cuí:

a. castacht na sainorduithe, Ráiteas Beartais Infheistíochta (IPS) nó straitéisí curtha chun feidhme;

b. próifílí cliaint (cistí stáit, infheisteoirí institiúideacha, corparáideach nó miondíol) agus inghlacthacht riosca;

c. cineálacha sócmhainní na punainne foluití;

d. méid na sócmhainní faoi bhainistíocht.

## Airgead cliant á shealbhú (CMH)

178. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hairgead cliant a chailleadh agus dualgas a bheith orthu cúiteamh a íoc le cliaint mar gheall ar chuntais cliant a bheith á míbhainistiú ag an ngnólacht infheistíochta.

179. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil airgead cliant á shealbhú de réir an dlí náisiúnta a bhaineann le hairgead cliant a chosaint agus cibé acu an féidir nó nach féidir é a scaradh go soiléir ó airgead an ghnólachta infheistíochta.

180. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach, más cuí:

a. an cineál cuntais (taisce i mbanc tráchtála);

b. comhaontú maidir le rochtain gnólacht infheistíochta ar airgead cliant;

c. beartas infheistíochtaí údaraithe d'airgead cliant;

d. cuntais ombinus nó leithscartha aonair;

e. inrianaitheacht airgead cliant;

f. méid airgead cliant á shealbhú agus an líon cliant;

g. airgeadraí úsáidte chun cuntais cliant a ainmniú.

## Sócmhainní cosanta agus riartha (ASA)

181. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le caillteanas do chliaint a thabhú agus dualgas a bheith orthu cúiteamh a íoc mar gheall ar shócmhainní atá á gcosaint agus á riar ag an ngnólacht infheistíochta a bheith á míbhainistiú.

182. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach más cuí:

a. athúsáid na comhthaobhachta atá á sealbhú;

b. cearta leachtachta maidir leis an sócmhainní;

c. dímheas comhthaobhachta;

d. toscaireachtaí ag teacht isteach agus teacht amach chuig eintitis airgeadais eile;

e. cineálacha sócmhainní;

f. oibríochtaí nó teip oibríochtaí a dhéanamh i ndáil le teagmhais atá nasctha le sócmhainní (vóta le haghaidh comhthionól ginearálta, íoc cúpón, saincheisteanna a bhaineann le cearta).

### Orduithe cliant láimhseáilte (COH)

183. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le caillteanas oibríochtúil fad is atá orduithe cliant á láimhseáil. D'fhéadfadh an riosca seo eascairt as earráidí córais nó daonra mar gheall ar chastacht próiseas, nósanna imeachta agus córas TF (lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua), ar shlí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hearráidí, lena n-áirítear moilleanna, míshonraíocht nó sáruithe slándála.

184. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach, más cuí:

a. cainníocht agus méid na n-orduithe cliant láimhseáilte;

b. cineál na sócmhainní foluiteacha (OTC, leachtach tríd is tríd…);

c. cineálacha agus saintréithe ordaithe (bloic, praghas seasta…);

d. saintréithe tarchuir nó forfheidhmithe (trádáil leictreonach nó trí ghuth…);

e. próisis agus eagar tarchuir nó forfheidhmithe (deasca tiomanta bunaithe ar an gcineál sócmhainní, díolachán-trádálaithe, trádáil ar a gcuntas féin, rochtain ar an margadh…).

## 6.3.3 Measúnú ar bhainistíocht an Riosca don Chliant agus rialuithe

185. Chun teacht ar thuiscint chuimsitheach ar phróifíl Riosca don Chliant an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca atá mar bhonn lena ghníomhaíochtaí. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas, más cuí:

a. tá straitéis riosca fónta, soiléir agus doiciméadaithe ag an ngnólacht infheistíochta atá bailíochtaithe go cuí ag an mbord bainistíochta agus a chlúdaíonn bainistíocht sócmhainní, bainistíocht an tsreabhaidh airgid laistigh den ghnólacht agus bainistíocht sócmhainní atá cosanta agus riartha;

b. tá creat eagraíochtúil oiriúnach ag an ngnólacht d'fhonn a áirithiú go bhfuil seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtach do chliaint, go bhfuil dóthain acmhainní daonna (cáilíochtúla agus cainníochtúla) agus teicniúla (oifig thosaigh agus cúloifig, córais faisnéise);

c. tá creat rialaithe láidir agus cuimsitheach forbartha ag an ngnólacht infheistíochta (éifeachtacht agus neamhspleáchas na bhfeidhmeanna rialaithe) agus cosaintí fónta chun a rioscaí do chliaint a mhaolú de réir na straitéise bainistíochta agus na hinghlacthachta riosca;

d. tá beartais agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta chun rioscaí oibríochtúla do chliaint a shainaithint, a bhainistiú, a thomhas agus a rialú;

e. tá na rialacháin infheidhme maidir le cearta rochtana an ghnólachta ar chuntais cliant á gcomhlíonadh.

### 6.3.4 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

186. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le Riosca don Chliant an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart an dearcadh seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 5. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fachtóirí riosca áirithe, go gcinneann údaráis inniúla iad a mheas agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a thugtar sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

Tábla 5. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór riosca a shannadh don Riosca don Chliant

| Scór riosca | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach | Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus na rialuithe. | • Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca le fios gur ann don riosca neamhábhartha/riosca an-íseal.<br>• Níl an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta ábhartha/an-íseal.<br>• Níl leibhéal an riosca comhchruinnithe ábhartha/an-íseal.<br>• Níl an leibhéal riosca a bhaineann le próisis agus córais ábhartha/an-íseal. | • Tá comhsheasmhacht idir straitéis agus inghlacthacht riosca fhoriomláin an ghnólachta infheistíochta agus a chuid rialuithe.<br>• Tá an creat eagraíochtúil láidir agus tá freagrachtaí soiléire sonraithe tá agus deighilt shoiléir déanta idir cúraimí glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 | Tá riosca meánach íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca le fios go bhfuil riosca idir íseal agus meánach ann.<br>Tá an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta idir íseal agus meánach.<br>Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe idir íseal agus meánach.<br>Tá an leibhéal riosca a bhaineann le próisis agus córais meánach. | • Tá na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. |
| 3 | Tá riosca meánach ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | Tá cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca idir meánach agus ard.<br>Tá an neamhchosaint do tháirgí agus idirbhearta casta idir meánach agus ard.<br>Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe idir meánach agus ard.<br>Tá an leibhéal riosca a bhaineann le próisis agus córais idir meánach agus ard. | • Tá easnamh le tabhairt faoi deara i mbainistíocht agus i rialuithe an ghnólachta infheistíochta i gcomparáid lena straitéis agus inghlacthacht riosca fhoriomláin.<br>• Níl freagrachtaí soiléire luaite sa chreat eagraíochtúil agus níl na cúraimí deighilte go soiléir idir glacadóirí rioscaí agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe.<br>• Níl na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe leordhóthanach ná sách comhsheasmhach, agus níl faireachán ná tuairisciú ceart á dhéanamh ar rioscaí áirithe. |
| 4 | Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Ciallaíonn cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca go bhfuil riosca ard ann.<br>• Tá an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta ard.<br>• Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe ard.<br>• Tá an leibhéal riosca a bhaineann le próisis agus córais ard. | |

## 6.4 Measúnú ar an Riosca don Mhargadh

### 6.4.1 Breithniúcháin ghinearálta

187. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Mhargadh atá ag eascairt as gach cineál neamhchosaintí: do sheasaimh nach bhfuil faoi réir imréitigh (i.e.

neamhchosaint arna ríomh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht Shuíomh an Ghlanriosca) agus do sheasaimh atá faoi réir imréitigh nó éarlaisithe (i.e. neamhchosaint arna riar trí mhodheolaíocht an Chorrlaigh Imréitigh Tugtha).

188. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an Riosca don Mhargadh, ba cheart d'údaráis inniúla cuntas a dhéanamh de thoirt, cineál agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta.

### 6.4.2 Measúnú ar an Riosca don Mhargadh bunúsach

189. Trí mheasúnú a dhéanamh ar riosca margaidh bunúsach, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na príomhchúiseanna atá neamhchosaint riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta agus meastóireacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta. Ba cheart an measúnú ar riosca margaidh bunúsach a eagrú bunaithe ar na príomhchéimeanna seo a leanas:

a. réamh-mheasúnú;

b. measúnú ar chineál agus ar chomhdhéanamh shuíomhanna an ghnólachta infheistíochta faoi réir an riosca don mhargadh;

c. measúnú ar bhrabúsacht;

d. measúnú ar riosca comhchruinnithe margaidh;

e. measúnú ar an gcreat luachála stuama do shuíomhanna an leabhair trádála; agus

f. measúnú ar an riosca de bharr samhaltaithe (i.e. samhlacha a úsáidtear chun críche rialála).

#### Réamh-mheasúnú

190. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le raon feidhme an mheasúnaithe ar an riosca don mhargadh, ba cheart d’údaráis inniúla na foinsí riosca don mhargadh a bhfuil nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint ar dtús.

191. Ar a laghad, ba cheart d’údaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a bhreithniú:

a. gníomhaíochtaí margaidh, línte gnó agus táirgí an ghnólachta infheistíochta;

b. príomhstraitéis na punainne riosca margaidh laistigh den leabhar trádála agus an inghlacthacht riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí margaidh;

c. ualú coibhneasta shuíomhanna an leabhair trádála i dtéarmaí na sócmhainní iomlána, athruithe le himeacht ama agus straitéis an ghnólachta infheistíochta le haghaidh na suíomhanna sin, má tá a leithéid ar fáil;

d. ualú coibhneasta na ngnóthachan glan ar shuíomhanna margaidh san ioncam oibriúcháin iomlán; agus

e. an ceanglas maidir le cistí dílse don Riosca don Mhargadh i gcomparáid leis an gceanglas a bhaineann le cistí dílse iomlána, lena n-áirítear an t-athrú stairiúil ar an bhfigiúr seo agus na réamhaisnéisí, má tá a leithéid ar fáil.

192. Ina measúnuithe tosaigh, ba cheart d'údaráis inniúla athruithe suntasacha ar ghníomhaíochtaí margaidh an ghnólachta infheistíochta a mheas freisin agus díriú ar athruithe féideartha ar an neamhchosaint iomlán ar riosca margaidh. Go háirithe, féadfaidh siad measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a. athruithe suntasacha ar straitéis riosca margaidh, beartais agus méideanna teorainneacha;

b. an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe sin ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta; agus

c. treochtaí suntasacha sna margaí airgeadais.

## Cineál agus comhdhéanamh ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta maidir le riosca margaidh

193. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar chineál neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh chun neamhchosaintí riosca ábhartha a shainaithint mar aon le fachtóirí riosca/tionscnóirí margaidh gaolmhara (e.g. lena n-áirítear rátaí malairte, rátaí úis nó raonta creidmheasa) chun measúnú níos doimhne a dhéanamh.

194. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar neamhchosaintí ar an riosca margaidh bunaithe ar chineálacha sócmhainní agus/nó ionstraimí airgeadais ábhartha bunaithe ar mhéid, castacht agus leibhéal riosca. Maidir leis na neamhchosaintí is ábhartha, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na fachtóirí riosca agus na tionscnóirí gaolmhara.

195. Nuair a bhíonn anailís á déanamh ar ghníomhaíochtaí riosca margaidh, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar chastacht táirgí airgeadais gaolmhara (lena n-áirítear táirgí a bhfuil luach luaite leo trí úsáid a bhaint as teicnící marcála de réir samhla (lena n-áirítear trádáil ardmhinicíochta). Ba cheart na pointí seo a leanas a bhreithniú:

a. má tá suíomhanna díorthach ag an ngnólacht infheistíochta, ba cheart go ndéanfadh údaráis inniúla measúnú ar an margadhluach agus ar an méid barúlach araon;

b. sa chás go mbíonn an gnólacht infheistíochta ag obair le díorthaigh OTC, ba cheart d'údaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh, más cuí, ar ualú na n-idirbheart sin i bpunann na ndíorthach iomlán agus ar mhiondealú na punainne OTC de réir an cineáil conartha (babhtáil, cur ar aghaidh), ionstraimí foluiteacha (clúdaítear an riosca creidmheasa contrapháirtí a bhaineann leis na táirgí sin i modheolaíocht an riosca don ghnólacht).

c. sa chás go bhfuil straitéisí fálaithe curtha chun feidhme ag an ngnólacht infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca margaidh iarmharach i ndiaidh an straitéisí seo a chur chun feidhme.

196. Más cuí, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar shuíomhanna anásta agus/nó neamhleachtacha agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar bhrabúsacht an ghnólachta infheistíochta.

197. Maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin a bhfuil cuir chuige inmheánacha in úsáid acu i ndáil le ceanglais rialála a gcistí dílse, ba cheart d'údaráis inniúla na táscairí seo a leanas a bhreithniú freisin chun réimsí riosca ar leith agus tionscnóirí riosca gaolmhara a shainaithint:

a. deighilt ceanglas maidir le cistí dílse an riosca mhargaidh idir an luach faoi riosca (VaR), luach faoi riosca i ndálaí anáis (SVaR), muirear incriminteach riosca (IRC) agus muirear don phunann trádála comhghaoil;

b. an VaR arna mhiondealú de réir fachtóirí riosca;

c. an t-athrú ar an VaR agus SvaR (d'fhéadfaí glacadh leis an athrú ó lá go lá/ó sheachtain go seachtain, an meán ráithiúil agus torthaí cúltástála mar tháscairí féideartha); agus

d. na fachtóirí iolraithe a chuirtear i bhfeidhm ar VaR agus SvaR.

198. Más cuí, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar bhearta riosca inmheánacha gnólachtaí infheistíochta freisin. D'fhéadfadh go n-áireofaí ina meas an t-easnamh ionchasach, an VaR inmheánach nach úsáideadh sna ríomhanna ar na ceanglais maidir le cistí dílse nó íogaireachtaí don riosca margaidh i ndáil le fachtóirí riosca difriúla agus caillteanas féideartha.

199. Nuair a bhíonn anailís á déanamh ar riosca margaidh bunúsach, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar fhigiúirí agus treochtaí 'thar am ar leith', ar bhonn comhiomlán agus de réir na punainne araon. Más féidir, ba cheart cur leis an anailís sin trí comparáid a dhéanamh idir figiúirí an ghnólachta infheistíochta agus piaraí agus táscairí maicreacnamaíocha ábhartha.

## Anailís ar bhrabúsacht

200. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar bhrabúsacht stairiúil, lena n-áirítear luaineacht brabús, gníomhaíochtaí margaidh chun tuiscint níos fearr a fháil ar phróifíl riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta. D'fhéadfaí an anailís seo a dhéanamh ag leibhéal na punainne agus í a mhiondealú bunaithe ar an líne ghnó, deasc thrádála nó cineál sócmhainní (d'fhéadfaí an anailís a dhéanamh mar chuid den mheasúnú níos leithne a rinneadh mar chuid den BMA).

201. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar bhrabúsacht, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar na príomhréimsí riosca a sainaithníodh le linn an scrúdaithe ar ghníomhaíochtaí an riosca margaidh. Ba cheart d'údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh

idir ioncam trádála agus ioncam neamhthrádála (amhail coimisiúin, táillí cliant) ar lámh amháin agus brabúis/caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe ar an lámh eile.

202. Maidir leis na cineálacha sócmhainní sin agus/nó neamhchosaintí a ghineann brabúis nó caillteanais neamhghnácha, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar bhrabúsacht i gcomparáid leis an leibhéal riosca arna ghlacadh ag an ngnólacht infheistíochta (lena n-áirítear VaR/gnóthachan glan ar shócmhainní airgeadais agus dliteanais á sealbhú le haghaidh trádála) chun neamhréireachtaí féideartha a shainaithint agus a anailísiú. Más féidir, ba cheart d'údaráis inniúla comparáid a dhéanamh idir figiúirí an ghnólachta infheistíochta agus a fheidhmíocht stairiúil agus piaraí.

## An riosca a bhaineann le comhchruinniú margaidh

203. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le méid an riosca comhchruinnithe margaidh a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta air, neamhchosaintí ar fhachtóir riosca aonair nó neamhchosaintí ar fhachtóirí riosca iolracha atá comhghaolaithe.

204. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar chomhchruinnithe féideartha, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar chomhchruinnithe i dtáirgí casta (táirgí struchtúrtha go háirithe), táirgí neamhleachtacha (lena n-áirítear oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe (CDOanna)) nó táirgí arna luacháil trí úsáid a bhaint as teicnící marcála de réir samhla.

## Luacháil stuama ar shuíomhanna an leabhair trádála

205. Ba cheart d'údaráis inniúla glacadh leis gurb ionann creat luachála stuama an ghnólachta infheistíochta agus próiseas lochtach a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hearráidí i ríomh luach scoir na n-ionstraimí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le gannmheasúnú chaillteanas ionchasach an ghnólachta infheistíochta. Nuair a bhíonn an anailís seo á déanamh, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar ríomh na gcúlchistí (go suntasach cúlchistí cóirluacha, cúlchistí samhla) agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shuíomh caipitil an ghnólachta infheistíochta.

206. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil suíomhanna leabhar trádála an ghnólachta infheistíochta luacháilte ag luach stuama a sholáthraíonn leibhéal oiriúnach cinnteachta maidir le nádúr athraitheach shuíomhanna an leabhair trádála. Ba cheart an leibhéal cinnteachta dá dtagraítear dó i Rialachán 2016/101 arna tharmligean ag an gCoimisiún[18] ar mhaithe le leibhéal oiriúnach cinnteachta a bhaint amach chun na críche seo.

207. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil modheolaíochta luachála stuama láidre bunaithe ag údaráis inniúla agus an bhfuil na coigeartuithe luachála seo a leanas á mbreithniú acu:

---

[18] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2015 ag forlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála do luacháil stuama faoi Airteagal 105(14) (IO L 021 28.1.2016, lch 54).

a. raonta difríochta creidmheasa neamhthuillte;

b. costais clabhsúir;

c. rioscaí oibriúcháin;

d. éiginnteacht an mhargadhphraghais;

e. luathfhoirceannadh;

f. costais infheistíochta agus mhaoinithe;

g. costais riarthacha todhchaí; agus

h. más cuí, riosca de bharr samhaltaithe.

208. Ba cheart d’údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas ar a laghad:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil na socruithe, próisis agus nósanna imeachta rialachais a bhaineann le coigeartuithe luachála fónta, go háirithe ag féachaint do staideanna beagleachtacha agus comhsheasmhach le straitéis an ghnólachta infheistíochta;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil na córais agus próisis TF atá nasctha leis an gcreat luachála stuama;

c. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil athbhreithniú tréimhsiúil á dhéanamh ar leordhóthanacht na gcoigeartuithe atá curtha i gcrích ag na gnólachtaí infheistíochta.

### Riosca de bharr samhaltaithe

209. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le ceanglais maidir le cistí dílse a bheith á ngannmheas ag na samhlacha inmheánacha formheasta rialála a úsáideadh, go háirithe an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha (IRB), IRC, samhlacha úsáidte chun críche maolú riosca creidmheasa, VaR agus sVaR.

## 6.4.3 Measúnú ar bhainistíocht Riosca don Mhargadh agus rialuithe

210. Chun teacht ar thuiscint chuimsitheach ar phróifíl riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialachais agus bainistíochta riosca atá mar bhonn lena ngníomhaíochtaí margaidh. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas mar aon le cuntas a dhéanamh do thoirt, cineál agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta:

a. tá straitéis riosca margaidh atá fónta, soiléir agus doiciméadaithe ag an ngnólacht infheistíochta, agus formheasta ag a chomhlacht bainistíochta;

b. léirítear i straitéis riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta inghlacthacht an ghnólachta infheistíochta do mhargadh riosca agus tá sé comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca foriomlán;

c. tá creat eagraíochtúil iomchuí ag an ngnólacht infheistíochta chun riosca margaidh a bhainistiú, mar aon le feidhmeanna tomhais, faireacháin agus rialaithe agus dóthain acmhainní daonna agus teicniúla (cáilíochtúla agus cainníochtúla);

d. tá beartais agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir ag an ngnólacht infheistíochta chun riosca margaidh a shainaithint, a bhainistiú, a thomhas agus a rialú, lena n-áirítear teorainneacha atá ag teacht leis an inghlacthacht riosca atá formheasta ag an mbord bainistíochta;

e. tá creat iomchuí ag an ngnólacht infheistíochta chun riosca margaidh a shainaithint, a thuiscint agus a thomhas, i gcomhréir le méid agus castacht an ghnólachta infheistíochta, agus tá na híoscheanglais ábhartha de réir na reachtaíochta ábhartha AE agus náisiúnta cur chun feidhme á gcomhlíonadh ag an gcreat; agus

f. tá creat rialaithe láidir agus cuimsitheach bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta mar aon le cosaintí fónta chun a riosca margaidh a mhaolú i gcomhréir lena straitéis bainistíochta riosca margaidh agus lena inghlacthacht riosca.

### 6.4.4 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

211. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an tuairim seo le fáil in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 6. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fachtóirí riosca áirithe, go gcinneann údaráis inniúla iad a mheas agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a thugtar sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

212. Ba cheart d'údaráis inniúla na fachtóirí seo ar fad a bhreithniú go comhthreomhar agus ní ina n-aonar agus teacht ar thuiscint ar na tionscnóirí is cúis leis an Riosca don Mhargadh.

Tábla 6. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór riosca margaidh a shannadh

| Scór riosca | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach | Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá leibhéal íseal riosca luaite le tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta nuair a chuirtear leibhéal an riosca bhunúsaigh agus an bhainistíocht agus na rialuithe san áireamh. | • Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le tuiscint go bhfuil an riosca neamhábhartha/an-íseal.<br>• Tá neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh neamhchasta.<br>• Níl an leibhéal comhchruinnithe riosca margaidh ábhartha/an-íseal.<br>• Gineann neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh torthaí neamh-luaineacha. | • Tá comhsheasmhacht idir beartas agus straitéis riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta agus a straitéis fhoriomlán agus inghlacthacht riosca.<br>• Tá an creat eagraíochtúil don riosca margaidh láidir, tá freagrachtaí soiléire ann agus tá deighilt shoiléir déanta idir na glacadóirí riosca agus na feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe.<br>• Tá na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe riosca margaidh oiriúnach.<br>• Tá na teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca margaidh fónta agus i gcomhréir le straitéis bainistíochta riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta. |
| 2 | Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le fios go bhfuil riosca idir íseal agus meánach ann.<br>• Tá castacht neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh idir íseal agus meánach.<br>• Tá an leibhéal comhchruinnithe riosca margaidh idir íseal agus meánach.<br>• Gineann neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh torthaí a bhfuil luaineacht idir íseal agus meánach luaite leo. | |
| 3 | Tá riosca meánach-ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíochta agus do na rialuithe. | • Ciallaíonn cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh go bhfuil riosca idir meánach agus ard ann.<br>• Tá castacht neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh idir meánach agus ard.<br>• Tá leibhéal comhchruinnithe an riosca margaidh idir meánach agus ard.<br>• Gineann neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca | • Tá easnamh le sonrú i mbeartas agus straitéis inghlacthachta riosca an ghnólachta infheistíochta i gcoibhneas lena straitéis agus inghlacthacht riosca foriomlán.<br>• Níl freagrachtaí soiléire agus deighilt shoiléir déanta idir cúraimí glacadóirí riosca agus na feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe sa chreat |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | margaidh torthaí a bhfuil luaineacht idir meánach agus ard luaite leo. | eagraíochtúil maidir le riosca margaidh.<br>• Níl córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe an riosca margaidh sách leordhóthanach ná comhsheasmhach, agus níl faireachán ná tuairisciú ceart á dhéanamh ar rioscaí áirithe.<br>• Níl na teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir le straitéis bainistíochta riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta. |
| 4 | Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le fios go bhfuil riosca ard ann.<br>• Tá castacht neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar mhargadh riosca ard.<br>• Tá leibhéal comhchruinnithe an riosca margaidh ard.<br>• Gineann neamhchosaintí an ghnólachta infheistíochta ar riosca margaidh torthaí a bhfuil leibhéal ard luaineachta luaite leo. | |

## 6.5 Measúnú ar an Riosca don Ghnólacht

### 6.5.1 Breithniúcháin ghinearálta

213. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Ghnólacht a eascraíonn as fachtóirí riosca difriúla cosúil le: rioscaí oibríochtúla ón sreabhadh trádála laethúil (DTF), riosca comhchruinnithe mar gheall ar neamhchosaintí móra (CON) agus nochtadh ar réamhshocrú na gcontraphháirtithe trádála (TCD). Le linn dóibh measúnú a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar fhoinsí riosca don ghnólacht infheistíochta cosúil le hathruithe ábhartha ar an nglanluach sócmhainní, teip cliant nó contraphháirtithe, suíomhanna sna hionstraimí airgeadais, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí agus na hoibleagáidí i ndáil le scéimeanna pinsin le sochar sainithe de réir Airteagal 29 de Threoir (AE) 2019/2034. Más cuí, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar fhachtóirí eile a d'fhéadfadh riosca a chruthú don ghnólacht infheistíochta.

214. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an Riosca don Ghnólacht, ba cheart d'údaráis inniúla cuntas a dhéanamh de thoirt, cineál agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta.

### 6.5.2 Measúnú ar an Riosca don Ghnólacht bunúsach

215. Tríd an measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Ghnólacht bunúsach, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis na príomhthionscnóirí agus meastóireacht a dhéanamh ar shuntas thionchar stuamachta an riosca sin don ghnólacht infheistíochta. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an measúnú ar an Riosca don Ghnólacht bunúsach bunaithe ar na príomhchéimeanna seo a leanas:

a. réamh-mheasúnú;

b. measúnú ar chineál agus ar scála gníomhaíochtaí infheistíochta a chruthaíonn riosca don ghnólacht infheistíochta;

c. measúnú a dhéanamh ar na córais agus ar na próisis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin.

216. Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an Riosca don Ghnólacht bunaithe ar théarmaí reatha agus ionchasacha araon.

217. Más cuí, ba cheart go ndéanfadh údaráis inniúla measúnú níos gráinní freisin, ag leibhéal na gcliant aonair b'fhéidir.

#### Réamh-mheasúnú

218. D'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir le raon feidhme an mheasúnaithe ar an Riosca don Ghnólacht, ar dtús ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí Riosca don Ghnólacht a bhfuil nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint.

219. Ar a laghad, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a bhreithniú:

a. an tsamhail ghnó agus an inghlacthacht riosca;

b. ualú mhéid an K-fhachtóra don Riosca don Ghnólacht i gcomparáid le méid iomlán an K-fhachtóra;

c. réamhaisnéisí maidir le méid an K-fhachtóra don Riosca don Ghnólacht, má tá a leithéid ar fáil;

d. costas na gcaillteanas oibríochtúil don ghnólacht i gcomparáid le hioncam.

220. Ba cheart d'údaráis inniúla an réamh-anailís a dhéanamh agus breithniú a dhéanamh ar an athrú ar an méid thuas le himeacht ama chun teacht ar thuairim eolasach maidir le príomhthionscnóirí Riosca don Ghnólacht an ghnólachta infheistíochta.

#### Sreabhadh trádála laethúil

221. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le méid an riosca oibriúcháin a bhaineann le trádáil dílseánaigh. D'fhéadfadh an riosca seo eascairt as earráidí córais nó daonna mar gheall ar chastacht próiseas, nósanna imeachta agus córas TF (lena n-áirítear

úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua), ar shlí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hearráidí, lena n-áirítear moilleanna, míshonraíocht nó sáruithe slándála.

222. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach, más cuí:

a. toirt, neamhchosaint, líon agus castacht na n-idirbheart curtha chun feidhme;

b. do-úsáideacht nó caillteanas sláine chórais TF;

c. cineálacha bonneagair an mhargaidh airgeadais (FMInna) a úsáidtear chun idirbhearta a phróiseáil: ardán ghutha, leictreonacha (MTF, OTF);

d. trádáil algartamach.

## Riosca comhchruinnithe

223. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le méid an riosca comhchruinnithe a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta air. Go sonrach, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca go dtabhóidh an gnólacht infheistíochta caillteanais shuntasacha a eascraíonn as comhchruinniú neamhchosaintí ar ghrúpa beag contrapháirtithe nó ar shócmhainní airgeadais comhghaolaithe ag leibhéal ard.

224. Ba cheart d'údaráis inniúla an measúnú seo a dhéanamh trí bhreithniú a dhéanamh ar chatagóirí difriúla de riosca comhchruinnithe, lena n-áirítear:

a. comhchruinnithe ainm aonair (lena n-áirítear cliant nó grúpa cliant nasctha mar a shainítear do neamhchosaintí móra);

b. comhchruinnithe earnála;

c. comhchruinnithe geografacha;

d. comhchruinniú táirge; agus

e. comhchruinniú comhthaobhachta agus ráthaíochtaí.

225. Ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar fhoinsí folaithe de riosca comhchruinnithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi dhálaí anáis, nuair a d'fhéadfadh an leibhéal comhghaolaithe méadú i gcomparáid le gnáthchoinníollacha agus nuair a d'fhéadfadh neamhchosaintí breise eascairt as míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe.

226. I gcás grúpaí, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a d'fhéadfadh eascairt as comhdhlúthú, rud nach gá a bheadh soiléir ag leibhéal aonair.

## Riosca mainneachtana an chontrapháirtí trádála

227. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca mainneachtana an chontrapháirtí trádála a bhfuil ar ghnólachtaí infheistíochta déileáil leis mar gheall ar neamhchosaintí d'idirbhearta in ionstraimí airgeadais.

228. Chomh fada is a bhaineann leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo a leanas de riosca bunúsach, más cuí:

a. caighdeán na gcontrapháirtithe agus coigeartuithe ábhartha ar luacháil creidmheasa (CVAnna);

b. castacht na n-ionstraimí airgeadais atá mar bhonn leis na hidirbhearta ábhartha;

c. an riosca comhghaolmhaireachta ag eascairt as an gcomhghaol deimhneach idir riosca creidmheas an chontrapháirtí agus an neamhchosaint ar riosca creidmheasa;

d. an neamhchosaint ar rioscaí creidmheasa contrapháirtí agus socraíochta i dtéarmaí margadhluachanna reatha agus an mhéid ainmniúil araon, i gcomparáid leis an neamhchosaint fhoriomlán ar chreidmheas agus le cistí dílse;

e. cion na n-idirbheart a phróiseáiltear trí bhonneagair an mhargaidh airgeadais (FMInna) a sholáthraíonn íocaíocht in áit socraíochta;

f. cion na n-idirbheart ábhartha le contrapháirtithe lárnacha (CCPanna) agus éifeachtacht a sásraí cosanta caillteanais cosúil le leibhéil chorrlaigh agus ranníocaíocht le ciste mainneachtana; agus

g. comhaontuithe glanluachála a bhunú, an suntas a bhaineann leo agus cé chomh infhorfheidhmithe is atá siad (glanluacháil socraíochta).

### Athruithe ábhartha ar ghlanluach sócmhainní

229. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis na rioscaí tabhaithe ag an ngnólacht infheistíochta mar gheall ar athruithe ábhartha ar an nglanluach sócmhainní. D'fhéadfadh go mbeadh an riosca seo mar bhonn le caillteanais mura léirítear i luach na sócmhainní atá taifeadta a margadhluach réadach.

230. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar shócmhainní a bhfuil a luach measta trí úsáid a bhaint as samhlacha agus athróga ionadacha seachas ionchuir atá bunaithe go díreach ar an margadh.

### Riosca creidmheasa (teip cliant nó contrapháirtithe)

231. D'fhéadfadh riosca creidmheasa eascairt as iasachtaí a thabhairt chun cead a thabhairt do chliant idirbheart a dhéanamh, iasachtaí díreacha do bhaill foirne, riosca creidmheas ionlae mar gheall ar rótharraingt, ráthaíocht agus neamhchosaintí ar chreidmheas teagmhasach, sealbhú chuig suíomhanna aibíochta nó bannaí neamhleachtacha, iasachtaí corrlaigh do chliaint, táillí agus coimisiúin fabhraithe/neamhíoctha, neamhchosaintí díreacha creidmheasa ar chistí bainistíochta trí iasachtaí, síol-infheistíochtaí agus ráthaíochtaí.

232. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach má tá na sonraí ábhartha ar fáil:

a. cineál an riosca creidmheasa sa ghnólacht infheistíochta ag cur contrapháirtithe agus neamhchosaintí san áireamh;

b. neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe, go háirithe ráthaíochtaí tugtha nó faighte;

c. riosca bearnúcháin.

233. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis an riosca bearnúcháin nó dímheas sócmhainní lasmuigh den leabhar trádála ach nach bhfuil curtha san áireamh in K-fhachtóirí cosúil le K-TCD. D'fhéadfadh an riosca seo eascairt as athluachálacha nuair a mhéadaíonn an riosca mainneachtana atá luaite le brabúsacht contrapháirtí go suntasach mar shampla nó sa chás gur laghdaigh luach fochuideachta go suntasach ón tráth éadála.

234. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo de riosca bunúsach más cuí:

a. athruithe ar acmhainneacht creidmheas contrapháirtithe;

b. castacht na n-idirbheart agus úsáid ard (LBOnna go háirithe);

c. teagmhais eisceachtúla is cúis le hathluacháil.

### Suíomhanna in ionstraimí airgeadais, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí

235. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis na rioscaí tabhaithe ag an ngnólacht infheistíochta mar gheall ar an neamhchosaint ar ionstraimí airgeadais, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí. D'fhéadfadh go mbeadh na foinsí riosca seo mar bhonn le caillteanais sa chás go dtarlaíonn gluaiseachtaí díobhálacha sa mhargadh airgeadais, margadh airgeadraí agus margadh tráchtearraí.

236. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar chineál na n-ionstraimí airgeadais atá á shealbhú ag an ngnólacht infheistíochta, ar neamhchosaint fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta don mhargadh airgeadra (agus breithniú a dhéanamh freisin ar chomhghaol na n-airgeadraí ina bhfuil neamhchosaint luaite leis an ngnólacht infheistíochta) agus ar an neamhchosaint ar thráchtearraí sonracha.

### Riosca a bhaineann le sochair fostaithe agus riosca pinsin

237. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis na rioscaí tabhaithe ag scéim luacha saothair agus pinsin an ghnólachta infheistíochta. D'fhéadfadh go mbeadh an riosca seo mar bhonn le caillteanais má tá na híocaíochtaí iomarcach i gcoibhneas le hioncam an ghnólachta, lena n-áirítear brabúsach agus sócmhainneacht an ghnólachta a chur i mbaol.

238. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar an riosca a eascraíonn as bearna struchtúrtha idir sócmhainní agus dliteanais a bhaineann le sochair fostaithe, más cuí.

## 6.5.3 Measúnú ar bhainistíocht riosca agus rialuithe Riosca don Ghnólacht

239. D'fhonn teacht ar thuiscint chuimsitheacht ar phróifíl Riosca don Ghnólacht an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an

gcreat rialachais agus bainistíochta riosca a laghdaíonn an riosca atá ag eascairt as an sreabhadh trádála, comhchruinniú agus mainneachtain contrapháirtí. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas mar aon le cuntas a dhéanamh do thoirt, cineál agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta:

a. tá straitéis riosca fónta, soiléir agus doiciméadaithe ag an ngnólacht infheistíochta maidir leis an sreabhadh trádála, comhchruinniú agus mainneachtain contrapháirtí, atá formheasta ag a chomhlacht bainistíochta;

b. léirítear go cuí i straitéis riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta inghlacthacht an ghnólachta riosca i ndáil leis na rioscaí seo agus tá sé comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca foriomlán;

c. tá creat eagraíochtúil iomchuí ag an ngnólacht infheistíochta chun rioscaí comhchruinnithe agus mainneachtana contrapháirtí a bhainistiú, a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú, agus dóthain acmhainní daonna agus teicniúla (cáilíochtúla agus cainníochtúla);

d. tá beartais agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir ag an ngnólacht infheistíochta chun Riosca don Ghnólacht a shainaithint, a bhainistiú, a thomhas agus a rialú, lena n-áirítear teorainneacha atá ag teacht leis an inghlacthacht riosca atá sonraithe ag an mBord;

e. tá creat iomchuí ag an ngnólacht infheistíochta chun Rioscaí don Ghnólacht a shainaithint, a thuiscint agus a thomhas, i gcomhréir le méid agus castacht an ghnólachta infheistíochta, agus tá na híoscheanglais ábhartha de réir na reachtaíochta ábhartha AE agus náisiúnta cur chun feidhme á gcomhlíonadh ag an creat; agus

f. tá creat rialaithe láidir agus cuimsitheach bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta mar aon le cosaintí fónta chun a neamhchosaintí ar Riosca don Ghnólacht a mhaolú i gcomhréir lena straitéis bainistíochta riosca agus inghlacthacht riosca.

### 6.5.4 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

240. I ndiaidh an mheasúnuithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le Riosca don Ghnólacht an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, agus scór riosca a sholáthar bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 7. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fachtóirí riosca áirithe, go gcinneann údaráis inniúla iad a mheas agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a thugtar sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

241. Ba cheart d'údaráis inniúla na fachtóirí seo ar fad a bhreithniú go comhthreomhar agus ní ina n-aonar agus teacht ar thuiscint ar na tionscnóirí is cúis leis an Riosca don Ghnólacht.

Tábla 7. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór Riosca don Ghnólacht a shannadh

| Scór riosca | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach | Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá riosca íseal de thionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint don leibhéal de riosca bunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca neamhábhartha/riosca infheistíochta an-íseal ann.<br>• Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca le fios gur ann don riosca neamhábhartha/riosca an-íseal.<br>• Níl an neamhchosaint ar mhainneachtain contrapháirtí ábhartha/an-íseal.<br>• Níl an neamhchosaint ar rioscaí a bhaineann le sochair fostaithe agus riosca pinsin ábhartha/an-íseal.<br>• Níl leibhéal an riosca comhchruinnithe ábhartha/an-íseal.<br>• Níl an leibhéal de riosca oibriúcháin a bhaineann le próisis agus córais ábhartha/an-íseal. | • Tá comhsheasmhacht idir straitéis agus inghlacthacht riosca fhoriomláin an ghnólachta infheistíochta agus a chuid rialuithe.<br>• Tá an creat eagraíochtúil láidir agus tá freagrachtaí soiléire sonraithe tá agus deighilt shoiléir déanta idir cúraimí glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe.<br>• Tá na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. |
| 2 | Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca infheistíochta idir íseal agus meánach ann.<br>• Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca le fios go bhfuil riosca idir íseal agus meánach ann.<br>• Tá an neamhchosaint ar mhainneachtain contrapháirtí idir íseal agus meánach.<br>• Tá an neamhchosaint ar rioscaí a bhaineann le sochair fostaithe agus riosca pinsin idir meánach agus ard.<br>• Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe idir íseal agus meánach.<br>• Tá an leibhéal riosca oibriúcháin a bhaineann le próisis agus córais idir íseal agus meánach. | |

<table>
<tr><td>3</td><td>Tá riosca meánach ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.</td><td><ul><li>Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca infheistíochta idir meánach agus ard ann.</li><li>Tá cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca idir meánach agus ard.</li><li>Tá an neamhchosaint ar mhainneachtain contrapháirtí idir meánach agus ard.</li><li>Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe idir meánach agus ard.</li><li>Tá an leibhéal riosca oibriúcháin a bhaineann le próisis agus córais idir meánach agus ard.</li></ul></td><td rowspan="2"><ul><li>Tá easnamh le tabhairt faoi deara i mbainistíocht agus i rialuithe an ghnólachta infheistíochta i gcomparáid lena straitéis agus inghlacthacht riosca fhoriomláin.</li><li>Níl freagrachtaí soiléire luaite sa chreat eagraíochtúil agus níl na cúraimí deighilte go soiléir idir glacadóirí rioscaí agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe.</li><li>Níl na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe leordhóthanach ná sách comhsheasmhach, agus níl faireachán ná tuairisciú ceart á dhéanamh ar rioscaí áirithe.</li></ul></td></tr>
<tr><td>4</td><td>Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.</td><td><ul><li>Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca infheistíochta ard ann.</li><li>Ciallaíonn cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca go bhfuil riosca ard ann.</li><li>Tá an neamhchosaint ar mhainneachtain contrapháirtí ard.</li><li>Tá an neamhchosaint ar rioscaí a bhaineann le sochair fostaithe agus riosca pinsin ard.</li><li>Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe ard.</li><li>Tá an leibhéal riosca oibriúcháin a bhaineann le próisis agus córais ard.</li></ul></td></tr>
</table>

## 6.6 Measúnú ar rioscaí eile

### 6.6.1 Breithniúcháin ginearálta

242. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le rioscaí eile i ndáil le caipiteal an ghnólachta infheistíochta, nach gclúdaítear i gColún 1 de na ceanglais a bhaineann le cistí dílse, de réir Airteagal 36 agus 40 de Threoir (AE) 2019/2034. Nuair a bhíonn na rioscaí eile seo á meas, ba cheart d'údaráis inniúla cuntas a dhéanamh de chineál agus de chastacht ghníomhaíochtaí an chomhlachta infheistíochta, a bhfuil tionchar acu ar shuntas na rioscaí seo.

### 6.6.2 Measúnú ar rioscaí bunúsacha

243. Trí mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí bunúsacha nach gclúdaítear i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le

príomhthionscnóirí rioscaí an ghnólachta infheistíochta agus meastóireacht a dhéanamh ar shuntas thionchar na rioscaí sin ar an ngnólacht infheistíochta. Ba cheart an measúnú ar rioscaí den chineál sin a bhunú ar na príomhchéimeanna seo a leanas:

a. réamh-mheasúnú;

b. measúnú ar chineál agus ar scála gníomhaíochtaí infheistíochta a thabhaíonn riosca don ghnólacht infheistíochta nach gclúdaítear i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse;

c. measúnú a dhéanamh ar na córais agus ar na próisis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin.

244. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí nach gclúdaítear i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse i dtéarmaí reatha agus ionchasacha.

245. Más cuí, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar rioscaí eile seachas na rioscaí atá liostaithe sa chaibidil seo.

## Réamh-mheasúnú

246. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le raon feidhme an mheasúnaithe ar na rioscaí nach gclúdaítear i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse, ar dtús ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí riosca a bhfuil nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint.

247. Ar a laghad, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a bhreithniú:

a. an tsamhail ghnó agus an inghlacthacht riosca;

b. forbairt inmheánach nó seachfhoinsiú réiteach TF;

c. feidhmeanna tacaíochta cosúil le comhlíonadh, dlí, fioscach (má tá seachfhoinsithe freisin);

d. an costas a bhaineann le himeachtaí sibhialta agus dlíthíocht;

e. caillteanais oibríochtúla iomlána, lena n-áirítear an costas a bhaineann le calaois inmheánach agus sheachtrach;

f. raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an leabhar neamhthrádála.

248. Ba cheart d'údaráis inniúla an réamh-anailís a dhéanamh agus an t-athrú ar an méid thuas a mheas le himeacht ama chun teacht ar thuairim eolasach maidir le príomhthionscnóirí rioscaí eile an ghnólachta infheistíochta.

## Riosca an ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála

249. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca an ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta orthu.

250. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar conas a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag athruithe ar rátaí úis ar shócmhainní, dliteanais agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe ar an ngnólacht infheistíochta. D'fhonn cinneadh a dhéanamh ar bhealach níos fearr maidir le castacht agus próifíl riosca ráta úis an ghnólachta infheistíochta, ba cheart go mbeadh tuiscint ag údaráis inniúla freisin ar shócmhainní, dhliteanais agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe an ghnólachta infheistíochta.

251. Nuair a bhíonn a measúnú cainníochtúil á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thorthaí mhodheolaíochtaí inmheánacha an ghnólachta infheistíochta a úsáideadh chun riosca an ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála a thomhas. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar chásanna suaite oiriúnacha bunaithe ar an gcineál neamhchosanta ar riosca an ráta úis ag eascairt as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála an ghnólachta infheistíochta.

### Rioscaí oibriúcháin nach gclúdaítear i gColún 1

252. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí oibriúcháin nach bhfuil clúdaithe na híoscheanglais maidir le cistí dílse de réir Rialachán (AE) 2019/2033. D'fhéadfadh go mbeadh na rioscaí seo mar bhonn le caillteanais oibriúcháin dhíreacha agus caillteanais indíreacha mar thoradh ar ghearáin agus ar dhlíthíocht. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh rioscaí oibriúcháin móra mar bhonn le ganntanas foirne i bpríomhphoist. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú seo ní hamháin caillteanais oibriúcháin, ach neasteagmhais agus teagmhais riosca oibriúcháin a raibh gnóthachan dá mbarr.

253. Ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí seo a leanas de riosca bunúsach a mheas agus, más cuí, díriú ar mheasúnú a dhéanamh ar na gnéithe sin, a mheastar gur gnéithe suntasacha iad chomh fada is a bhaineann leis an ngnólacht infheistíochta:

a. sábháilteacht san áit oibre;

b. damáiste do shócmhainní fisiceacha;

c. calaois inmheánach;

d. calaois sheachtrach;

e. rioscaí TFC;

f. riosca iompair;

g. rioscaí rialála, dlí agus fioscacha;

h. riosca de bharr samhaltaithe, i ndáil le samhlacha a úsáidtear chun críocha gnó;

i. ganntanas acmhainní daonna agus teicniúla (cáilíochtúla agus cainníochtúla) le haghaidh príomhphost;

j. riosca do chlú.

254. Mar chuid de gach measúnú SREP, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis an riosca TFC, agus comhsheasmhacht oibríochtaí TFC leis an straitéis ghnó. Ba cheart d'údaráis inniúla gach gné ábhartha den riosca TFC a áireamh ina measúnú, cosúil le riosca slándála, riosca do thionscadail TF agus riosca bainistíochta TFC, a mhéid is nach bhfuil a leithéid clúdaithe cheana féin i gcodanna eile de na treoirlínte seo, agus ag féachaint do Threoirlínte an ÚBE maidir le TFC agus riosca slándála[19] agus Treoirlínte ESMA maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhíse[20];

255. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis an riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta agus margaidh an ghnólachta infheistíochta, a mhéid is nach gclúdaítear i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse. Ba cheart glacadh leis gurb ionann riosca iompair agus an riosca reatha nó ionchasach atá tabhaithe ag cliaint, margaí nó ag an ngnólacht féin mar gheall ar iompar míchuí an ghnólachta nó ball foirne an ghnólachta. D'fhéadfadh an riosca seo eascairt as mí-iompar toiliúil nó faillíoch (lena n-áirítear soláthar míchuí seirbhísí airgeadais), a mhéid is go bhféadfaidís a bheith mar bhonn le tionchair dhiúltacha airgeadais nó chlú. D'fhéadfadh an riosca do chlú a bheith mar bhonn le caillteanas i sciar den mhargadh nó príomhchliaint, agus méadú ar líon na ngearán a fhaightear ó chliaint.

256. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo a leanas de riosca iompair bhunúsaigh más cuí:

a. clabhsúr a chur le ciste nó ciste a chur ar fionraí;

b. an líon teagmhas mí-iompair: mídhíol, cúbláil mhargaidh;

c. pionóis rialála tabhaithe.

257. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le rioscaí rialála, dlí agus fioscacha a eascraíonn as neamhchomhlíonadh dlíthe nó rialachán. D'fhéadfadh go mbeadh na rioscaí seo mar bhonn le dlíthíocht agus pionóis don ghnólacht infheistíochta. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh cláir feabhais costais mhóra a thabhú chun an dlí agus rialacháin a chomhlíonadh.

258. Ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na foinsí seo a leanas de rioscaí bunúsacha rialála, dlí agus fioscacha más cuí:

a. costais a bhaineann le rialacháin infheidhme a chomhlíonadh;

b. fíneálacha nó smachtbhannaí eile a bhaineann le neamhchomhlíonadh a íoc;

c. athmheasúnú cánach nó táillí, fíneálacha agus pionóis dhéanacha a íoc;

d. athruithe rialála ábhartha don ghnólacht infheistíochta a chur san áireamh.

---

[19] Treoirlínte an ÚBE maidir le TFC agus bainistíocht riosca slándála (ÚBE/GL/2019/04).

[20] Treoirlínte ESMA maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhíse (ESMA50-164-4285).

259. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le samhlacha a úsáidtear chun críocha gnó, lena n-áirítear samhlacha luachála/praghsála, samhlacha do thrádáil algartamach agus samhlacha eile a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chinntí agus gníomhaíochtaí gnó gnólacht infheistíochta.

260. Ag féachaint do shainiúlacht an ghnólachta infheistíochta, fad is atá measúnú á dhéanamh ar na rioscaí nach gclúdaítear i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse, féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar fhoinsí riosca eile nach bhfuil san áireamh sna catagóirí thuasluaite.

### Riosca sistéamach

261. Bunaithe ar chritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir leis an riosca sistéamach atá ann don ghnólacht infheistíochta. Bunaithe ar an measúnú seo, ba cheat d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh teip an ghnólachta infheistíochta a bheith mar bhonn le cur isteach ar bhealach suntasach ar na margaí airgeadais ina bhfuil an gnólacht infheistíochta ag feidhmiú.

262. Más cuí, is féidir an measúnú ar an riosca sistéamach a dhéanamh ar bhealach comhiomlán do ghrúpa de ghnólachtaí infheistíochta ag a bhfuil samhail ghnó agus próifíl riosca mórán mar an gcéanna. Nuair a bhíonn measúnú comhiomlán dá leithéid á dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha teip chomhuaineach líon/sciar sonrach de na gnólachtaí infheistíochta seo ar na margaí airgeadais ina bhfuil siad ag feidhmiú. Chun na críche seo, féadfaidh údaráis inniúla cás amháin nó níos mó a bhreithniú.

## 6.6.3 Measúnú ar bhainistíocht riosca agus rialuithe

263. Chun teacht ar thuiscint chuimsitheach ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta maidir le rioscaí nach gclúdaithe i gceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialachais agus bainistíochta riosca a laghdaíonn an rioscaí ó fhoinsí rioscaí eile. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas mar aon le cuntas a dhéanamh do thoirt, cineál agus castacht ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta:

a. cibé acu an léirítear nó nach léirítear go cuí i straitéis riosca margaidh an ghnólachta infheistíochta inghlacthacht an ghnólachta infheistíochta i ndáil leis na rioscaí seo agus an bhfuil an straitéis riosca comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca fhoriomláin;

b. tá treoirlínte agus beartais inmheánacha bunaithe ag an gnólacht infheistíochta chun cultúr riosca fónta a áirithiú;

c. tá creat oiriúnach bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta chun ráta an riosca úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála a bhainistiú, a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú;

d. tá creat oiriúnach ag an ngnólacht infheistíochta chun rioscaí TF a bhainistiú, a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú, agus dóthain acmhainní daonna agus teicniúla (cáilíochtúla agus cainníochtúla);

e. tá beartais agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta chun an riosca oibriúcháin a rialú.

### 6.6.4 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

264. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas a dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le rioscaí eile an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 8. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fachtóirí riosca áirithe, go gcinneann údaráis inniúla iad a mheas agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a thugtar sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

265. Ba cheart d'údaráis inniúla na fachtóirí seo ar fad a bhreithniú go comhthreomhar agus ní ina n-aonar agus teacht ar thuiscint maidir leis na tionscnóirí atá mar bhonn leis na rioscaí nach gclúdaítear i gceanglas Cholún 1 maidir le cistí dílse.

Tábla 8. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór a shannadh le haghaidh rioscaí eile

| Scór riosca | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach | Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus na rialuithe. | • Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca neamhábhartha/riosca iompair an-íseal ann.<br>• Níl na neamhchosaint ar riosca an ráta úis ó ghníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála ábhartha/an-íseal.<br>• Tá an leibhéal de rioscaí oibriúcháin eile nach gclúdaítear i gColún 1, lena n-áirítear go háirithe an riosca TFC mar aon leis na rioscaí rialála, dlí agus fioscacha ábhartha/an-íseal. | • Tá comhsheasmhacht idir straitéis agus inghlacthacht riosca fhoriomláin an ghnólachta infheistíochta agus a chuid rialuithe.<br>• Tá an creat eagraíochtúil láidir agus tá freagrachtaí á leithdháileadh go soiléir agus tá feidhmeanna tiomnaithe bainistíochta agus rialaithe bunaithe. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 | Tá riosca meánach íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca iompair idir íseal agus meánach ann.<br>• Tá an neamhchosaint ar riosca an ráta úis ó ghníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála idir íseal agus meánach.<br>• Tá an leibhéal de rioscaí oibríochtúla eile nach gclúdaítear i gColún 1 idir íseal agus meánach. | • Tá na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. |
| 3 | Tá riosca meánach ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca iompair idir meánach agus ard ann.<br>• Tá an neamhchosaint ar riosca an ráta úis ó ghníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála idir meánach agus ard.<br>• Tá an leibhéal de rioscaí oibriúcháin eile nach gclúdaítear i gColún 1 idir meánach agus ard. | • Tá easnaimh le tabhairt faoi deara i mbainistíocht agus i rialuithe an ghnólachta infheistíochta i gcomparáid lena straitéis agus inghlacthacht riosca fhoriomláin, más cuí.<br>• Faoin gcreat eagraíochtúil níl freagrachtaí á leithdháileadh go soiléir agus níl feidhmeanna tiomnaithe bainistíochta agus rialaithe bunaithe.<br>• Níl na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe leordhóthanach ná sách comhsheasmhach, agus níl faireachán ná tuairisciú ceart á dhéanamh ar rioscaí áirithe. |
| 4 | Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tugann an cineál gníomhaíochtaí le fios go bhfuil riosca iompair ard ann.<br>• Tá an neamhchosaint ar riosca an ráta úis ó ghníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála ard.<br>• Tá an leibhéal de rioscaí oibriúcháin eile nach gclúdaítear i gColún 1 ard. | |

# Teideal 7 Measúnú caipitil SREP

## 7.1 Breithniúcháin ghinearálta

266. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh trí mheasúnú caipitil SREP maidir le cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn na cistí dílse atá á shealbhú ag an ngnólacht infheistíochta clúdach fónta rioscaí do chaipiteal a eascraíonn as gnóthaí rialaithe agus neamhrialaithe atá nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu, nó a chruthaítear do ghnólachtaí eile, má mheastar go bhfuil a leithéid de rioscaí ábhartha don ghnólacht infheistíochta.

267. Ba cheart d'údaráis inniúla é seo a dhéanamh trí chinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse breise an ghnólachta infheistíochta agus méid na gcistí dílse a theastaíonn chun rioscaí agus gnéithe de rioscaí a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta orthu a chlúdach nó na rioscaí a chruthaítear do ghnólachtaí eile, nach bhfuil clúdaithe nó clúdaithe go leordhóthanach ag Cuid Tí agus Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033. Más gá, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglas na gcistí dílse breise chun déileáil le heasnaimh i sásraí rialachais agus rialaithe an ghnólachta infheistíochta, samhlacha inmheánacha a úsáidtear chun críocha rialála, luacháil stuama an leabhair trádála nó chun déileáil le teip arís agus arís eile an ghnólachta infheistíochta leibhéal leordhóthanach treorach maidir le cistí dílse breise a sholáthar. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta an ceanglas maidir le cistí dílse breise a chomhlíonadh i gcónaí.

268. D'fhonn déileáil leis na heasnaimh chaipitil a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear dálaí díobhálacha, ba cheart d'údaráis inniúla bearta maoirseachta oiriúnacha a dhéanamh, lena n-áirítear, más cuí, treoir maidir le cistí dílse breise a fhorbairt agus a roinnt (P2G), arb ionann é agus an méid caipitil a bhfuiltear ag súil a bheidh á shealbhú ag an ngnólacht infheistíochta d'fhonn a áirithiú nach mbíonn luaineachtaí geilleagracha timthriallacha mar bhonn leis an gceanglas maidir le cistí dílse nó cistí dílse breise a bheith á shárú nó cumas an ghnólachta infheistíochta clabhsúr agus deireadh a chur le gníomhaíochta go hordúil.

269. Nuair a bhíonn an ceanglas maidir le cistí dílse breise á shonrú agus, más cuí, P2G, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. aon bhearta maoirseachta a chuir an t-údarás inniúil i bhfeidhm nó atá beartaithe ag an údarás inniúil a chur i bhfeidhm i ndáil le gnólacht infheistíochta de réir Theideal 10 agus ag féachaint do mhír 291 - 293;

   b. an cinneadh ceanglas agus treoir maidir le cistí dílse breise a fhorchur a mhíniú go soiléir;

   c. ceanglas agus treoir maidir le cistí dílse breise ar bhealach comhsheasmhach chun comhsheasmhacht ghinearálta torthaí stuama ar fud gnólachtaí infheistíochta a áirithiú.

270. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanach chistí dílse an ghnólachta infheistíochta agus tionchar na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha air sin mar phríomhchinntitheach maidir le hinmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. Ba chóir an cinneadh seo a mhíniú in achoimre agus a léiriú i scór atá bunaithe ar na critéir a sonraíodh ag deireadh an teidil seo.

271. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh i ndáil leis an gceanglas maidir le cistí dílse breise agus an ceanglas sin a shonrú agus, más cuí, P2G de réir na híos-samhla rannpháirtíochta a sonraíodh i dTeideal 2. Go háirithe, ba cheart go mbeadh an íosmhinicíocht lena gcinntear agus lena socraítear ceanglas breise dá leithéid, agus, más cuí, P2G, ag teacht le minicíocht an mheasúnaithe maidir le leordhóthanacht chaipitil faoi shamhail íos-rannpháirtíochta SREP.

272. Féadfaidh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceanglas maidir le cistí dílse breise do ghnólachtaí infheistíochta beaga agus idirnasctha, agus ba cheart critéir Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2033 a chomhlíonadh, sa chás go meastar gur cuí agus ar bhonn an cháis. Níl gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha dá leithéid faoi réir aon P2G, de bhua Airteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034.

## 7.2 Cinneadh a dhéanamh faoin gceanglas maidir le cistí dílse breise

273. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh faoin gceanglas maidir le cistí dílse breise le haghaidh rioscaí ábhartha agus gnéithe de rioscaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta, agus breithniú a dhéanamh ar gach cás atá liostaithe in Airteagal 40(1) de Threoir (EU) 2019/2034, lena n-áirítear:

a. rioscaí nó gnéithe de rioscaí a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta orthu nó rioscaí atá á gcruthú do ghnólachtaí eile nach gclúdaítear nó nach gclúdaítear go leordhóthanach trí mhéideanna, cineálacha agus dáileadh oiriúnach caipitil de réir Chuid a Trí nó a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033;

b. easnaimh i socruithe, próisis, sásraí agus straitéisí an ghnólachta infheistíochta, mura féidir a leithéid d'easnaimh a réiteach laistigh de thréimhse ama oiriúnach;

c. easnaimh i gcoigeartuithe an ghnólachta infheistíochta i ndáil le luacháil stuama an leabhair trádála ag cur ar a chumas a shuíomhanna a dhíol nó a fhálú laistigh de thréimhse ghearr gan caillteanais ábhartha a thabhú faoi ghnáthdhálaí margaidh;

d. an ceanglas maidir le cur i bhfeidhm na samhlacha inmheánacha ceadaithe atá mar bhonn le leibhéil mhí-oiriúnacha caipitil gan a bheith á chomhlíonadh ag gnólacht infheistíochta; agus

e. teip arís agus arís eile an ghnólachta infheistíochta leibhéal oiriúnach cistí dílse breise a bhunú nó a chothabháil mar atá sonraithe in Airteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034.

274. Ba cheart go mbeadh méid iomlán an cheanglais maidir le cistí dílse breise cothrom le suim an cheanglais maidir le haon chistí dílse breise arna chinneadh ag údaráis inniúla a chlúdaíonn gach cás atá liostaithe sa mhír roimhe seo.

### 7.2.1 Cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse breise chun rioscaí nó gnéithe de rioscaí a chlúdach nach bhfuil clúdaithe nó clúdaithe go cuí ag Cuid a Trí nó a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033

275. Ceanglaítear ar údaráis inniúla leibhéal an cheanglais maidir le cistí dílse breise a shocrú chun rioscaí nó gnéithe de rioscaí a chlúdach nach bhfuil clúdaithe ag nó clúdaithe go cuí ag Cuid a Trí agus Cuid a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033 atá sonraithe tuilleadh sa rialachán tarmligthe ar glacadh leis de réir Airteagal 40(6) de Threoir (AE) 2019/2034 agus de réir an mheasúnaithe riosca a rinneadh faoi Theideal 6.

276. Ba cheart d'údaráis inniúla brath ar na foinsí faisnéise seo a leanas chun a leithéid de rioscaí nó gnéithe de rioscaí a shainaithint, a mheas agus a chainníochtú:

a. maidir le gnólachtaí infheistíochta nach gcomhlíonann na critéir chun cáiliú mar ghnólacht infheistíochta beag nó neamh-idirnasctha mar atá sonraithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, grúpaí gnólachtaí infheistíochta agus gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann na critéir seo sa chás go measann an t-údarás inniúil gur cuí, ICARAP nó an ICARAP comhdhlúthaithe i gcás grúpaí gnólachtaí infheistíochta, agus ar bhonn níos sonraí, an chomhpháirt ICAAP, agus torthaí a mheasúnaithe féin déanta ag an údarás inniúil, lena n-áirítear ríomhanna ICAAP, sa chás go meastar go bhfuil a leithéid iontaofa nó iontaofa i bpáirt de réir mhír 279 - 282;

b. maidir le gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir Threoir 2014/59/AE, an plean téarnaimh agus torthaí an mheasúnaithe déanta ag an údarás inniúil, agus breithniú a dhéanamh ar na ceanglais le haghaidh na bpleananna téarnaimh is infheidhme don ghnólacht infheistíochta atá á athbhreithniú;

c. tuairisciú maoirseachta;

d. torthaí an mheasúnaithe maoirseachta agus aon ríomhanna tagarmhairc;

e. torthaí aon ghníomhaíochtaí maoirseachta ábhartha roimhe seo; agus

f. aon ionchur ábhartha eile, lena n-áirítear ionchur a eascraíonn as idirghníomhaíochtaí agus plé leis an ngnólacht infheistíochta, staidéar margaidh phoiblí nó tuairimí earnála agus punainne.

277. De réir mar a thagraítear dó i mír 276, pointe (a), ba cheart d'údaráis inniúla ICAAP agus torthaí a mheasúnaithe a chur san áireamh mar phríomh-ionchur i ndáil le sainaithint agus measúnú rioscaí agus gnéithe de rioscaí, ag eascairt as gnóthaí neamhrialaithe agus rialaithe, a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta air nó an neamhchosaint a chruthaítear do chliaint agus margaí. Ba cheart go n-áireofaí i gcainníochtú an mhéid caipitil a bhreithnítear atá leordhóthanach agus an ceanglas maidir le cistí dílse breise ina dhiaidh

sin, i measc aschur eile, ríomhanna ICAAP má mheastar go bhfuil a leithéid iontaofa nó iontaofa i bpáirt.

278. De réir mar a thagraítear dó i mír 276, pointe (b), más cuí, ba cheart d'údaráis inniúla an plean téarnaimh agus a mheasúnú a chur san áireamh chun tacú leis an gcinneadh maidir le caipiteal atá oiriúnach chun tacú le clabhsúr ordúil a chur le cúrsaí, mar atá sonraithe freisin sa rialachán tarmligthe ar glacadh leis de réir Airteagal 40(6) de Threoir (AE) 2019/2034. Go sonrach, ba cheart do na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as ionchuir an phlean téarnaimh chun príomhlínte gnó agus feidhmeanna criticiúla, gníomhaíochtaí téarnaimh, socruithe rialachais, céimeanna oibríochtúla agus cásanna a shainaithint. Féadfaidh siad tairbhe a bhaint as na cásanna a úsáideadh sa phlean téarnaimh trí chur lena leibhéal déine ar mhaithe le cás clabhsúir a chomhlíonadh.

## Ríomhanna ICAAP

279. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an dá ghné seo a leanas á gclúdach ag ICAAP:

a. na rioscaí nó na gnéithe de rioscaí a bhfuil an gnólacht infheistíochta nó grúpa an ghnólachta infheistíochta neamhchosanta orthu nó a chruthaítear do ghrúpaí eile ag eascairt as a ghnóthaí agus oibríochtaí atá nó nach bhfuil arna rialú; agus

b. na céimeanna agus na hacmhainní riachtanacha ach chomh maith leis sin na rioscaí nó gnéithe de rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as próiseas clabhsúir ordúil.

280. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na ríomhanna ICAAP a bhaineann le mír 279, pointe (a) agus (b), trí mheasúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil siad sách:

a. comhsheasmhach: ba cheart go mbeadh na rioscaí cainníochtaithe in-chomhthomhaiste leis an tsamhail ghnó, comhdhéanamh na punainne agus straitéis trádála an ghnólachta infheistíochta;

b. gráinneach: ba cheart go gceadódh na modheolaíochtaí ICAAP gur féidir na ríomhanna a mhiondealú de réir an chineáil riosca ar a laghad[21], más féidir, ba cheart iad a mhiondealú bunaithe ar an riosca, seachas ríomh aonair amháin (caipiteal geilleagrach) a sholáthar a chlúdaíonn gach riosca;

c. inchreidte: ba cheart go léireofaí na ríomhanna/modheolaíochtaí a úsáidtear na rioscaí ar mian leo déileáil leo agus ba cheart go mbeidís bunaithe ar eolas agus ar thaithí an ghnólachta infheistíochta nó, más cuí, ar shamhlacha oiriúnacha agus ar thoimhdí stuama;

[21] Clúdaítear sna catagóirí riosca na rioscaí a bhaineann le clabhsúr ordúil, riosca do chliaint, riosca do mhargaí, riosca do ghnólachtaí agus rioscaí eile atá sonraithe sa rialachán tarmligthe ar glacadh leis de réir Airteagal 40(6) de Threoir (AE) 2019/2034.

d. intuigthe: ba cheart go mbeadh tionscnóirí foluiteacha na ríomhanna/modheolaíochtaí sonraithe go soiléir. Níor cheart go nglacfaí le ríomh 'algartamach'; agus

e. inchomparáide: ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí tomhais riosca ICAAP, iad a choigeartú nó a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta iad a choigeartú chun inchomparáideacht le piaraí agus meastacháin tagarmhairc maoirseachta a éascú.

281. Ba cheart d'údaráis inniúla tuilleadh measúnú a dhéanamh ar iontaofacht ríomhanna ICAAP trí iad a chur i gcomparáid le toradh na dtagarmharcanna maoirseachta le haghaidh na rioscaí céanna, nó más féidir comparáid chuí a dhéanamh, leis na catagóirí riosca céanna agus ionchuir ábhartha eile.

282. Ba cheart a bhreithniú go bhfuil ríomh ICAAP iontaofa i bpáirt, sa chás, ainneoin nach bhfuil na critéir thuas go léir á gcomhlíonadh, go ndealraíonn sé go bhfuil an ríomh fós inchreidte, cé gur cheart é sin a dhéanamh ar bhonn eisceachtúil agus go mbeadh céimeanna ag gabháil leis chun na heasnaimh a shainaithnítear sa ríomh ICAAP a fheabhsú.

## Tagarmharcanna maoirseachta

283. Ba cheart d’údaráis inniúla tagarmharcanna maoirseachta a bhaineann riosca sonrach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar mhodh chun dúshlán ríomhanna ICAAP a thabhairt le haghaidh na rioscaí ábhartha sin nó gnéithe de rioscaí den sórt sin, nach bhfuil clúdaithe nó clúdaithe go leordhóthanach ag Cuid a Trí agus Cuid a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033, nó chun tacú tuilleadh le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcatagóir riosca de réir na catagóire riosca, go hinmhianaithe an ceanglas maidir le cistí dílse breise riosca de réir riosca, sa chás go meastar go bhfuil ríomhanna ICAAP le haghaidh na rioscaí ábhartha sin, nó gnéithe de rioscaí den sórt sin, neamhiontaofa nó nach bhfuil siad ar fáil.

284. Ba cheart na tagarmharcanna maoirseachta a fhorbairt trí chuntas a dhéanamh den ualach cur chun feidhme ar údaráis inniúla, sa chás gur féidir beart stuama, comhsheasmhach, trédhearcach agus inchomparáide a chur ar fáil chun comparáid a dhéanamh i ngnólachtaí infheistíochta ar an gcaipiteal a mheastar atá leordhóthanach do chatagóir nó gné riosca ar leith.

285. I bhfianaise éagsúlacht na samhlacha gnó difriúla a bhfuil gnólachtaí infheistíochta freagrach astu, éagsúlachtaí bunaithe ar mhéid agus ar chastacht, d’fhéadfadh nach mbeadh toradh na dtagarmharcanna maoirseachta oiriúnach i ngach cás do gach gnólacht infheistíochta. Ba cheart d’údaráis inniúla dul i ngleic leis sin tríd an tagarmharc is iomchuí a úsáid sa chás go bhfuil roghanna eile ar fáil, agus trí bhreithiúnas a chur i bhfeidhm ar thoradh an tagarmhairc chun cuntas a dhéanamh ar bhreithniúcháin a bhaineann go sonrach le samhail ghnó agus gnólachtaí infheistíochta.

286. Nuair a chuireann údaráis inniúla tagarmharcanna maoirseachta san áireamh chun cinneadh a dhéanamh i ndáil le cistí dílse breise, mar chuid den idirphlé, ba cheart dóibh an réasúnaíocht agus na prionsabail ghinearálta bhunúsacha atá mar bhonn leis na tagarmharcanna a mhíniú.

Ionchuir ábhartha eile

287. Ba cheart d'údaráis inniúla ionchuir ábhartha eile a úsáid chun tacú le cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceanglais a bhaineann le cistí dílse breise bunaithe ar chatagóir riosca na catagóire riosca nó riosca de réir riosca. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na n-ionchur ábhartha eile comparáidí idir piarghrúpaí nó tuarascálacha nó staidéir ábhartha eile.

288. Ba cheart go spreagfadh ionchuir ábhartha eile údaráis inniúla chun athmheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht/iontaofacht ríomh ICAAP/tagarmhairc le haghaidh riosca sonrach nó catagóir riosca, agus/nó coigeartuithe a chur i bhfeidhm ar an toradh, sa chás go bhfuil siad mar bhonn le hamhras maidir le cruinneas an toraidh.

289. Chun comhsheasmhacht a áirithiú nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh i ndáil leis an gceanglas maidir le cistí dílse bunaithe ar chatagóir riosca de réir na catagóire riosca nó riosca de réir riosca, ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as na piarghrúpaí céanna a bunaíodh chun anailís a dhéanamh ar rioscaí do chaipiteal mar atá sonraítear i dTeideal 6.

290. Nuair a chuireann údaráis inniúla ionchuir ábhartha eile san áireamh chun cinneadh a dhéanamh i ndáil leis an gceanglas maidir le cistí dílse breise, mar chuid den idirphlé, ba cheart dóibh an réasúnaíocht agus na prionsabail ghinearálta bhunúsacha atá mar bhonn leis na hionchuir a úsáideadh a mhíniú don ghnólacht infheistíochta.

### 7.2.2 Cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse nó bearta eile chun easnaimh sna samhlacha a úsáideadh chun críocha rialála a chlúdach

291. Más rud é, i rith an athbhreithnithe leanúnaigh ar na cuir chuige inmheánacha de bhua cheanglais Airteagal 37 de Threoir (AE) 2019/2034, go sainaithníonn údaráis inniúla easnaimh sna samhlacha a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le gannmheas na n-íoscheanglas maidir le cistí dílse atá sonraithe i Rialachán (AE) 2019/2033, ba cheart dóibh ceanglas maidir le cistí dílse breise a shonrú le haghaidh easnamh den sórt sin, sa chás go mbreithnítear go bhfuil sé seo níos oiriúnaí ná bearta maoirseachta eile, cosúil lena cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta a samhlacha a choigeartú. Níor cheart ceanglas dá leithéid maidir le cistí dílse a shonrú ach mar bheart eatramhach fad is atáthar ag déileáil leis na heasnaimh.

### 7.2.3 Cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse nó bearta eile chun easnaimh a chlúdach a bhaineann le luacháil stuamachta an leabhair trádála a choigeartú

292. Más rud é i rith a gcuid athbhreithnithe de bhua Airteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034, agus i ndiaidh an mheasúnaithe riosca déanta faoi Theideal 6, go sainaithníonn údaráis inniúla easnaimh sa luacháil stuama ar shuíomhanna leabhar trádála an ghnólachta infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis an gceanglas K-NPR atá sonraithe in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/2033 a bheith á ghannmheas, ba cheart dóibh a gceanglas féidir maidir le cistí dílse breise a shonrú chun a leithéid d'easnaimh a chlúdach. Níor cheart cinneadh a dhéanamh i ndáil le ceanglas maidir le cistí dílse breise dá leithéid ach amháin má tá sé níos oiriúnaí ná aon bhearta maoirseachta eile agus ba cheart é a

chothabháil díreach mar bheart eatramhach go dtí go bhfuiltear i ndiaidh déileáil leis na heasnaimh.

### 7.2.4 Cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse nó bearta eile chun easnaimh eile a chlúdach

293. Ba cheart d'údaráis inniúla cistí dílse breise a shonrú chun easnaimh sna socruithe, próisis, sásraí agus straitéisí nó easnaimh rialachais eile a chlúdach – arna sainaithint bunaithe ar an measúnú riosca a bhfuil cur síos déanta air i dTeideal 4 go 6 – sa chás go meastar nach bhfuil bearta maoirseachta eile leordhóthanach nó oiriúnach chun na ceanglais a chomhlíonadh. Níor cheart d'údaráis inniúla ceanglais maidir le cistí dílse breise dá leithéid a shonrú ach mar bheart eatramhach fad is atáthar ag déileáil leis na heasnaimh.

294. Sa chás go dteipeann arís agus arís eile ar ghnólacht infheistíochta nach comhlíonann na coinníollacha do ghnólacht beag agus idirnasctha atá sonraithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, leibhéal leordhóthanach de chistí dílse breise a chothabháil chun treoir maidir le cistí dílse breise a cuireadh in iúl de réir Airteagal 41(1) de Threoir (AE) 2019/2034 a chlúdach, ba cheart d'údaráis inniúla ceanglas maidir le cistí dílse breise a shonrú chun an riosca breise a chlúdach tráth nach déanaí ná dhá bhliain i ndiaidh shárú na treorach. Féadfaidh údaráis inniúla an cinneadh sin a chur ar atráth sa chás go gceadaíonn siad don ghnólacht infheistíochta feidhmiú faoi bhun leibhéal na treorach mar gheall ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha nó imthosca eile a bhaineann go sonrach leis an ngnólacht.

## 7.3 Ceanglais maidir le cistí dílse a chur in iúl agus iad a fhírinniú

295. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh i ndáil le ceanglas maidir le cistí dílse breise de réir Airteagal 40 (3) de Threoir (AE) 2019/2034, ag am atá sonraithe i mír 271, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a shonrú:

a. méid absalóideach an cheanglais maidir le cistí dílse breise mar thoradh ar an gconclúid bunaithe ar mheasúnú SREP; agus

b. cóimheas an mhéid absalóidigh dá dtagraítear dó i bpointe (a) le ceanglais maidir le cistí dílse an ghnólachta infheistíochta arna chinneadh de réir Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033 tráth sonraithe an mhéid absalóidigh sin dá dtagraítear dó i bpointe (a) ("D") de réir na foirmle seo a leanas:

$$\frac{Méid\ absalóideach\ an\ cheanglais\ maidir\ le\ cistí\ dílse\ breise}{D}$$

296. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil an ceanglas infheidhme maidir le cistí dílse breise cothrom le nó níos airde ná an méid absalóideach dá dtagraítear dó i mír 295, pointe (a) i gcónaí nó méid an cheanglais maidir le cistí dílse breise atá riachtanach chun, sa chás go bhfuil D ag méadú agus go dtí go bhfuil méid absalóideach nua á shonrú mar thoradh ar an measúnú SREP a bheith á thabhairt i gcrích ag údaráis inniúla, an cóimheas dá dtagraítear dó i mír 295, pointe (b).

297. Nuair a bhíonn eolas á roinnt le gnólachtaí infheistíochta maidir leis na ceanglais stuamachta, ba cheart d'údaráis inniúla bunús a lua lena gcinneadh ceanglas maidir le cistí dílse breise a fhorchur agus cur síos soiléir a dhéanamh ar an measúnú iomlán ar na gnéithe atá liostaithe i mír 273 de réir Airteagal 40(5) de Threoir (AE) 2019/2034. Ba cheart go mbeadh an fírinniú bunaithe go sonrach ar an ngnólacht infheistíochta agus ba cheart léargas soiléir a thabhairt ar na príomhthionscnóirí atá mar bhonn leis an gceanglas maidir le cistí dílse breise, lena n-áirítear na rioscaí agus na gnéithe de rioscaí a chuireann le ceanglas dá leithéid maidir le cistí dílse breise. Nuair a bhíonn a gceanglas féin maidir le cistí dílse breise á bhfírinniú ag údaráis inniúla ba cheart dóibh tagairt do na catagóirí riosca ábhartha ar fad, i.e. rioscaí a bhaineann le clabhsúr mí-ordúil, riosca do chliaint, riosca do mhargaí, rioscaí do ghnólachtaí agus rioscaí eile.

298. Nuair a bhíonn an ceanglas maidir le cistí dílse breise á fhírinniú de bhua mhír 273, pointe (b) go (d), ba cheart d'údaráis inniúla na príomheasnaimh atá le clúdach ag na ceanglais seo go dtí go ndéileáiltear leo a shainaithint freisin, de réir mhír 291 go 293. Trí bhearta maoirseachta iomchuí a chur san áireamh de réir Theideal 10, ba cheart go n-iarrfadh údaráis inniúla ar ghnólachtaí infheistíochta gníomhaíochtaí iomchuí a shainaithint chun na heasnaimh sin a cheartú agus amlínte ionchasacha a chur in iúl maidir leis na heasnaimh a cheartú.

## 7.4 Ceanglais a chomhlíonadh i gcomhthéacs luaineachtaí geilleagracha timthriallacha

299. Maidir le gnólachtaí infheistíochta nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha atá sonraithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le leordhóthanacht cistí dílse an ghnólachta infheistíochta sa chás go mbíonn luaineachtaí geilleagracha timthriallacha díobhálacha le cur san áireamh agus cibé acu atá nó nach bhfuil gá le bearta maoirseachta, lena n-áirítear treoir maidir le cistí dílse breise (P2G), pleanáil chaipitil athbhreithnithe agus bearta eile atá sonraithe i dTeideal 10, chun déileáil le heasnaimh fhéideartha.

300. Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha díobhálacha, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar conas a chruthaítear rioscaí nó gnéithe de rioscaí an ghnólachta infheistíochta do ghrúpaí eile nó conas a d'fhéadfaidís a bheith neamhchosanta ar rioscaí dá leithéid thar thréimhse ilbhliantúil, trí thimthriall gnó an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh. Ba cheart go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i leibhéal sonraí an mheasúnaithe seo ag brath ar chastacht na samhla gnó agus ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta.

301. Chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht chaipitil sa chás gur ann do luaineachtaí geilleagracha timthriallacha díobhálacha, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thorthaí cáilíochtúla agus cainníochtúla:

a. más cuí, tástálacha struis maoirseachta nó anailísí íogaireachta;

b. más cuí agus má tá sách iontaofa bunaithe ar an measúnú a rinneadh i dTeideal 5, tástálacha struis nó anailísí íogaireachta gnólachtaí infheistíochta; nó

c. measúnú eile ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha curtha i gcrích ag údaráis inniúla nó ag an ngnólacht infheistíochta bunaithe ar an measúnú a rinneadh i dTeideal 5, má mheastar go bhfuil a leithéid sách iontaofa; nó

302. Bunaithe ar an measúnú de bhua mhír 301, ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an leor nó nach leor cistí dílse an ghnólachta infheistíochta chun na ceanglais infheidhme maidir le cistí dílse a chlúdach, lena n-áirítear an ceanglas maidir le cistí dílse breise, i gcomhthéacs luaineachtaí geilleagracha timthriallacha díobhálacha.

### 7.4.1 P2G a chinneadh agus a shonrú

303. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le P2G mar atá sonraithe sa rannóg seo agus ag am atá sonraithe i mír 271. Sa chás go mbeidh luach dearfach ar thoradh ar an gcinneadh, ba cheart P2G a shonrú chun déileáil le himní mhaoirseachta maidir le híogaireacht an ghnólachta infheistíochta do luaineachtaí geilleagracha timthriallacha díobhálacha.

304. Is ionann P2G agus an méid caipitil a mheastar atá leordhóthanach ba cheart a shonrú chun luaineachtaí geilleagracha timthriallacha a chur san áireamh agus san am céanna cosaint a áirithiú i gcoinne aon sárú féideartha ar cheanglais ábhartha maidir le cistí dílse breise de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/2033 agus an ceanglas maidir le cistí dílse breise arna ríomh de réir Airteagal 39(2), pointe (a) de Threoir (AE) 2019/2034 agus i gcoinne aon bhagartha ar chumas an ghnólachta infheistíochta clabhsúr ordúil a chur le cúrsaí. Sa chás go gcinneann údaráis inniúla nach bhfuil baint ag an ngnólacht infheistíochta lena leithéid de bhaic faoi dhálaí geilleagracha díobhálacha, d'fhéadfadh údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh gan P2G a shonrú.

305. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le P2G agus é a shonrú bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha de réir mhír 301. Ba cheart go gcuimseofaí ina leithéid d'anailísí straitéis agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta, mar aon leis an timpeallacht ina bhfuil sé ag feidhmiú, mar an bunús chun leochaileachtaí agus rioscaí díobhála ag leibhéal an ghnólachta infheistíochta a shainaithint agus léargas a thabhairt ar luaineachtaí geilleagracha ábhartha a bhféadfadh baint a bhaint acu leis an gcóras uile de bhrí gur cuireadh isteach go suntasach ar sholáthar seirbhísí airgeadais mar gheall ar lagú gné shuntasach den chóras airgeadais nó luaineacht shuntasach i ndáil le praghsanna sócmhainní nó go sonrach i ndáil le samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta mar thurraing a bhaineann go sonrach le cineál agus tréimhse thrádáil an ghnólachta infheistíochta thar thréimhse fhadbhreathnaitheach.

306. Chun críche mhír 305, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gclúdaíonn na hanailísí a rinneadh chun P2G a bhunú an méid seo a leanas go leordhóthanach:

a. na rioscaí ábhartha ar fad a bhaineann leis an gceanglas maidir le cistí dílse breise atá sonraithe de réir Airteagal 39(2), pointe (a) de Threoir (AE) 2019/2034; agus

b. cásanna ina dtabhaíonn an gnólacht infheistíochta caillteanais ábhartha a chuireann bac ar reáchtáil a ghnóthaí nó sa chás go mbeadh sé riachtanach clabhsúr a chur le gníomhaíochtaí ar bhealach ordúil.

307. Go ginearálta níor cheart d’údaráis inniúla P2G a úsáid chun gnéithe de rioscaí a chlúdach, gnéithe ba cheart a bheith á gclúdach ag a gceanglas féin maidir le cistí dílse breise de réir Rannóg 7.2 de na treoirlínte seo.

308. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le méid P2G, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil sé sonraithe ag leibhéal atá oiriúnach chun an líon uasta athruithe ar CET1 an ghnólachta infheistíochta ar féidir a bheith ag súil leo a chlúdach agus a áirithiú go bhfuil ceanglais infheidhme maidir le cistí dílse á gclúdach.

309. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le méid P2G, ba cheart d'údaráis inniúla, más cuí, breithniú a dhéanamh ar na fachtóirí seo a leanas:

a. sa chás go bhfuil P2G bunaithe ar thástálacha struis, an t-am a tharlaíonn an t-uastionchar struis i ndáil le túsphointe agus tréimhse ama na gcásanna a úsáideadh sna tástálacha struis;

b. toradh tástáil struis inmheánach gnólacht infheistíochta iontaofa nó anailís íogaireachta an ghnólachta infheistíochta, ag cur sainmhínithe agus toimhdí cásanna sonracha san áireamh, go háirithe sa chás go meastar go bhfuil siad níos ábhartha do shamhail ghnó agus do phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó sa chás go bhfuil na cásanna inmheánacha níos déine ná na cásanna maoirseachta, sa chás go bhfuil a leithéid de chásanna maoirseachta ar fáil;

c. gníomhaíochtaí maolúcháin bainistíochta ábhartha an ghnólachta infheistíochta má mheastar go bhfuil siad inchreidte agus thar a bheith cinnte i ndiaidh measúnú maoirseachta a dhéanamh;

d. eolas a bhaineann le tuairimí maoirseachta maidir le hábharthacht tástálacha struis nó anailísí íogaireachta an ghnólachta maoirseachta nó infheistíochta i ndáil le straitéis, pleananna airgeadais agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta;

e. cinnteacht laghdaithe maidir le híogaireacht iarbhír an ghnólachta infheistíochta do chásanna díobhálacha;

f. aon fhorluí féideartha leis an gceanglas infheidhme maidir le cistí dílse;

g. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta á athstruchtúrú nó á réiteach.

310. Gan dochar do mhír 271, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar leibhéal an P2G má mheastar go bhfuil a leithéid de leibhéal míchruinn bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad atá ar fáil do na húdaráis inniúla. Ba cheart dóibh, ar a laghad, measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an leibhéal reatha P2G oiriúnach agus é a athbhreithniú más gá, sa chás gur fianaise iad na torthaí cáilíochtúla agus cainníochtúla dá dtagraítear dóibh i mír 305 ar athruithe suntasacha i gcomparáid leis an anailís a úsáideadh chun an P2G a shonrú roimhe seo.

311. Tá P2G sonraithe ag údaráis inniúla sa bhreis ar an gcomhpháirt is airde de cheanglais maidir le cistí dílse de réir Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033 agus an cheanglais maidir le cistí dílse breise atá sonraithe de réir Airteagal 39(2), pointe (a) de Threoir (AE) 2019/2034.

### 7.4.2 Cumarsáid agus comhdhéanamh P2G

312. Sa chás go ndéantar P2G a shonrú nó a nuashonrú, ba cheart d'údaráis inniúla a leibhéil agus na teorainneacha ama ábhartha maidir lena bhunú a chur in iúl don ghnólacht infheistíochta de réir mhír 316. Chomh maith leis sin, ba cheart d'údaráis inniúla an fhreagairt mhaoirseachta féideartha i gcásanna nach gcomhlíontar P2G a mhíniú freisin.

313. Sa chás go ndéantar athbhreithniú de réir mhír 310, sa chás nach gcuirtear athbhreithnithe maoirseachta de réir Airteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034 i gcrích, ba cheart d'údaráis inniúla eolas maidir leis an leibhéal nua de P2G a chur in iúl.

314. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur in iúl do ghnólachtaí infheistíochta go bhfuiltear ag súil go mbeidh P2G á chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as cistí dílse incháilithe CET1 agus go bhfuiltear ag súil go gcuimseofar P2G ina bpleanáil chaipitil agus ina gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear an creat inghlacthachta riosca agus, más cuí, pleanáil téarnaimh.

315. Chomh maith leis sin, ba cheart d'údaráis inniúla a chur in iúl do ghnólachtaí infheistíochta nach féidir cistí dílse á sealbhú chun críocha P2G a úsáid chun ceanglais eile maidir le cistí dílse a chomhlíonadh.

316. Nuair a bhíonn teorainneacha ama maidir le P2G a bhunú á sonrú agus á gcur in iúl don ghnólacht infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas, ar a laghad, a bhreithniú:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil gnólacht infheistíochta á athstruchtúrú nó á réiteach; agus

b. na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag P2G atá ainmnithe ag CET1 ar chodanna eile de na ceanglais chaipitil agus ar chumas gnólachtaí infheistíochta ionstraimí breise Leibhéal 1 (AT1) nó Leibhéal 2 (T2) a eisiúint.

### 7.4.3 Pleanáil chaipitil agus bearta maoirseachta eile chun déileáil le leordhóthanacht chaipitil i ndálaí anáis

#### Pleanáil chaipitil

317. Sa chás go bhfuil fianaise le fáil sna torthaí cainníochtúla dá dtagraítear dóibh i Rannóg 7.4, faoi na cásanna díobhálacha sonraithe, nach mbeidh ar chumas gnólacht infheistíochta na ceanglais chaipitil infheidhme a chomhlíonadh, ba cheart d'údaráis inniúla a cheangal go soláthraíonn an gnólacht infheistíochta plean caipitil inchreidte a dhéileálann leis an riosca atá ann nach mbeidh a cheanglais chaipitil infheidhme á chomhlíonadh aige.

318. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le creidiúnacht an phlean caipitil, ba cheart don údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas, mar is cuí:

a. cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn an plean caipitil an méid ama atá luaite leis an díobháil a mheastar a bheidh ann;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil tacar de ghníomhaíochtaí sochreidte maolúcháin agus bainistíochta le fáil sa phlean caipitil;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta toilteanach agus in ann a leithéid de ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun déileáil le sáruithe ar na ceanglais chaipitil infheidhme faoi choinníollacha díobhálacha;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí maolúcháin agus bainistíochta sin faoi réir aon srianta dlí nó aon srianta do chlú;

e. an dóchúlacht go gcuirfeadh an ghníomhaíocht mhaolúcháin agus bhainistíochta sin ar chumas an ghnólachta infheistíochta a cheanglais chaipitil infheidhme a chomhlíonadh go hiomlán laistigh de fhráma ama iomchuí;

f. cibé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir go ginearálta le breithniúcháin mhaicreacnamaíocha agus le hathruithe rialála amach anseo a mbeidh tionchar acu ar ghnólacht infheistíochta laistigh de raon feidhme agus amlíne na gcásanna díobhálacha a nglactar leis a bheith i gceist; agus

g. más cuí, raon na roghanna téarnaimh agus a n-anailís mar atá sonraithe i bplean téarnaimh an ghnólachta infheistíochta.

319. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar phleananna caipitil, ba cheart d'údaráis inniúla, más cuí, i ndiaidh idirphlé éifeachtach leis an ngnólacht infheistíochta, a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta athruithe a chur i bhfeidhm ar na pleananna sin de réir mar is cuí, lena n-áirítear ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá beartaithe nó a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta gníomhaíochtaí maolúcháin breise a dhéanamh a bheadh ábhartha bunaithe ar na cásanna agus ar na coinníollacha maicreacnamaíocha reatha.

320. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith ag súil go gcuirfidh gnólachtaí infheistíochta an plean caipitil athbhreithnithe chun feidhme, lena n-áirítear tuilleadh athruithe arna ndéanamh bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe maoirseachta agus an idirphlé maoirseachta.

## Bearta maoirseachta breise

321. Ba cheart d'údaráis inniúla, más cuí, breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm beart maoirseachta breise atá sonraithe i dTeideal 10, chun a áirithiú go ndéantar an gnólacht infheistíochta a chaipitliú go leordhóthanach i ndálaí díobhálacha.

322. Go háirithe, sa chás gur fianaise iad torthaí cainníochtúla na dtástálacha struis nó na n-anailísí íogaireachta gur dócha go sáróidh an gnólacht infheistíochta a cheanglais chaipitil infheidhme faoin gcás díobhálach laistigh de 12 mhí ina dhiaidh sin, ba cheart d'údaráis inniúla, más cuí, déileáil leis an bhfaisnéis sin mar cheann de na himthosca a d'fhéadfadh a

bheith ann laistigh de bhrí Airteagal 38, pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do na húdaráis inniúla bearta cuí a chur i bhfeidhm de réir Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034 a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéil leordhóthanacha de chistí dílse a áirithiú. Go háirithe, nuair a bhaineann bearta den sórt sin le caipiteal, ba cheart d'údaráis inniúla ceann amháin díobh seo a leanas nó an dá cheann a mheas, mar atá sainmhínithe in Airteagal 39(2), pointe (a) agus (f):

a. a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta méid iomchuí cistí dílse breise a shealbhú i bhfoirm méid ainmniúil, ag féachaint do thoradh an mheasúnaithe SREP;

b. a cheangal go laghdaítear an riosca bunúsach a bhaineann le gníomhaíochtaí, táirgí agus córais an ghnólachta infheistíochta.

## 7.5 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

323. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn na hacmhainní cistí dílse atá ann cheana clúdach fónta ar na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh an gnólachta infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór inmharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 9.

Tábla - Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór a shannadh do leordhóthanacht chaipitil

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| 1 | Cruthaíonn méid na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal íseal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá ar chumas an ghnólachta infheistíochta a P2G a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as caipiteal CET1 atá ar fáil, más cuí.<br>• Tá leibhéal cistí dílse an ghnólachta infheistíochta cothrom le níos mó ná leibhéal a chistí dílse agus an ceanglas maidir le cistí dílse breise agus táthar ag súil gur amhlaidh a bheidh amach anseo.<br>• Níl aon fhianaise le fáil sa mheasúnú ar na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha, lena n-áirítear más cuí, tástáil struis nó anailísí íogaireachta, maidir le haon riosca in-aitheanta a bhaineann le tionchar na luaineachtaí geilleagracha timthriallach ar na cistí dílse.<br>• Tá plean caipitil inchreidte ag an ngnólacht infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach más gá. |
| 2 | Cruthaíonn méid na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal meánach-íseal | • Beidh deacracht ag an ngnólacht infheistíochta a P2G a chomhlíonadh tríd an gcaipiteal CET1 atá ar fáil aige. Bunaithe ar measúnú a rinneadh glactar leis go bhfuil na |

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| | riosca d’inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | gníomhaíochtaí maolúcháin atá bunaithe chun déileáil leis an deacracht seo inchreidte agus éifeachtach.<br>• Tá fianaise le fáil sa mheasúnú a rinneadh ar na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha, lena n-áirítear, más cuí, tástáil struis nó anailísí íogaireachta, ar leibhéal riosca íseal a bhaineann le tionchar na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha ar chistí dílse, ach bunaithe ar mheasúnú a rinneadh glactar leis go bhfuil na gníomhaíochtaí bainistíochta atá bunaithe chun déileáil leis seo inchreidte agus éifeachtach.<br>• Tá plean caipitil inchreidte bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta, ainneoin nach bhfuil sé saor ó riosca, ach d'fhéadfadh sé a bheith éifeachtach más gá. |
| 3 | Cruthaíonn méid na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal meán-ard riosca d’inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Níl a P2G á chomhlíonadh ag an ngnólacht infheistíochta tríd an gcaipiteal CET1 atá ar fáil dó. Tá imní ann maidir le creidiúnacht agus éifeachtacht na gníomhaíochtaí maolúcháin bainistíochta atá bunaithe chun déileáil leis seo.<br>• Tá fianaise le fáil sa mheasúnú ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha, lena n-áirítear más cuí, tástáil struis nó anailísí íogaireachta, ar riosca meánleibhéil maidir le tionchar na luaineachtaí geilleagracha timthriallacha ar chistí dílse. Seans nach ndéileálfaidh na gníomhaíochtaí bainistíochta leis seo ar bhealach atá inchreidte agus éifeachtach.<br>• Tá plean caipitil ag an ngnólacht infheistíochta ar dócha nach mbeidh sé éifeachtach. |
| 4 | Cruthaíonn méid na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal ard riosca d’inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Ní chomhlíonann an gnólacht infheistíochta a P2G (nó níor bhunaigh sé P2G d’aon ghnó) tríd an gcaipiteal CET1 atá ar fáil agus ní bheidh sé in ann é sin a dhéanamh go ceann i bhfad. Glactar leis i measúnú a rinneadh ar ghníomhaíochtaí maolúcháin bainistíochta a bunaíodh chun déileáil leis seo nach bhfuil siad inchreidte ná éifeachtach.<br>• Is léir ó mheasúnú a rinneadh ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha, lena n-áirítear, más cuí, tástáil struis nó anailísí íogaireachta, go mbeadh a cheanglas féin maidir le cistí dílse breise á sárú ag an ngnólacht infheistíochta mar gheall ar luaineachtaí geilleagracha timthriallacha. Seans nach ndéileálfaidh na gníomhaíochtaí bainistíochta leis seo ar bhealach atá inchreidte ná éifeachtach ach oiread. |

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| | | • Níl aon phlean caipitil ag an ngnólacht infheistíochta, nó plean atá neamhleor go follasach. |

# Teideal 8 Riosca leachtachta a mheas

## 8.1 Breithniúcháin ghinearálta

324. Ba cheart d'údaráis inniúla na rioscaí leachtachta atá sainaitheanta mar rioscaí ábhartha don ghnólacht infheistíochta, agus don tslí a bhainistíonn agus a rialaíonn an gnólacht infheistíochta na rioscaí seo, a mheas agus a scóráil.

325. Ba cheart go mbraithfeadh foirmiúlacht agus gráinneacht an mheasúnaithe ar mhéid an ghnólachta infheistíochta, struchtúr agus modh eagraithe inmheánach an ghnólacht infheistíochta agus cineál, raon feidhme agus castacht a ghníomhaíochtaí mar aon leis an riosca do chliaint, riosca do mhargadh agus riosca don ghnólacht infheistíochta. Maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin nach ndéileálann le cuntas dílis, níor cheart go mbeadh an measúnú chomh cuimsitheach céanna, ach maidir leis na gnólachtaí infheistíochta sin a dhéileálann le cuntas dílis, ba cheart go mbeadh an measúnú níos gráinní agus níos cuimsithí.

326. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a dhéileálann le cuntas dílis measúnú leachtachta a dhéanamh, lena n-áirítear ionlae, de réir Airteagal 29(1), pointe (d) de Threoir (AE) 2019/2034. Dá réir sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta a ghlacann páirt i ngníomhaíocht cruthaithe margaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (k) de Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 go cuimsitheach agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn a leithéid de ghnólachtaí infheistíochta gnéithe atá ábhartha dóibh, cosúil le measúnú ar an riosca leachtachta ionlae agus leordhóthanacht na n-acmhainní leachtacha atá ar fáil.

327. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil na híoscheanglais leachtachta atá sonraithe i Rialachán (AE) 2019/2033 agus Treoir (AE) 2019/2034 á gcomhlíonadh ag an ngnólacht infheistíochta. Ba cheart d'údaráis inniúla síneadh a chur le raon feidhme an mheasúnaithe chun teacht ar thuairim chuimsitheach maidir leis an riosca leachtachta.

328. Nuair a bheidh an measúnú ar riosca leachtachta á dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar na foinsí faisnéise seo a leanas ar fad, más cuí:

a. torthaí ón anailís a rinneadh ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí curtha ar fáil ag an ngnólacht infheistíochta agus eolas ón bhfaireachán a rinneadh ar phríomhtháscairí go háirithe sa chás go bhféadfaidís cabhrú le teacht ar thuiscint ar na príomhfhoinsí riosca leachtachta;

b. tuairisciú maoirseachta, agus go háirithe an fhaisnéis a chuir an gnólacht infheistíochta ar fáil ina tuairisciú de bhua Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033;

c. aon tuarascáil thréimhsiúil, tuarascáil chainníochtúil, tuairisc ar ráiteas airgeadais, tuarascálacha inmheánacha de chuid an ghnólachta infheistíochta cosúil le tuarascálacha bainistíochta maidir le leachtacht agus aon fhaisnéis iarrtha ón gcomhlacht infheistíochta ag an údarás inniúil;

d. aon fhaisnéis ón máthairghnólacht infheistíochta más fochuideachta é an gnólacht infheistíochta agus má tá sé san áireamh sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite, agus go háirithe faisnéise maidir le riosca leachtachta gnólachtaí infheistíochta atá páirteach i ngrúpa baincéireachta;

e. torthaí ó aon ghníomhaíochtaí maoirseachta;

f. aon fhaisnéis ó ILAAP an ghnólachta infheistíochta;

g. torthaí agus barúlacha ó thuarascálacha iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh;

h. moltaí agus treoirlínte arna n-eisiúint ag an ÚBE nó ESMA mar aon le rabhaidh agus moltaí arna n-eisiúint ag údaráis macrastuamachta nó ag an BERS; agus

i. riosca sainaitheanta i ngnólachtaí infheistíochta eile a bhfuil úsáid á baint acu as samhail ghnó chosúil.

329. Ba cheart go mbeadh an measúnú ar riosca leachtachta bunaithe ar fhaisnéis atá iontaofa agus cothrom le dáta, agus ba cheart na torthaí a chur san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca leachtachta.

330. Ba cheart d'údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe ar an riosca leachtachta a chur ar fáil in achoimre ar thorthaí ina soláthraítear míniú ar an bpríomhthionscnóirí riosca agus scór.

## 8.2 Riosca leachtachta a mheas

331. Ba cheart d'údaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar shócmhainní leachtacha faoi dhálaí géara ach inchreidte agus conas atá an gnólacht infheistíochta réidh chun na heis-sreafaí struis a mhaolú de réir an chreata bainistíochta riosca leachtachta i Rannóg 8.4 de na treoirlínte seo.

332. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid sócmhainní leachtacha a theastaíonn chun a áirithiú go gcoimeádann an gnólacht infheistíochta leibhéil leordhóthanacha d'acmhainní leachtacha a dhéileálann le foinsí ábhartha do riosca an ghnólacht infheistíochta, lena n-áirítear riosca do chliaint, riosca don mhargadh agus riosca don ghnólacht infheistíochta faoi ghnáthdhálaí géara ach inchreidte chun turraingí neamhghnácha, ar fud an mhargaidh agus comhcheangailte a chlúdach.

333. Nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ar dhálaí géara ach inchreidte maidir le riachtanais leachtachta an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar gach foinse ábhartha de riosca leachtachta, lena n-áirítear riosca do chliaint, riosca don mhargadh agus an riosca don ghnólacht infheistíochta mar aon le hacmhainní leachtacha a theastaíonn do chlabhsúr ordúil féideartha an ghnólachta infheistíochta. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní nó airgead cliant á sealbhú ag an ngnólacht infheistíochta agus a chumas a leithéid de shócmhainní a thabhairt ar ais go tráthúil faoi chásanna atá géar ach inchreidte;

b. cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an gnólacht infheistíochta measúnú ar a riachtanais leachtachta do ghníomhaíochtaí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ag cur an nádúir theagmhasaigh a chuireann ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe le cé chomh casta is atá sé sreafaí a bhaineann le hairgead a bhainistiú;

c. foinsí féideartha eile d'eis-sreafaí airgid lena n-áirítear babhtálacha, roghanna scríofa nó díolta thar an gcuntas (OTC), conarthaí ráta úis eile, conarthaí ráta réamh-mhalairte eachtraí, glaonna ar éarlais agus comhaontuithe maidir le luathfhoirceannadh;

d. má bhaineann deacrachtaí le margaí áirithe a rochtain;

e. má tá ganntanas leachtachta luaite leis na margaí malairte eachtraí;

f. más amhlaidh go bhféadfadh an ráta malairte eachtraí dímheas go géar nuair a dhéanann an gnólacht infheistíochta idirbhearta malairte eachtraí ag scála suntasach; agus

g. má tá an gnólacht infheistíochta atá freagrach as a staideanna neamhchosanta ar riosca leachtachta mar gheall ar an riosca a bhaineann le laghdú ar mhargadhluach staide a bheadh mar bhonn leis an ngá le haghaidh comhthaobhacht nó corrlach breise a cheanglódh go mbeadh sé riachtanach a staideanna a leachtú go tapa.

## Meastóireacht ar riosca leachtachta ionlae

334. Maidir le gnólachtaí infheistíochta a dhéileálann le cuntas dílis, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil leibhéal oiriúnach sócmhainní leachtacha ar ardchaighdeán agus insreafaí leachtachta eile ag an ngnólacht infheistíochta chun eis-sreafaí leachtachta a chlúdach ar bhonn laethúil, lena n-áirítear i rith na tréimhse ionlae. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta atá páirteach i ngníomhaíocht cruthaithe margaidh ar bhealach níos cuimsithí. Ba cheart, áfach, breithniú a dhéanamh ar aon mhaolú riosca leachtachta a sholáthraíonn idirbhearta imréitigh trí chomhalta imréitigh.

335. Ba cheart d'údaráis inniúla a measúnú a bhunú ar anailís an ghnólachta infheistíochta ar riosca leachtachta ionlae de réir Airteagal 29(1), pointe (d) de Threoir (AE) 2019/2034. Ba cheart leachtacht ionlae a mheas faoi ghnáthchoinníollacha géara atá inchreidte.

336. Chun críocha an mheasúnaithe a dhéanamh ar an riosca leachtachta ionlae, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an n-imréitíonn an gnólacht infheistíochta a shuíomhanna trí chomhaltaí imréitigh nó an bhfeidhmíonn sé i margadh thar an gcuntar. Má tá an gnólacht infheistíochta ráthaithe ag comhalta imréitigh nó ag aon pháirtí eile, ba cheart don údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na ráthaíochtaí i ndáil leis an riosca leachtachta a mhaolú.

337. Chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais leachtachta faoi ghnáthchoinníollacha agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an riosca leachtachta ionlae, ba cheart d'údaráis inniúla tacú leis an anailís trí fhianaise ó thuarascálacha agus faisnéis inmheánach an ghnólachta infheistíochta, agus ó shonraí tuairiscithe maoirseachta mar atá sonraithe sa rialachán cur chun feidhme arna ghlacadh de réir Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2019/2033.

338. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint an ghnólachta infheistíochta ar riosca leachtachta ionlae, lena n-áirítear infhaighteacht ionlae sócmhainní leachtacha. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh na ceanglais maidir le socraíocht laethúil á gcomhlíonadh lena n-áirítear meastóireacht ar leachtacht ionlae atá ar fáil nó leachtacht inrochtana faoi ghnáthchoinníollacha mar aon le i rith teagmhas airgeadais nó oibríochtúil a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar rochtain leachtachta cosúil le teipeanna TF, srianta dlí maidir le haistriú cistí nó mainneachtain contrapháirtithe trádála.

## Meastóireacht ar acmhainní leachtacha atá ar fáil

339. Maidir le gnólachtaí infheistíochta arb ionann iad agus cruthaitheoirí margaidh mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(1), pointe (k) de Rialachán (AE) Uimh. 236/2012, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na hacmhainní leachtacha atá ar fáil. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnuithe cosúla a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta nach gcáilíonn mar chruthaitheoirí margaidh a mhéid is go measann na húdaráis inniúla atá cuí.

340. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht acmhainní leachtachta gnólachtaí infheistíochta ar cruthaitheoirí margaidh iad atá riachtanach chun a riachtanais leachtachta a chomhlíonadh thar thréimhsí ama éagsúla, lena n-áirítear ar bhonn ionlae. Ba cheart na critéir seo a leanas a chur san áireamh sa mheasúnú seo:

a. na sócmhainní leachtacha atá ar fáil ar bhonn tráthúil d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta faoi ghnáthchoinníollacha géara ach inchreidte;

b. na sócmhainní leachtacha foriomlána atá ar fáil don ghnólacht infheistíochta thar thréimhse iomlán na gcoinníollacha géara ábhartha ach inchreidte;

c. saintréithe coinníollacha géara difriúla ach inchreidte, cosúil le déine agus tréimhse, agus tréimhsí breithnithe mar chuid den mheastóireacht ar riachtanais leachtachta an ghnólachta infheistíochta;

d. méid na sócmhainní a chaithfí a leachtú thar na tréimhsí ama ábhartha; agus

e. cibé acu atá nó nach bhfuil na hacmhainní leachtacha iarbhír, lena n-áirítear caighdeán na sócmhainní leachtacha, i gcomhréir le hinghlacthacht riosca leachtacht an ghnólachta infheistíochta;

f. infhaighteacht agus suntas na n-acmhainní leachtachta curtha ar fáil ag comhalta imréitigh.

341. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chumas gnólachtaí infheistíochta ar cruthaitheoirí margaidh iad airgead a dhéanamh ar a sócmhainní leachtacha go tráthúil chun freastal ar a riachtanais leachtachta le linn tréimhse struis. Ba cheart d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

a. cibé acu an dtástálann nó nach dtástálann an gnólacht infheistíochta a rochtain ar an margadh trí dhíolachán nó trí athcheannach a dhéanamh ar bhonn tréimhsiúil;

b. cibé acu an ann nó nach ann do chomhchruinnithe arda a bhféadfaí glacadh leo mar riosca d'acmhainní leachtacha a bhfuiltear ag súil leo go mícheart;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil na hacmhainní leachtachta ar fáil go héasca agus á rialú ag na comhaltaí foirne ábhartha;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil ainmníocht na sócmhainní leachtacha comhsheasmhach le dáileadh na riachtanas leachtachta de réir airgeadra;

e. sa chás go bhfuil sócmhainní leachtacha ar iasacht ag an ngnólacht infheistíochta, cibé acu an mbeadh nó nach mbeidh siad fós ar fáil chun a eis-sreafaí a chomhlíonadh faoi choinníollacha géara ach inchreidte ag cur glanéifeacht an idirbhirt san áireamh; agus

f. iontaofacht na saoráidí leachtachta tiomanta má tá siad in úsáid ag an ngnólacht infheistíochta.

## Leithdháileadh an mhaoinithe

342. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an riosca do leachtacht, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar shocruithe maoinithe an ghnólachta infheistíochta agus cobhsaíocht na bhfoinsí maoinithe faoi ghnáthchoinníollacha géara ach inchreidte.

343. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht phróifíl maoinithe an ghnólachta infheistíochta trí chuntas a dhéanamh de na critéir seo a leanas ar fad:

a. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáidí an ghnólachta infheistíochta á gcomhlíonadh go leordhóthanach le maoiniú cobhsaí;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil – sa chás go mbaineann an gnólacht infheistíochta le grúpaí – sreafaí rialta inghrúpa leachtachta agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad á sainordú ag conarthaí agus fós i bhfeidhm; agus

c. cibé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an ngnólacht infheistíochta ar shaoráidí creidmheasa ó institiúid creidmheasa nó grúpeintiteas eile nó foinsí maoinithe malartacha eile.

344. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar éagsúlacht na bhfoinsí maoinithe. I rith an mheasúnaithe ba cheart breithniú a dhéanamha r cibé acu an bhfuil an maoiniú urraithe nó neamhurraithe, cosúil le húsáid a bhaint as comhaontuithe athcheannaigh, margaí iasachtaithe urrús, eisiúint fiachas fadtéarmach i margaí poiblí agus príobháideacha, éagsúlacht d'ionstraimí maoinithe gearrthéarmacha cosúil le hiasachtaí bainc agus más cuí, éagsúlacht margaí réigiúnacha.

345. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh easnaimh phoitéinsiúla ag eascairt as próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta, cosúil le neamhréireanna insreafaí agus eis-sreafaí i ngníomhaíochtaí margaidh atá ag sárú teorainneacha inghlactha nó comhchruinnithe iomarcacha foinsí maoinithe, a bheith mar bhonn le riosca leachtachta. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leibhéal spleáchais an ghnólachta infheistíochta ar fhoinsí maoinithe áirithe bunaithe ar sheirbhísí infheistíochta, cineál agus soláthróir na gcistí.

346. Ba cheart d’údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar fhachtóirí a d’fhéadfadh cobhsaíocht an mhaoinithe a laghdú i ndáil le cineál agus saintréithe sócmhainní agus dliteanas araon.

347. Ba cheart d’údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca d’inbhuanaitheacht phróifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta a eascraíonn as comhchruinnithe i bhfoinsí maoinithe. Ba cheart go gcuirfí san áireamh cibé acu an bhfuil contrapháirtithe na ghnólachta infheistíochta ag feidhmiú ar bhonn aonair nó nasctha agus riosca comhchruinnithe eile a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar rochtain an ghnólachta infheistíochta ar mhaoiniú amach anseo. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú seo iontaofacht straitéisí maoinithe malartacha an ghnólachta infheistíochta, agus a leordhóthanacht chomh fada is a bhaineann leis an ngnólacht a chosaint.

## 8.3 Measúnú a dhéanamh ar bhainistíocht an riosca leachtachta

348. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chreact bainistíochta riosca leachtachta an ghnólachta infheistíochta. Le haghaidh gnólachtaí infheistíochta atá níos lú agus nach bhfuil chomh casta sin, ba cheart an measúnú seo a shruthlíniú d'fhonn a chinntiú nach mbeidh ualach iomarcach ar an údarás agus ar an ngnólacht infheistíochta.

### Creat, beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla

349. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat bainistíochta éifeachtach riosca leachtachta bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta a chuireann ar chumas an ghnólachta conas atá sé neamhchosanta ar riosca leachtachta a shainaithint. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil córais fhónta bainistíochta riosca leachtachta agus rialuithe bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta, a chuireann ar chumas an ghnólachta infheistíochta faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a leachtachta, leibhéal an riosca leachtachta agus an tslí a bhfuil beartais agus nósanna imeachta bunaithe á gcomhlíonadh.

350. Ba cheart go mbeadh an creat i gcomhréir le méid, struchtúr agus córas eagraithe inmheánach an ghnólachta infheistíochta agus cineál, raon feidhme agus castacht na ngníomhaíochtaí, agus an riosca do chliaint, riosca don mhargadh agus riosca don ghnólacht infheistíochta. Maidir le gnólachtaí infheistíochta nach ndéileálann le cuntas dílis, b'fhéidir nach mbeidh sé riachtanach an creat bainistíochta riosca leachtachta a scaradh ó bheartais agus ó nósanna imeachta eile a bhaineann le riosca.

351. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an mbreithnítear nó nach mbreithnítear i gcreat bainistíochta riosca an ghnólachta infheistíochta conas atá an gnólacht infheistíochta in ann easnaimh i sócmhainní leachtacha a shainaithint sula dtarlaíonn dálaí anáis.

352. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá an bhfuil nó nach bhfuil béim straitéiseach an ghnólachta infheistíochta chun cumas an ghnólachta infheistíochta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú á áirithiú agus an bhfuil tairbhe á baint as deiseanna gnó nua trí gach timpeallacht margaidh le haghaidh tréimhse shínte gan sócmhainní leachtachta neasacht nó maoiniú breise a fháil.

353. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an gcreat, beartais agus nósanna imeachta do bhainistíocht an riosca leachtachta, ba cheart d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas ar fad a chur san áireamh:

a. cibé acu an bhformheasann nó nach bhformheasann an comhlacht bainistíochta beartais chun an riosca leachtachta a bhainistiú agus an ndéantear iad a phlé agus a athbhreithniú go rialta;

b. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhoireann bhainistíochta shinsearach freagrach as na beartais agus na nósanna imeachta chun riosca leachtachta a bhainistiú a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

c. cibé acu an n-áirithíonn nó nach n-áirithíonn an fhoireann bhainistíochta shinsearach go bhfuil cinntí an chomhlachta bainistíochta á gcur chun feidhme agus á monatóiriú go gníomhach;

d. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an creat bainistíochta riosca leachtachta comhsheasmhach go hinmheánach agus go n-áirithítear go bhfuil ILAAP cuimsitheach, agus go bhfuil sé comhtháite go maithe i creat bainistíochta riosca níos leithne an ghnólachta infheistíochta; agus

e. cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta sainmhínithe i gceart, eagraithe ar bhonn foirmiúil agus curtha in iúl go héifeachtach ar fud an ghnólachta infheistíochta.

354. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat eagraíochtúil oiriúnach bunaithe ag an ngnólacht infheistíochta le haghaidh bainistíocht riosca leachtachta, feidhmeanna tomhais agus rialaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil na córais agus na próisis rialaithe riosca leachtachta agus faireacháin á rialú ag feidhmeanna rialaithe neamhspleácha; agus

b. cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn na feidhmeanna bainistíochta, tomhais agus rialaithe riosca riosca leachtachta sa ghnólacht infheistíochta, agus go háirithe i ngach réimse inar féidir riosca leachtachta a ghlacadh, a mhaolú nó faireachán a dhéanamh air.

## Creat rialaithe inmheánaigh riosca leachtachta

355. Ba cheart d’údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe láidir agus cuimsitheach ag údaráis inniúla agus cosaintí fónta chun an riosca leachtachta a mhaolú nó a theorannú. Féadfar an creat rialaithe leachtachta agus na sásraí cosanta a scaradh ó chreataí nó sásraí rialaithe riosca eile. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar chreataí agus sásraí den chineál sin, ba cheart d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas ar fad a chur san áireamh:

a. cibé acu atá nó nach bhfuil an teorainn agus an creat rialaithe leordhóthanach do chastacht, méid agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta agus cibé acu an léirítear nó nach léirítear tionscnóirí ábhartha difirúla riosca leachtachta, cosúil le neamhréireanna aibíochta, neamhréireanna airgeadra, idirbhearta díorthach, míeanna lasmuigh den chlár comhardaithe agus riosca leachtachta ionlae;

b. cibé acu atá nó nach bhfuil teorainneacha iomchuí agus córais faireacháin curtha chun feidhme ag an ngnólacht infheistíochta atá comhsheasmhach lena inghlacthacht riosca leachtachta;

c. cibé acu atá nó nach bhfuil athbhreithniú rialta á dhéanamh ag na comhlachtaí inniúla nó ag feidhm rialaithe an ghnólachta infheistíochta agus an bhfuil eolas á roinnt go soiléir maidir leis seo laistigh den ghnólacht;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil nósanna imeachta soiléire agus trédhearcacha ann maidir leis an gcaoi a ndéantar faireachán ar chomhlíonadh na dteorainneacha riosca leachtachta aonair agus conas a láimhseáiltear sáruithe teorainneacha (lena n-áirítear nósanna imeachta soiléire géaraithe agus tuairiscithe); agus

e. cibé acu an gcabhraíonn nó nach gcabhraíonn an teorainn agus an creat rialaithe leis an ngnólacht infheistíochta infhaighteacht dóthain sócmhainní leachtacha a áirithiú.

## 8.4 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

356. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le riosca leachtachta an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 10.

Tábla 10. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór a shannadh do riosca leachtachta

| Scór riosca | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach | Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca leachtachta agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Tá riosca neamhábhartha/an-íseal ann.<br>• Tá méid agus comhdhéanamh na sócmhainne leachtachta leordhóthanach agus oiriúnach.<br>• Níl leibhéal na dtionscnóirí riosca leachtachta eile (lena n-áirítear riosca do chlú, neamhábaltacht leachtacht inghrúpa a aistriú) ábhartha/an-íseal.<br>• Baineann riosca neamhábhartha/an-íseal le próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta nó lena cobhsaíocht.<br>• Níl tionscnóirí eile riosca leachtachta (lena n-áirítear riosca do chlú) ábhartha/an-íseal. | • Tá comhsheasmhacht idir creat bainistíochta riosca leachtachta an ghnólachta infheistíochta agus a straitéis agus inghlacthacht riosca foriomlán.<br>• Tá na córais bainistíochta riosca leachtachta agus rialaithe oiriúnach agus i gcomhréir le straitéis bainistíochta riosca agus inghlacthacht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 | Tá riosca meánach íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca leachtachta agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Bíonn riosca idir íseal agus meánach i gceist le neamhréireanna (idir aibíocht, airgeadraí).<br>• Tá riosca idir íseal agus meánach ag baint le méid agus comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta.<br>• Tá leibhéal na dtionscnóirí riosca leachtachta eile (riosca do chlú, neamhábaltacht leachtacht inghrúpa a aistriú) idir íseal agus meánach.<br>• Tá an riosca a bhaineann le próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta agus a chobhsaíocht idir íseal agus meánach.<br>• Tá tionscnóirí riosca leachtachta eile (lena n-áirítear riosca do chlú) idir íseal agus meánach. | riosca an ghnólachta infheistíochta. |
| 3 | Tá riosca meánach ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca leachtachta agus bainistiú agus rialú. | • Bíonn riosca idir meánach agus ard i gceist le neamhréireanna (lena n-áirítear idir aibíocht, airgeadraí).<br>• Tá riosca idir meánach agus ard ag baint le méid agus comhdhéanamh na sócmhainní leachtacha.<br>• Tá leibhéal na dtionscnóirí riosca leachtachta eile (lena n-áirítear riosca do chlú, neamhábaltacht leachtacht inghrúpa a aistriú) idir meánach agus ard.<br>• Tá an riosca a bhaineann le próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta agus a chobhsaíocht idir meánach agus ard.<br>• Tá tionscnóirí riosca leachtachta eile (lena n-áirítear riosca do chlú) idir meánach agus ard. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4 | Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an ngnólacht infheistíochta ag féachaint do leibhéal an riosca leachtachta agus don bhainistíocht agus do na rialuithe. | • Bíonn riosca ard i gceist le neamhréireanna (lena n-áirítear idir aibíocht, airgeadraí).<br>• Tá riosca ard ag baint le méid agus comhdhéanamh na sócmhainní leachtacha.<br>• Tá leibhéal na dtionscnóirí riosca leachtachta eile (lena n-áirítear riosca do chlú, neamhábaltacht leachtacht inghrúpa a aistriú) ard.<br>• Tá an riosca a bhaineann le próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta agus a chobhsaíocht ard.<br>• Tá tionscnóirí riosca leachtachta eile (lena n-áirítear riosca do chlú) ard. | |

# Teideal 9. Breithniú thoradh an mheasúnaithe leachtachta

## 9.1 Breithniúcháin ghinearálta

357. Ba cheart d'údaráis inniúla an measúnú faoi Theideal 8 a úsáid chun an riosca leachtachta a bheidh nó a d'fhéadfadh a bheith le cur san áireamh ag an ngnólacht infheistíochta anois nó amach anseo a shainaithint agus a mheas agus conas a bheidh an gnólacht infheistíochta in ann na rioscaí sin a mhaolú.

358. Ba cheart d'údaráis inniúla an próiseas measúnaithe leachtachta SREP a dhéanamh agus na céimeanna seo a leanas a úsáid:

a. measúnú foriomlán ar leachtacht gnólacht infheistíochta;

b. cinneadh maidir leis an ngá atá le bearta leachtachta sonracha bunaithe ar an rialachán tarmligthe arna ghlacadh de réir Airteagal 42(6) de Threoir (AE) 2019/2034;

c. cinneadh maidir leis an scór leachtachta.

## 9.2 Measúnú foriomlán ar an riosca leachtachta

359. Chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn an leachtacht atá i seilbh gnólacht infheistíochta clúdach iomchuí ar riosca do leachtacht, ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí faisnéise seo a leanas a úsáid:

a. torthaí an mheasúnaithe ar riosca leachtachta;

b. ILAAP an ghnólachta infheistíochta, más cuí; agus

c. ionchuir ábhartha eile cosúil le faisnéis ó chigireachtaí ar an láthair, anailís piarghrúpaí mhaoirseoirí AML/CFT nó tástáil struis, tuarascálacha bainistíochta riosca agus tuarascálacha ad-hoc inmheánacha arna n-iarraidh ag na húdaráis inniúla, más cuí.

360. I ndáil le toradh an mheasúnaithe ar an riosca leachtachta, ba cheart d'údaráis inniúla cuntas a dhéanamh de na torthaí ar fad a bhaineann le gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

a. an riosca leachtachta nach bhfuil clúdaithe ag ceanglais leachtachta atá sonraithe i Rialachán (AE) 2019/2033, lena n-áirítear, más cuí, riosca leachtachta ionlae;

b. rioscaí eile nach bhfuil clúdaithe agus tomhaiste go leordhóthanach ag an ngnólacht infheistíochta, mar thoradh ar ghannmheas eis-sreafaí, rómheas insreafaí, rómheastachán sócmhainní leachtacha nó neamh-infhaighteacht sócmhainní leachtacha ó thaobh oibríochta de, cosúil le sócmhainní nach bhfuil ar fáil lena ndíol agus sócmhainní atá ar fáil go héasca;

c. maoiniú sonrach comhchruinnithe bunaithe ar chontrapháirtithe nó táirge/cineál; agus

d. torthaí ábhartha eile a bhaineann leis na tástálacha struis leachtachta maoirseachta.

361. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar chreat ILAAP an ghnólachta infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil ríomhanna ILAAP inchreidte. Ba cheart glacadh leis go bhfuil ríomhanna úsáidte ag gnólachtaí infheistíochta inchreidte sa chás go gclúdaíonn siad i gceart na rioscaí ar mian leo déileáil leo. Glactar leis go bhfuil ríomhanna intuigthe sa chá go bhfuil miondealú soiléir agus achoimre déanta ar chomhpháirteanna bunúsacha na ríomhanna ILAAP.

362. Ba cheart d’údaráis inniúla an measúnú foriomlán seo a aistriú go scór leachtachta agus maoinithe, ina léirítear tuairim na n-údarás inniúil maidir leis na bagairtí ar inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta a d'fhéadfadh eascairt as an riosca do leachtacht.

## 9.3 Cinneadh faoin ngá atá le ceanglais shonracha leachtachta

363. Sa chás go ndéanann údaráis inniúla cinneadh maidir le ceanglas sonrach leachtachta de réir Airteagal 42 de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas cainníochtúil, a chlúdaítear faoin teideal seo, nó nuair a chuirtear na ceanglais cháilíochtúla i bhfeidhm, a chlúdaítear faoi Theideal 10 de na treoirlínte seo.

364. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceanglas cainníochtúil, ba cheart d'údaráis inniúla a cheanglas go mbeidh méid áirithe sócmhainní leachtacha ann de réir an rialacháin tarmligthe arna ghlacadh de réir Airteagal 42(6) de Threoir (AE) 2019/2034 a mhaolaíonn na heasnaimh sainaitheanta.

## 9.4 Achoimre ar thorthaí agus scóráil

365. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas a dhéanamh, ba cheart d’údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn na hacmhainní leachtachta reatha clúdach maidir leis an riosca a bhfuil nó a d'fhéadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta air. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 11.

Tábla 11. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór a shannadh do leorgacht leachtachta

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| 1 | Ní chruthaíonn suíomh leachtachta agus próifíl maoinithe an ghnólachta infheistíochta aon riosca suntasach d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá leachtacht an ghnólachta infheistíochta os cionn na gceanglas cainníochtúil maoirseachta sonrach agus táthar ag súil go bhfanfaidh siad mar sin amach anseo.<br>• Ní chruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an mhaoinithe aon riosca in-aitheanta i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta.<br>• Ní chuirtear bac ar shaorshreabhadh leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha, nó tá acmhainn fhrithchothromaithe agus leachtacht os cionn na gceanglas maoirseachta ag gach eintiteas. |
| 2 | Cruthaíonn suíomh leachtachta agus próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta riosca íseal d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá acmhainn fhrithchothromaithe an ghnólachta infheistíochta os cionn na gceanglas cainníochtúil maoirseachta sonrach, ach tá riosca ann nach bhfanfaidh cúrsaí mar sin.<br>• Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an mhaoinithe riosca íseal i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá nó d'fhéadfadh go mbeadh bac beag ar shaorshreabhadh na leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, más cuí. |
| 3 | Cruthaíonn suíomh leachtachta agus próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta leibhéal meánach riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá leachtacht an ghnólachta infheistíochta ag meathlú agus/nó faoi bhun na gceanglas cainníochtúil maoirseachta sonrach, agus tá imní ann faoi chumas an ghnólachta infheistíochta na ceanglais sin a chomhlíonadh an athuair ar bhonn tráthúil.<br>• Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an mhaoinithe riosca meánleibhéil i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta.<br>• Cuirtear bac ar shaorshreabhadh leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha. |
| 4 | Cruthaíonn suíomh leachtachta an ghnólachta infheistíochta nó próifíl mhaoinithe riosca ardleibhéil d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá cumas frithchothromaithe an ghnólachta infheistíochta ag meathlú go tapa nó faoi bhun na gceanglas cainníochtúil maoirseachta sonrach, agus níl aon imní mhór ann faoi |

| | | |
|---|---|---|
| | | chumas an ghnólachta na ceanglais sin a chomhlíonadh an athuair ar bhonn tráthúil.<br>• Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an mhaoinithe riosca ardleibhéil níos fadtéarmaí i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó an ghnólachta infheistíochta.<br>• Cuirtear bac suntasach ar shaorshreabhadh leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha. |

# Teideal 10 Measúnú foriomlán SREP agus cur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta

## 10.1 Breithniúcháin ghinearálta

366. Clúdaíonn an teideal seo an teaglaim de thorthaí na measúnuithe ar ghnéithe SREP i measúnú foriomlán SREP. Déileáiltear ann freisin le beartas maoirseachta a bheith á gcur i bhfeidhm ag údaráis inniúla chun déileáil le heasnaimh sainaitheanta trí mheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe SREP. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta a shonraítear i dTreoir (AE) 2019/2034 (Airteagal 38, 39, 40, 41 agus 42) agus sa dlí náisiúnta, agus, más infheidhme, bearta luath-idirghabhála mar atá sonraithe in Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE, nó in aon teaglaim den mhéid thuas.

367. Ba cheart d'údaráis inniúla a gcumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú ar bhonn easnaamh a shainaithnítear i rith na measúnuithe ar na gnéithe aonair de SREP agus measúnú foriomlán SREP, lena n-áirítear an scór, a chur san áireamh agus an méid seo a leanas a bhreithniú:

a. ábharthacht na n-easnamh/leochaileachtaí agus an tionchar stuamachta a d'fhéadfadh a bheith ann mura dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist (i.e. cibé acu atá nó nach bhfuil sé riachtanach déileáil leis an tsaincheist trí bheart sonrach);

b. cibé acu atá nó nach bhfuil na bearta comhsheasmhach le/comhréireach lena measúnú foriomlán ar ghné ar leith de SREP (agus measúnú foriomlán SREP);

c. cibé acu atá nó nach bhfuil gá le bearta maoirseachta nó bearta riaracháin eile chun déileáil le heasnaimh/leochaileachtaí stuamachta a bhaineann le rioscaí ML/TF laistigh dá gcúram maoirseachta i ndiaidh dul i mbun idirchaidrimh le maoirseoirí ábhartha AML/CFT;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil aghaidh tugtha cheana féin ar na heasnaimh/leochaileachtaí nó an bhfuil siad clúdaithe ag bearta eile;

e. cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh an cuspóir céanna bainte amach ag bearta eile a bhfuil tionchar riaracháin agus teicniúil níos lú acu ar an ngnólacht infheistíochta;

f. an leibhéal is fearr agus tréimhse chur i bhfeidhm an bhirt chun an cuspóir maoirseachta a chomhlíonadh; agus

g. an fhéidearthacht go bhféadfadh na rioscaí agus na leochaileachtaí a shainaithnítear a bheith comhghaolmhar nó féin-threisithe, nó an dá rud, rud a chiallaíonn gur gá déine na mbeart maoirseachta a mhéadú.

368. Nuair a bhíonn bearta maoirseachta á gcur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le heasnaimh shonracha a sainaithníodh sa mheasúnú ar na gnéithe SREP, ba cheart d'údaráis inniúla cistí dílse cainníochtúla foriomlána agus ceanglais leachtachta atá le cur i bhfeidhm bunaithe ar na critéir atá sonraithe i dTeidil 7 agus i dTeideal 9 a chur san áireamh.

369. Nuair a bhíonn bearta maoirseachta nó smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm chun déileáil le heasnaimh stuamachta a bhaineann le riosca ML/TF, ba cheart d'údaráis inniúla labhairt le maoirseoirí AML/CFT ionas go ndéileáiltear go cuí le heasnaimh/leochaileachtaí bunúsacha go leordhóthanach trí na bearta iomchuí laistigh de chúram faoi seach na maoirseoirí AML/CFT agus na n-údarás inniúil bunaithe ar a dtuairimí faoi seach.

370. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta a dhéanamh láithreach atá nasctha go díreach le torthaí aon ghníomhaíochtaí maoirseachta.

## 10.2 Measúnú foriomlán SREP

371. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le measúnú foriomlán SREP, ba cheart d'údaráis inniúla torthaí na measúnuithe ar na gnéithe SREP a mheas, go sonrach:

a. na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu;

b. an dóchúlacht go ndéanfaidh rialachas, easnaimh rialaithe agus/nó samhail nó straitéis ghnó an ghnólachta infheistíochta na rioscaí sin a mhéadú nó a mhaolú, nó an gnólacht infheistíochta a neamhchosaint d'fhoinsí riosca nua;

c. cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn cistí dílse agus acmhainní leachtachta an ghnólachta infheistíochta clúdach fónta le haghaidh na rioscaí sin; agus

d. an poitéinseal a bhaineann le hidirghníomhaíocht dhearfach agus dhiúltach idir na gnéithe (féadfaidh údaráis inniúla staid láidir caipitil a mheas mar fhachtóir maolaitheach féideartha i gcás imní áirithe a shainaithnítear i réimse na leachtachta agus an mhaoinithe, nó i gcodarsnacht leis sin, a mheas go bhfuil staid chaipitil lag cur le hábhair imní sa réimse sin).

372. Ar bhonn na mbreithniúchán sin, ba cheart do na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le hinmharthanacht an ghnólachta infheistíochta, arna sainiú mar ghaireacht do phointe neamh-inmharthanachta ar bhonn leordhóthanacht a cistí dílse agus

acmhainní leachtachta, rialachais, rialuithe agus/nó samhail ghnó nó straitéis chun na rioscaí a bhfuil sé nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a chlúdach.

373. Bunaithe ar an gcinneadh seo, ba cheart d'údaráis inniúla:

a. aon bhearta maoirseachta is gá a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní;

b. cinneadh a dhéanamh maidir le hacmhainní maoirseachta agus pleanáil don ghnólacht infheistíochta amach anseo, lena n-áirítear cibé acu ar cheart nó nár cheart aon ghníomhaíochtaí maoirseachta sonracha a phleanáil don ghnólacht infheistíochta;

c. más cuí, cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá le bearta luath-idirghabhála mar atá sonraithe in Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE; agus

d. cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an féidir glacadh leis go bhfuil 'ag teip ar nó gur dócha go dteipfidh' ar an ngnólacht infheistíochta.

374. Ba cheart an measúnú foriomlán SREP a léiriú i scór inmharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 12 agus a dhoiciméadú go soiléir in achoimre ar mheasúnú foriomlán SREP. Ba cheart go n-áireofaí san achoimre bhliantúil seo freisin scór foriomlán SREP agus na scóir a bhaineann le gnéithe de SREP, agus aon torthaí maoirseachta a rinneadh le 12 mhí anuas.

Tábla 12. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir leis an scór foriomlán SREP

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| 1 | Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal íseal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Níl aon ábhar imní ag baint le samhail ghnó agus straitéis an ghnólachta infheistíochta.<br>• Níl aon ábhar imní ag baint le rialachas inmheánach agus socruithe rialaithe ar fud an ghnólachta infheistíochta ina iomláine.<br>• Cruthaíonn rioscaí an ghnólachta infheistíochta do chaipiteal agus leachtacht riosca neamhábhartha/riosca an-íseal maidir le tionchar suntasach stuamachta.<br>• Níl aon ábhar imní ag baint le comhdhéanamh agus cainníocht na gcistí dílse atá á sealbhú.<br>• Níl aon ábhar imní ag baint le staid leachtachta agus próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta.<br>• Más cuí, níl aon imní ag baint le creidiúnacht ná indéantacht phlean téarnaimh an ghnólachta infheistíochta lena n-áirítear a chumas téarnaimh go ginearálta. |

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| 2 | Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal idir meánach agus íseal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá leibhéal idir íseal agus meánach imní ag baint le samhail ghnó agus straitéis an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá leibhéal idir íseal agus meánach imní ag baint le rialachas an ghnólachta infheistíochta nó socruithe rialaithe infheistíochta ar fud an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá leibhéal riosca idir íseal agus meánach ag baint le tionchar suntasach stuamachta mar gheall ar rioscaí do chaipiteal agus leachtacht.<br>• Tá leibhéal idir íseal agus meánach imní faoi chomhdhéanamh agus cainníocht na gcistí dílse atá á sealbhú.<br>• Tá leibhéal idir íseal agus meánach imní faoi staid leachtachta agus/nó próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá leibhéal idir íseal agus meánach imní faoi chreidiúnacht agus indéantacht phlean téarnaimh an ghnólachta infheistíochta lena n-áirítear a chumas téarnaimh go ginearálta. |
| 3 | Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal idir meánach agus ard riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá leibhéal idir meánach agus ard imní faoi shamhail ghnó agus straitéis an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá leibhéal idir meánach agus ard imní faoi rialachas an ghnólachta infheistíochta nó socruithe rialuithe an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá leibhéal idir meánach agus ard riosca ag bain le tionchar suntasach stuamachta mar gheall ar rioscaí do chaipiteal agus leachtacht.<br>• Tá leibhéal idir meánach agus ard imní ag baint le comhdhéanamh agus cainníocht na gcistí dílse atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá leibhéal idir meánach agus ard imní ag baint le staid leachtachta agus/nó próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta.<br>• Más cuí, tá leibhéal idir meánach agus ard imní ag baint le creidiúnacht agus indéantacht phlean téarnaimh an |

| Scór | Tuairim mhaoirseachta | Breithniúcháin |
|---|---|---|
| | | ghnólachta infheistíochta lena n-áirítear a acmhainn téarnaimh go ginearálta. |
| 4 | Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear ardleibhéal riosca d'inmharthanacht an ghnólachta infheistíochta. | • Tá ardleibhéal imní ag baint le samhail ghnó agus straitéis an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá ardleibhéal imní ag baint le rialachas an ghnólachta infheistíochta nó socruithe rialaithe ar fud an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá ardleibhéal riosca ag baint le tionchar suntasach stuamachta mar gheall ar rioscaí do chaipiteal agus leachtacht.<br>• Tá ardleibhéal imní ag baint le comhdhéanamh agus cainníocht na gcistí dílse atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta.<br>• Tá ardleibhéal imní ag baint le staid leachtachta agus/nó próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta.<br>• Más cuí, tá ardleibhéal imní ag baint le creidiúnacht agus indéantacht phlean téarnaimh an ghnólachta infheistíochta lena n-áirítear a acmhainn téarnaimh trí chéile. |
| F | Meastar go bhfuil 'ag teip air nó gur dócha go dteipfidh' ar an ngnólacht infheistíochta. | • Tá riosca láithreach luaite le hinmharthanacht an ghnólachta infheistíochta.<br>• Comhlíonann an gnólacht infheistíochta na coinníollacha a bhaineann le 'teip nó is dócha go dteipfidh ar', mar atá sonraithe in Airteagal 32(4) de Threoir 2014/59/AE[22]. |

375. Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu go bhfuil 'ag teip ar nó gur dócha go dteipfidh ar ghnólacht infheistíochta', mar a léirítear trí scór foriomlán SREP 'F', ba cheart d'údaráis inniúla teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis réitigh chun dul i gcomhairle maidir le torthaí de réir an nóis imeachta a shonraítear in Airteagal 32 de

[22] Go háirithe, tá an t-údarás inniúil den tuairim (1) go sáraíonn an gnólacht infheistíochta, nó go bhfuil gnéithe oibiachtúla ann chun tacú le cinneadh go sáróidh an gnólacht infheistíochta, go luath amach anseo, na ceanglais maidir le húdarú leanúnach ar bhealach a thabharfadh údar maith leis maidir le tarraingt siar an údaraithe ag an údarás inniúil, ar chúiseanna lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, gur thabhaigh an gnólacht infheistíochta caillteanais nó gur dóigh go dtabhóidh sé caillteanais a ídeoidh a chistí dílse go léir nó go suntasach; (2) tá sócmhainní an ghnólachta infheistíochta, nó tá gnéithe oibiachtúla ann chun tacú le cinneadh go mbeidh sócmhainní an ghnólachta infheistíochta, go luath amach anseo, níos lú ná a dhliteanais; nó (3) go bhfuil an gnólacht infheistíochta, nó go bhfuil gnéithe oibiachtúla ann chun tacú le cinneadh nach mbeidh an gnólacht infheistíochta, go luath amach anseo, in ann a fhiacha nó a dliteanais eile a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. In Airteagal 32(4)(d) de Threoir 2014/59/AE sainaithnítear freisin critéir tacaíochta poiblí urghnách chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil ag teip nó gur dócha go dteipfidh ar ghnólacht infheistíochta, ach ní chuirtear na critéir sin san áireamh chun críche SREP agus i ndáil leis an gcinneadh atá á dhéanamh ag na húdaráis inniúla.

Threoir 2014/59/AE. Chomh fada is a bhaineann le gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil faoi réir Threoir 2014/59/AE, ach atá á meas mar 'ag teip nó is dócha go dteipfidh ar', ba cheart d'údaráis inniúla an rannpháirtíocht leis an ngnólacht infheistíochta a fheabhsú chun clabhsúr ordúil a áirithiú.

## 10.3 Beartas caipitil a chur i bhfeidhm

376. Ba cheart d'údaráis inniúla ceanglais maidir le cistí dílse breise a fhorchur agus ionchais maidir le cistí dílse a bhunú trí P2R agus P2G a shonrú de réir Theideal 7.

377. D'ainneoin na gceanglas dá dtagraítear dóibh sa mhír roimhe seo, féadfaidh údaráis inniúla, bunaithe ar na leochaileachtaí agus ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheasúnú ar ghnéithe SREP, bearta caipitil breise a fhorchur lena n-áirítear:

a. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta glanbhrabúis a úsáid chun cistí dílse a neartú de réir Airteagal 39(2), pointe (h) de Threoir (AE) 2019/2034;

b. dáileacháin nó íocaíochtaí úis ón gnólacht infheistíochta chuig scairshealbhóirí, comhaltaí nó sealbhóirí ionstraimí breise Leibhéal 1 a shrianadh nó a thoirmeasc sa chás nach ionann toirmeasc den sórt sin agus teagmhas mainneachtana de chuid an ghnólachta infheistíochta de réir Airteagal 39(2), pointe (i) de Threoir (AE) 2019/2034; agus/nó

c. a cheangal go gcuireann an gnólacht infheistíochta beartas sonrach soláthair i bhfeidhm nó cóireáil sócmhainní i dtéarmaí ceanglas maidir le cistí dílse de réir Airteagal 39(2), pointe (d) de Threoir (AE) 2013/2034.

378. Más rud é, i ndiaidh dul i mbun idirchaidrimh leis an maoirseoir AML/CFT, nach mór do na húdaráis inniúla déileáil le heasnaimh stuamachta/leochaileachtaí a bhaineann le rioscaí ML/TF mar thoradh ar mheasúnú ar ghnéithe SREP, ba cheart d'údaráis inniúla iad sin a áireamh ina mbreithniucháin nuair a bhíonn ceanglas maidir le cistí dílse breise á shonrú sa chás go mbreithnítear go bhfuil sé seo níos oiriúnaí ná bearta maoirseachta eile. Má fhorchuirtear ceanglas breise maidir le cistí dílse breise, ba cheart iad a úsáid mar bheart eatramhach fad is atá aghaidh á tabhairt ar na heasnaimh

## 10.4 Cur i bhfeidhm beart leachtachta

379. Ba cheart d'údaráis inniúla ceanglais shonracha leachtachta a fhorchur de réir an phróisis agus na gcritéar a shonraítear i dTeideal 9.

380. D'ainneoin na gceanglas cainníochtúil sonrach dá dtagraítear dóibh sa mhír roimhe seo, féadfaidh údaráis inniúla, ar bhonn na leochaileachtaí agus na n-easnamh a sainaithníodh sa mheasúnú ar rioscaí do leachtacht agus do mhaoiniú, bearta leachtachta breise a

fhorchur lena n-áirítear, cosúil le ceanglais shonracha maidir le leachtacht de réir Airteagal 39(2), pointe (k) nó Airteagal 42 de Threoir (AE) 2019/2034.

## 10.5 Cur i bhfeidhm beart maoirseachta eile

381. Chun déileáil leis na heasnaimh shonracha a sainaithníodh sa mheasúnú ar ghnéithe SREP, féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar bhearta a chur i bhfeidhm nach bhfuil nasctha go díreach le ceanglais a bhaineann le caipiteal nó leachtacht chainníochtúil. Sa rannóg seo tá liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta féideartha is féidir a chur i bhfeidhm bunaithe ar Airteagal 39 de Threoir (AE) 2019/2034. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta eile a chur i bhfeidhm mar atá sonraithe san Airteagal sin má tá siad seo níos oiriúnaí chun déileáil leis na heasnaimh sainaitheanta a bhfuil cur síos déanta orthu sa rannóg seo. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa rogha beart torthaí an mheasúnaithe a rinneadh de réir Theideal 4, 5, 6 agus 8 de na treoirlínte seo.

### Anailís ar shamhail ghnó

382. Glacfar leis go n-áireofar sna bearta maoirseachta a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le heasnaimh atá sainaitheanta sa BMA ceangal a chur ar an ngnólacht infheistíochta socruithe rialachais agus rialaithe a choigeartú chun cabhrú le cur chun feidhme na samhla agus na straitéise gnó, nó srian a chur le gníomhaíochtaí gnó áirithe.

383. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta coigeartuithe chur i bhfeidhm ar na socruithe bainistíochta agus rialaithe riosca, nó ar shocruithe rialachais, chun teacht leis an tsamhail nó straitéis ghnó, trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear:

   a. an plean airgeadais atá sonraithe sa straitéis a choigeartú, mura bhfuil pleanáil caipitil inmheánach nó toimhdí inchreidte ag tacú leis;

   b. a cheangal go ndéanfaí athruithe ar struchtúir eagraíochtúla, go mbeidh feidhmeanna agus socruithe bainistíochta agus rialaithe á dtreisiú chun tacú le cur chun feidhme na samhla nó na straitéise gnó; agus/nó

   c. a cheangal go gcuirfí athruithe i bhfeidhm ar agus go dtreiseofar córais TF chun tacú le cur chun feidhme na samhla nó na straitéise gnó.

384. De réir Airteagal 39(2), pointe (e) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta athruithe a chur i bhfeidhm ar an tsamhail nó ar an straitéis ghnó sa chás:

   a. nach bhfuil socruithe iomchuí eagraíochtúla, rialachais nó rialaithe agus bainistíochta riosca ag tacú leo;

   b. nach bhfuil pleananna caipitil agus oibriúcháin ag tacú leo, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní airgeadais, daonna agus teicneolaíochta (TF) iomchuí; agus/nó

c. go bhfuil imní shuntasach ann faoi inbhuanaitheacht na samhla gnó.

385. De réir Airteagal 39(2), pointe (f) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. ceangal a chur ar ghnólachtaí infheistíochta an riosca bunúsach a bhaineann le táirgí a thionscnaíonn siad/a dháileann siad a laghdú, trí:

- a cheangal go gcuirfí athruithe i bhfeidhm ar na rioscaí bunúsacha a bhaineann le táirgí áirithe; agus/nó

- a cheangal go gcuirfí feabhsuithe i bhfeidhm ar na socruithe rialachais agus rialaithe a bhaineann le forbairt agus cothabháil táirgí;

b. ceangal a chur ar an ngnólacht infheistíochta an riosca bunúsach a bhaineann lena chórais a laghdú, trí:

- a cheangal go mbeidh na córais á bhfeabhsú, nó go mbeidh leibhéal na hinfheistíochta a mhéadú nó go mbeidh dlús á chur le cur chun feidhme córas nua; agus/nó

- a cheangal go mbeidh feabhsuithe á ndéanamh ar na socruithe rialachais agus rialaithe a bhaineann le forbairt agus cothabháil córais;

c. a cheangal go laghdaíonn gnólachtaí infheistíochta an riosca bunúsach a bhaineann lena ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe, trí:

- a cheangal go ndéanfar athruithe ar nó go laghdófar gníomhaíochtaí áirithe agus é mar aidhm an riosca bunúsach a bhaineann leo a laghdú; agus/nó

- a cheangal go bhfeabhsaítear socruithe rialachais agus rialaithe agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe.

## Rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta

386. D'fhéadfadh bearta maoirseachta a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil leis na heasnaimh a shainaithnítear sa mheasúnú ar rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud an ghnólachta infheistíochta a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta na socruithe rialachais agus rialaithe a threisiú, nó an riosca bunúsach a bhaineann lena tháirgí, córais agus oibríochtaí a laghdú. Nuair a bhíonn bearta maoirseachta á gcur i bhfeidhm chun déileáil le heasnaimh sainaitheanta sa mheasúnú ar rialachas inmheánach, ba cheart d'údaráis inniúla cúrsaí a phlé le húdaráis inniúla chun críche Threoir 2014/65/AE ionas go ndéileáiltear ar bhealach comhsheasmhach leis na heasnaimh/leochaileachtaí bunúsacha.

387. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta athruithe a dhéanamh ar a socruithe rialachais foriomlána agus ar a modh eagair, tríd an méid seo a leanas:

- athruithe ar an struchtúr eagraíochtúil nó feidhmiúil, lena n-áirítear línte tuairiscithe;

- leasuithe ar bheartais riosca nó conas a dhéantar iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta; agus/nó

- méadú ar thrédhearcacht na socruithe rialachais;

b. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta athruithe a chur i bhfeidhm san eagraíocht, i gcomhdhéanamh nó i socruithe oibre an chomhlachta bainistíochta;

c. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta a shocruithe foriomlána bainistíochta riosca a neartú, trí:

- athruithe a chur i bhfeidhm ar an inghlacthacht riosca nó é a laghdú, nó ar na socruithe rialachais atá mar bhonn leis an inghlacthacht riosca a shonrú, agus straitéis riosca foriomlán a fhorbairt;

- nósanna imeachta agus samhlacha ICAAP nó ILAAP a fheabhsú, sa chás go meastar nach bhfuil siad oiriúnach don fheidhm;

- feabhas a chur ar chumas tástála struis agus ar an gclár tástála struis foriomlán; agus/nó

- feabhsuithe ar phleanáil theagmhasach;

d. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta socruithe agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a neartú, trí:

- neamhspleáchas agus dóthain comhaltaí foirne a chur ar fáil don fheidhm iniúchta inmheánaigh; agus/nó

- feabhsuithe ar an bpróiseas tuairiscithe inmheánaigh chun a áirithiú go bhfuil an tuairisciú don chomhlacht bainistíochta oiriúnach;

e. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta córais faisnéise nó socruithe leanúnachais gnó a fheabhsú, tríd an méid seo a leanas a cheangal mar shampla:

- feabhsuithe ar iontaofacht na gcóras; agus/nó

- pleananna leanúnachais gnó a fhorbairt agus a thástáil.

388. De réir Airteagal 39(2), pointe (g) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla an méid seo a leanas a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta:

a. beartais luacha saothair a athrú; agus/nó

b. teorainn a chur le luach saothair inathraithe mar chéatadán den ghlanioncam.

389. Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe cháilíochtúil ar chláir tástála struis agus má shainaithnítear easnaimh, d'fhéadfadh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfadh an gnólacht infheistíochta an méid seo a leanas:

a. plean gníomhaíochtaí feabhais a fhorbairt a bheidh dírithe ar chláir agus cleachtais tástála struis a fheabhsú;

b. plean caipitil an ghnólachta infheistíochta a athrú;

c. más cuí, cásanna sonracha forordaithe a rith (nó gnéithe díobh sin) nó úsáid a bhaint as toimhdí sonracha.

## Riosca don chliant

390. Is dócha go mbeidh bearta maoirseachta a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil leis na heasnaimh arna sainaithint sa mheasúnú ar riosca don chliant agus sna socruithe gaolmhara bainistíochta agus rialaithe dírithe ar a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta leibhéal an riosca bhunúsaigh a laghdú nó socruithe bainistíochta agus rialaithe a neartú.

391. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla an méid seo a leanas a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta:

a. deis a thabhairt don chomhlacht bainistíochta nó dá choistí páirt níos gníomhaí a ghlacadh i mbainistíocht an riosca don chliant;

b. an creat eagraíochtúil a fheabhsú d'fhonn a áirithiú go bhfuil seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtach do chliaint agus go bhfuil dóthain acmhainní daonna (cáilíochtúla agus cainníochtúla) agus teicniúla ar fáil (oifig thosaigh agus cúloifig, córais faisnéise);

c. an creat rialaithe a fheabhsú (éifeachtacht agus neamhspleáchas na bhfeidhmeanna rialaithe) chun rioscaí do chliaint a mhaolú;

d. cáilíocht agus minicíocht an tuairiscithe ar an riosca don chliant don chomhlacht bainistíocht agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach a fheabhsú.

392. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, d'fhéadfadh údaráis inniúla an méid seo a leanas a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta:

a. beartas sonrach soláthair a chur i bhfeidhm;

b. na meastacháin inmheánacha maidir le méid an K-fhachtóra don riosca don chliant a choigeartú agus an ceanglas maidir le cistí dílse breise a ríomh.

393. De réir Airteagal 39(2), pointe (e) agus (f) de Threoir (AE) 2019/2034/, féadfaidh údaráis inniúla an méid seo a leanas a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta:

a. an gnó, na hoibríochtaí nó an líonra a theorannú nó a shrianadh;

b. a iarraidh go mbeidh gníomhaíochtaí a chruthaíonn riosca iomarcach d'fhóntacht airgeadais an ghnólachta infheistíochta á ndífheistiú;

c. an riosca bunúsach a bhaineann le gníomhaíochtaí, táirgí (lena n-áirítear neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta, leibhéal an riosca comhchruinnithe) agus córais lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe a laghdú.

## Riosca don Mhargadh

394. Is dócha go mbeidh bearta maoirseachta a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le heasnaimh arna sainaithint sa mheasúnú ar riosca don mhargadh agus sna socruithe gaolmhara bainistíochta agus rialaithe ar a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta leibhéal an riosca bhunúsaigh a laghdú nó socruithe bainistíochta agus rialaithe a neartú.

395. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta déileáil leis na heasnaimh arna sainaithint maidir le cumas an ghnólachta infheistíochta riosca don mhargadh a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú, trí:

a. a áirithiú go léirítear i riosca don mhargadh an ghnólachta infheistíochta inghlacthacht an ghnólachta infheistíochta do riosca don mhargadh agus go bhfuil sé comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca foriomlán;

b. a cheangal go bhfuil creat eagraíochtúil oiriúnach bunaithe mar aon le dóthain acmhainní daonna (cáilíochtúla agus cainníochtúla) agus teicniúla;

c. feabhas a chur ar fheidhmíocht chuir chuige inmheánacha an ghnólachta infheistíochta, nó a chumas cúltástála nó tástála struis;

d. feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht an tuairiscithe chuig comhlacht bainistíochta agus foireann bhainistíochta shinsearach an ghnólachta infheistíochta; agus/nó

e. iniúchtaí inmheánacha níos minice agus mionsonraithe a cheangal agus tagairt a dhéanamh don riosca don mhargadh agus an ceanglas maidir le cistí dílse breise a ríomh.

396. De réir Airteagal 39(2), pointe (e) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. srian a chur ar infheistíocht i dtáirgí áirithe nuair nach n-áirithíonn beartais agus nósanna imeachta an ghnólachta infheistíochta go ndéanfar an riosca ó na táirgí sin a chlúdach agus a rialú go leordhóthanach;

b. ceangal a chur ar an ngnólacht infheistíochta plean a thíolacadh chun a neamhchosaintí ar shócmhainní anásta agus/nó ar shuíomhanna neamhleachtacha a laghdú de réir a chéile; agus/nó

c. a cheangal go mbeidh táirgí airgeadais á ndífheistiú, lena n-áirítear áit nach dtáirgeann próisis luachála an ghnólachta infheistíochta luachálacha coimeádacha.

397. De réir Airteagal 39(2), pointe (f) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta leibhéal bunúsach an riosca don mhargadh a laghdú (trí fhálú nó díol sócmhainní); agus/nó

b. ceangal a chur ar an ngnólacht infheistíochta méid na ndíorthach a shocraítear trí chontrapháirtithe lárnacha (CCPanna) a mhéadú.

## Riosca don ghnólacht

398. Is dócha go ndíreoidh bearta maoirseachta a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le heasnaimh arna sainaithint sa mheasúnú ar an riosca don ghnólacht agus sna socruithe gaolmhara bainistíochta agus rialaithe ar cheangal a chur ar an ngnólacht infheistíochta leibhéal an riosca bhunúsaigh a laghdú nó socruithe bainistíochta agus rialaithe a neartú.

399. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. a áirithiú go léirítear go cuí i straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta inghlacthacht an ghnólachta infheistíochta don riosca don ghnólacht lena n-áirítear sreabhadh trádála laethúil, comhchruinniú agus mainneachtain contrapháirtí, agus go bhfuil sé comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca foriomlán;

b. a cheangal go bhfuil creat eagraíochtúil oiriúnach bunaithe mar aon le dóthain acmhainní daonna (cáilíochtúla agus cainníochtúla) agus teicniúla;

c. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta deis a thabhairt don chomhlacht bainistíochta nó dá choistí ról níos gníomhaí a bheith aige i mbainistíocht an riosca don ghnólacht;

d. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta breithniú a dhéanamh ar riosca don ghó bunúsach nuair a bhíonn táirgí agus córais nua á bhformheas;

e. a cheangal ar an gnólacht infheistíochta sainaithint riosca oibriúcháin a fheabhsú (a bhaineann le sreabhadh trádála laethúil) agus córais tomhais; agus/nó

f. na meastacháin inmheánacha maidir le méid an K-fhachtóra don riosca don ghnólacht a choigeartú agus an ceanglas maidir le cistí dílse breise a ríomh.

400. De réir Airteagal 39(2), pointe (e) agus (f) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta an gnó, na hoibríochtaí nó líonra na ngnólachtaí infheistíochta a theorannú nó a shrianadh (an riosca comhchruinnithe nó an neamhchosaint ar riosca mainneachtana an chontrapháirtí trádála a laghdú);

b. dífheistiú gníomhaíochtaí a chruthaíonn riosca iomarcach d'fhóntacht an ghnólachta infheistíochta a cheangal;

c. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta raon feidhme agus/nó réim na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe a laghdú lena n-áirítear athstruchtúrú nó éirí as socruithe seachfhoinsithe agus aistriú chuig soláthraí seirbhíse eile;

d. a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta neamhchosaintí ar riosca don ghnólacht a mhaolú;

e. gnó, oibríochtaí nó líonra gnólachtaí infheistíochta a shrianadh nó a theorannú nó dífheistiú gníomhaíochtaí a chruthaíonn rioscaí iomarcacha d'fhóntacht gnólacht infheistíochta a iarraidh;

f. a cheangal go laghdófar an riosca bunúsach a bhaineann le gníomhaíochtaí, táirgí agus córais gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear na rioscaí ML/TF a bhfuil impleachtaí stuamachta acu.

## Rioscaí eile do chaipiteal

401. Gan beann ar an gceanglas cistí dílse breise a shealbhú de bhua Airteagal 39(1), pointe (a) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart d'údaráis inniúla breithniu a dhéanamh ar bhearta maoirseachta a chur i bhfeidhm sa chás go bhfuil fianaise maidir le heasnaimh i dtomhas, bainistíocht, monatóiriú agus rialú riosca oibriúcháin an ghnólachta infheistíochta le fáil i dtorthaí SREP nó gníomhaíochtaí maoirseachta eile, lena n-áirítear go háirithe riosca TFC, riosca ráta úis ag eascairt as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála nó aon riosca eile atá ábhartha don ghnólacht infheistíochta.

## Riosca leachtachta

402. De réir Airteagal 39(2), pointe (k) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla:

a. éagsúla idir an maolán leachtachta agus comhsheasmhacht airgeadra idir sócmhainní leachtacha agus glan-eis-sreafaí a cheangal;

b. ceanglais a fhorchur maidir le comhchruinniú na sócmhainní leachtacha arna sealbhú, lena n-áirítear:

- ceanglais maidir le comhdhéanamh phróifíl sócmhainní leachtacha an ghnólachta infheistíochta i ndáil le haicmí sócmhainní, airgeadraí; agus/nó
- caidhpeanna, teorainneacha nó srianta ar chomhchruinnithe maoinithe;

c. srianta a fhorchur ar neamhréireanna aibíochta conarthacha nó iompair ghearrthéarmacha:

- teorainneacha ar neamhréireanna aibíochta (in eatraimh ama shonracha);
- teorainneacha ar íostréimhsí marthanais; agus/nó
- teorainneacha ar spleáchas ar fhoinsí maoinithe gearrthéarmacha áirithe, amhail maoiniú ón margadh airgid.

403. De réir Airteagal 39(2), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfar beart chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh arna sainaithint maidir le cumas an ghnólachta infheistíochta riosca leachtachta a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú, trí:

a. feabhas a chur ar a acmhainn tástála struis chun feabhas a chur ar a chumas foinsí ábhartha riosca leachtachta don ghnólacht infheistíochta a shainaithint agus a chainníochtú;

b. a chumas airgead a chruthú óna shócmhainní leachtacha;

c. a phlean teagmhais leachtachta agus a chreat táscairí luathrabhaidh leachtachta a fheabhsú; agus/nó

d. tuairisciú faisnéise bainistíochta leachtachta do chomhlacht bainistíochta agus foireann bhainistíochta shinsearach an ghnólachta infheistíochta a fheabhsú.

404. De réir Airteagal 39(2), pointe (k) de Threoir (AE) 2019/2034, d'fhéadfadh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfar beart chun próifíl mhaoinithe an ghnólachta infheistíochta a leasú, lena n-áirítear:

a. a spleáchas ar mhargaí maoinithe áirithe (a d’fhéadfadh a bheith luaineach) a laghdú, amhail maoiniú mórdhíola;

b. comhchruinniú a phróifíle maoinithe a laghdú i ndáil le contrapháirtithe, buaicphointí sa phróifíl aibíochta fadtéarmach, (neamhréireanna in) airgeadraí; agus/nó

c. méid na sócmhainní faoi eire a laghdú, agus difríocht a dhéanamh b'fhéidir idir an t-eire iomlán agus ró-chomhthaobhacht.

## 10.6 Freagairt mhaoirseachta do chás nuair nach gcomhlíontar ceanglas maidir le Colún 2

405. Is ceanglas atá ceangailteach ó thaobh dlí é ceanglas Cholún 2 nach mór do ghnólachtaí infheistíochta a chomhlíonadh i gcónaí, lena n-áirítear i rith dálaí anáis. Sa chás nach bhfuil P2R atá sonraithe de réir na dtreoirlínte sin á gcomhlíonadh níos mó, ba cheart do na húdaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar chumhachtaí idirghabhála breise, lena n-áirítear údarú a aistarraingt go díreach má tá inniúlacht dá leithéid acu nó breithniú a dhéanamh a iarraidh ar údaráis inniúla é a dhéanamh chun críche Threoir 2014/65/AE, nó más cuí, bearta luath-idirghabhála agus gníomhaíochtaí réitigh a chur i bhfeidhm, de réir Airteagal 8 de Threoir 2014/65/AE agus de Threoir 2014/59/AE, faoi seach. Nuair a bhíonn na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú acu, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil bearta comhréireach leis na himthosca agus ar a mbreithiúnas maidir le conas is dócha a fhorbróidh an scéal. Ba cheart sárú ar P2R a bhreithniú freisin má chinntear go bhfuil ag teip ar ghnólacht infheistíochta nó gur dócha go dteipfidh ar ghnólacht infheistíochta.

## 10.7 Freagairt mhaoirseachta ar chás nuair nach gcomhlíontar P2G

406. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil méid na gcistí dílse a bhfuil súil leo de réir P2G bunaithe agus á chothabháil ag an ngnólacht infheistíochta le himeacht ama.

407. Nuair a laghdaíonn cistí dílse an ghnólachta infheistíochta, nó nuair is dóchas go laghdóidh siad, faoin leibhéal arna chinneadh ag P2G, ba cheart don údarás inniúil a bheith ag súil go dtabharfaidh an gnólacht infheistíochta fógra dó agus ba cheart dó plean caipitil athbhreithnithe a ullmhú. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh, san fhógra, go míníonn an gnólacht infheistíochta na hiarmhairtí díobhálacha is dócha a chuirfidh brú air a leithéid a dhéanamh agus cad iad na gníomhaíochtaí atá arna shamhlú chun críocha comhlíonadh le P2G a athchóiriú mar chuid d'idirphlé maoirseachta feabhsaithe.

408. Go ginearálta, tá trí chás le breithniú ag údarás inniúil ina bhféadfadh teip ar ghnólacht infheistíochta a P2G a chomhlíonadh.

a. Sa chás go laghdaíonn leibhéal a chistí dílse faoi leibhéal P2G in imthosca a bhaineann go sonrach le gnólacht infheistíochta nó imthosca seachtracha inar tugadh rioscaí a raibh sé beartaithe ag P2G iad a chlúdach faoi deara, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt go sealadach don údarás inniúla feidhmiú faoi leibhéal P2G ar choinníoll go meastar go bhfuil an plean caipitil athbhreithnithe inchreidte de réir na gcritéar atá sonraithe i Rannóg 7.7.3. Chomh maith leis sin, féadfaidh an t-údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar an leibhéal P2G a choigeartú más cuí.

b. Sa chás go laghdaíonn leibhéal na gcistí dílse faoi bhun leibhéal P2G in imthosca a bhaineann go sonrach le gnólacht infheistíochta nó in imthosca seachtracha mar thoradh ar rioscaí nach raibh sé beartaithe ag P2G iad a chlúdach, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith ag súil go méadóidh an gnólacht infheistíochta leibhéal a chistí dílse go dtí leibhéal P2G laistigh d'amlíne iomchuí.

c. Sa chás go dtugann an gnólacht infheistíochta neamhaird ar P2G, nach gcuimsíonn sé é ina chreat bainistíochta riosca nó nach mbunaíonn sé a chistí dílse féin chun P2G a chomhlíonadh laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe de réir mhír 294, féadfaidh na húdaráis inniúla bearta breise maoirseachta a chur i bhfeidhm mar atá sonraithe i Rannóg 10.3 agus i Rannóg 10.5.

Sa chás nár deonaíodh an cead feidhmiú faoi bhun leibhéal P2G dá dtagraítear dó i bpointe (a) agus go bhfuil cistí dílse an ghnólachta infheistíochta faoi bhun leibhéal P2G arís agus arís eile, ba cheart don údarás inniúil ceanglais maidir le cistí dílse breise a fhorchur de réir Theideal 7.

409. D'ainneoin freagairtí maoirseachta ar leith de réir na míre roimhe seo, féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar chur i bhfeidhm na mbeart caipitil agus maoirseachta breise a shonraítear i Rannóg 10.3 agus i Rannóg 10.5, i gcás ina measfar iad a bheith níos iomchuí chun déileáil leis na cúiseanna gur thit na cistí dílse faoin leibhéal arna chinneadh ag P2G.

## 10.8 Idirghníomhaíocht idir bearta maoirseachta agus luath-idirghabhála

410. Le cois na mbeart maoirseachta dá dtagraítear dóibh sa teideal seo, maidir le gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir cheanglais Threoir 2014/59/AE, féadfaidh údaráis inniúla bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm mar atá sonraithe in Airteagal 27 den Treoir sin, ar bearta iad atá beartaithe chun an tacar beart maoirseachta a shonraítear in Airteagal 39 agus in Airteagal 42 de Threoir (AE) 2019/2034 a fhorlíonadh.

411. Ba cheart d'údaráis inniúla bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm gan dochar d'aon bhearta maoirseachta eile, agus nuair a bhíonn bearta luath-idirghabhála á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart dóibh an beart/na bearta is iomchuí a roghnú chun freagairt atá comhréireach leis na himthosca ar leith a áirithiú.

## 10.9 Idirghníomhaíocht idir bearta maoirseachta agus AML/ CFT

412. I gcás ina bhfuil tásca réasúnacha ag údaráis inniúla le linn dóibh a ngníomhaíochtaí maoirseachta a fheidhmiú maidir le heasnaimh i gcórais agus i gcreat rialuithe an ghnólachta infheistíochta nó sa chreat rialachais inmheánaigh a bhaineann le AML/CFT nó ar fhorais réasúnacha a bheith in amhras gur mhéadaigh an gnólacht infheistíochta neamhchosaint ar rioscaí ML/TF, ba cheart dóibh:

a. aird an mhaoirseora AML/CFT a tharraingt ar na heasnaimh agus rioscaí seo a luaithe a sainaithnítear iad;

b. measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag easnaimh agus rioscaí den sórt sin ar chás stuamachta an ghnólachta infheistíochta;

c. idirchaidreamh a dhéanamh le maoirseoirí AML/CFT agus i gcomhréir le sainorduithe agus feidhmeanna na n-údarás faoi seach, breithniú a dhéanamh ar na bearta maoirseachta stuamachta is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus ar na rioscaí sin sa bhreis ar aon bhearta curtha i gcrích ag na maoirseoirí AML/CFT.

413. I gcás ina gcuirtear na húdaráis inniúla ar an eolas nó i gcás ina dtagann siad ar an eolas faoi bhearta maoirseachta nó smachtbhannaí arna bpleanáil nó arna bhforchur ag na maoirseoirí AML/CFT, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar cibé acu an gá nó nach gá agus conas impleachtaí stuamachta féideartha na laigí agus na dteipeanna arna sainaithint ag na maoirseoirí AML/CFT a mhaolú.

# Teideal 11 SREP a chur i bhfeidhm i ngrúpaí gnólachtaí infheistíochta

414. Dírítear faoin teideal seo ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta agus mhodheolaíocht choiteann SREP mar atá sonraithe sna treoirlínte seo maidir le grúpaí gnólachtaí infheistíochta agus a n-eintitis. Chomh maith leis sin, soláthraítear naisc le comhar agus comhordú maoirseachta de bhua Airteagal 48 agus Airteagal 49 de Threoir (AE) 2019/2034 agus de réir an rialacháin tarmligthe arna ghlacadh bunaithe ar Airteagal 48(8) den Treoir sin[23].

415. Sa SREP, ba cheart d'údaráis inniúla na rioscaí ML/TF a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas freisin, ag cur san áireamh ionchur a fuarthas ó mhaoirseoirí ábhartha AML/CFT an Bhallstáit ina bhfuil máthairghnóthas bunaithe chomh maith le maoirseoirí AML/CFT atá freagrach as maoirseacht AML/CFT ar chodanna den ghrúpa atá bunaithe i ndlínsí difriúla, go háirithe measúnú ar rioscaí ML/TF, laigí ábhartha agus sáruithe ar reachtaíocht AML/CFT, atá nasctha leis an struchtúr grúpa trasteorann.

416. Nuair a bhíonn impleachtaí stuamachta rioscaí ML/TF do ghrúpa trasteorann gnólachtaí infheistíochta á measúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis a fhaightear trí rannpháirtíochtaí déthaobhacha leis na maoirseoirí ábhartha AML/CFT agus trína rannpháirtíocht i gcoláistí AML/CFT[24] agus i gcoláistí stuamachta a úsáid.

## 11.1 SREP a chur i bhfeidhm ar ghrúpaí trasteorann

417. Nuair a bhíonn SREP agus na treoirlínte seo á gcur i bhfeidhm ar ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht an ghrúpa ina iomláine, agus ar a eintitis aonair, agus iarracht a dhéanamh dúbailt gan ghá ceanglas maoirseachta a sheachaint. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an bpróiseas a roinnt ina dhá chéim: (1) déanann údaráis inniúla measúnú tosaigh ar eintitis faoina maoirseacht dhíreach, agus (2) comhordaíonn údaráis inniúla an measúnú, sa chás go bhfuil a leithéid bunaithe laistigh de chreat choláistí na maoirseoirí de bhua cheanglais Airteagal 48(2) agus Airteagal 49 de Threoir (AE) 2019/2034.

418. De réir raon feidhme chur i bhfeidhm na dtreoirlínte mar atá sonraithe i dTeideal 1:

[23] EBA/RTS/2021/06 maidir leis na coláistí maoirseoirí do ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta

[24] Coláistí AML/CFT mar a shainítear iad sna Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais ("Treoirlínte maidir le Coláistí AML/CFT").

a. ba cheart do mhaoirseoirí comhdhlúthacháin an measúnú tosaigh a dhéanamh ar an máthairghnóthas agus ar an ngrúpa gnólachtaí infheistíochta ag leibhéal comhdhlúite; agus

b. ba cheart d'údaráis inniúla an measúnú tosaigh a dhéanamh ar na heintitis atá faoina maoirseacht (aonair, nó fo-chomhdhlúite, i gcás inarb ábhartha).

419. I gcás ina gcuirtear na treoirlínte seo i bhfeidhm ar fhochuideachtaí de chuid grúpa trasteorann, ba cheart d'údaráis inniúla d'fhochuideachtaí, nuair a bhíonn a measúnú tosaigh á dhéanamh acu, gnólachtaí infheistíochta a mheas go príomha ar bhonn aonair, i.e. an tsamhail ghnó, an straitéis, rialachas agus rialuithe inmheánacha, rioscaí do chaipiteal agus leachtacht, agus leordhóthanacht chaipitil agus leachtachta eintitis a mheas ar an tslí chéanna is a dhéanfaidís le haghaidh gnólacht infheistíochta neamhspleách. Ba cheart go n-áireofaí sna torthaí ó mheasúnuithe tosaigh dá leithéid, más cuí, sainaithint príomhleochaileachtaí i gcomhthéacs an ghrúpa, a bhféadfadh baint a bheith acu leis an méid a bhfuil gnólacht infheistíochta ag brath ar a mháthairghnóthas/máthairghrúpa le haghaidh tacaíocht mhaoinithe, chaipitil agus theicneolaíoch. Sna measúnuithe tosaigh a dhéantar ar bhonn aonair, ba cheart d'údaráis inniúla machnamh a dhéanamh freisin ar láidreachtaí agus ar fhachtóirí maolaitheacha a bhaineann leis an eintiteas a bheith ag feidhmiú mar chuid den ghrúpa, a d'fhéadfadh a bheith nasctha le tacaíocht theicniúil don ghrúpa agus le socruithe maidir le tacaíocht airgeadais.

420. Ba cheart go bhfeidhmeodh torthaí aon mheasúnaithe tosaigh den sórt sin ar ghnéithe SREP, lena n-áirítear, má shainaithnítear iad, tuairimí maidir le príomhspleáchais an mháthairghnóthas/an mháthairghrúpa, mar ionchur sna measúnaithe agus ba cheart do na húdaráis inniúla iad a phlé faoi chuimsiú choláistí na maoirseoirí a bunaíodh de bhua cheanglais Airteagal 48 de Threoir (AE) 2019/2034.

421. Tar éis an phlé faoi chuimsiú choláistí na maoirseoirí, ba cheart do na húdaráis inniúla a measúnuithe SREP faoi seach a thabhairt chun críche, agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh bunaithe ar thorthaí an phlé leis an gcoláiste.

422. Ba cheart do na húdaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a phlé agus a chomhordú faoi chuimsiú choláistí na maoirseoirí:

a. pleanáil, lena n-áirítear minicíocht, agus amlínte chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla SREP don ghrúpa comhdhlúite;

b. sonraí maidir le cur i bhfeidhm na dtagarmharcanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe SREP;

c. cur chuige maidir le measúnú agus scóráil fochatagóirí rioscaí ina n-aonar, i gcás inar sainaithníodh fochatagóirí den sórt sin mar fhochatagóirí ábhartha;

d. ionchur a cheanglaítear ar an ngnólacht infheistíochta a sholáthar ag leibhéal comhdhlúite agus eintitis chun an measúnú ar ghnéithe SREP a dhéanamh;

e. torthaí an mheasúnaithe, lena n-áirítear na scóir SREP a sannadh do ghnéithe éagsúla, agus an measúnú foriomlán SREP agus an scór foriomlán SREP ag leibhéal comhdhlúite agus eintitis. Nuair a bhíonn an measúnú ar rioscaí aonair do chaipiteal agus leachtacht á bplé, ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na rioscaí a shainaithnítear mar rioscaí ábhartha do na heintitis faoi seach;

f. impleachtaí stuamachta trasteorann a bhaineann le rioscaí agus ábhair imní ML/TF; agus

g. bearta pleanáilte maoirseachta agus luath-idirghabhála, más ábhartha.

## 11.2 Measúnú caipitil SREP agus ceanglais stuamachta a bhaineann go sonrach le gnólachtaí infheistíochta

423. Is cuid den phlé laistigh de choláiste na maoirseoirí é an cinneadh maidir le leordhóthanacht agus ceanglais chaipitil de réir an phróisis a bhfuil cur síos déanta air i dTeideal 7 le haghaidh grúpaí gnólachtaí infheistíochta trasteorann.

424. Ba cheart feidhmiú na gcumhachtaí maoirseachta agus bearta maoirseachta a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil le cistí dílse breise a fhorchur de bhua Airteagal 39(2)(a) de Threoir (AE) 2019/2034 ag leibhéal comhdhlúite nó eintitis aonair mar atá sonraithe i dTeideal 7 a phlé i gcoláiste na maoirseoirí.

425. I gcomhthéacs an phlé maidir le leordhóthanacht leibhéal na gcistí dílse agus lena gcinntear an ceanglas maidir le cistí dílse breise, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a bhreithniú:

a. measúnú ar ábharthacht na rioscaí agus na n-easnamh arna sainaithint ar leibhéal na n-eintiteas comhdhlúite agus aonair araon (i.e. cé na rioscaí atá ábhartha don ghrúpa ina iomláine agus atá ábhartha d'eintiteas amháin) agus leibhéal na gcistí dílse a theastaíonn chun rioscaí den sórt sin a chlúdach;

b. i gcás ina bhfuil easnaimh arna sainaithint sna heintitis go léir, an measúnú agus an fhreagairt mhaoirseachta a chomhordú, agus go háirithe, cinneadh a dhéanamh maidir le cibé ar cheart nó nár cheart bearta a fhorchur ag leibhéal comhdhlúite nó go comhréireach ag leibhéal an eintitis i gcás na n-eintiteas ina bhfuil easnaimh choiteanna le tabhairt faoi deara;

c. torthaí na ríomhanna tagarmharcála maoirseachta a úsáidtear chun ceanglais cistí dílse breise a chinneadh le haghaidh na n-eintiteas uile laistigh den ghrúpa agus ag leibhéal comhdhlúite;

d. ceanglais maidir le cistí dílse breise atá le forchur ar eintitis agus ag leibhéal comhdhlúite chun a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht idir ceanglais na gcistí dílse críochnaitheacha agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le cistí dílse a aistriú ó leibhéal comhdhlúite go leibhéal eintitis; agus

e. cinneadh maidir le P2G le haghaidh máthairghnólacht infheistíochta nó fo-ghnólacht infheistíochta, nó ag leibhéal comhdhlúite.

426. Ba cheart an ceanglas caipitil agus bearta caipitil eile, más cuí, a shonrú ag leibhéil chomhdhlúite agus aonair. Maidir leis an leibhéal fo-chomhdhlúite, níor cheart go gcumhdódh an riachtanas caipitil agus bearta caipitil eile ach máthairghnóthas an ghrúpa fho-chomhdhlúite chun comhaireamh dúbailte na gceanglas maidir le cistí dílse breise arna mbreithniú ag údaráis inniúla le haghaidh fochuideachtaí i mBallstáit eile a sheachaint.

## 11.3 Cur i bhfeidhm beart maoirseachta eile

427. Ba cheart d'údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta trasteorann agus ar a n-eintitis, plé agus comhordú a dhéanamh, más féidir, ar chur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta agus luath-idirghabhála, más cuí, atá ábhartha don ghrúpa agus/nó a eintitis ábhartha chun a áirithiú go gcuirfear na bearta is iomchuí i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndáil leis na leochaileachtaí a sainaithníodh, ag cur gné an ghrúpa san áireamh, lena n-áirítear idirspleáchais agus socruithe inghrúpa mar a pléadh thuas.

428. Ba cheart d'údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht stuama eintiteas a bhaineann le grúpa gnólachtaí infheistíochta trasteorann, nuair a bhíonn bearta maoirseachta nó riaracháin á bhforchur, lena n-áirítear smachtbhannaí ar ghnólachtaí infheistíochta de bhrí gur theip orthu déileáil le heasnaimh a bhaineann le rioscaí ML/TF go cuí, dul i mbun idirchaidrimh leis na maoirseoirí ábhartha AML/CFT.